

Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais | **2013**

Environmental Protection Agency

The Environmental Protection Agency (EPA) is a statutory body responsible for protecting the environment in Ireland. We regulate and police activities that might otherwise cause pollution. We ensure there is solid information on environmental trends so that necessary actions are taken. Our priorities are protecting the Irish environment and ensuring that development is sustainable. The EPA is an independent public body established in July 1993 under the Environmental Protection Agency Act, 1992. Its sponsor in Government is the Department of the Environment, Community and Local Government.

OUR RESPONSIBILITIES

LICENSING

We license the following to ensure that their emissions do not endanger human health or harm the environment:

- waste facilities (e.g., landfills, incinerators, waste transfer stations);
- large scale industrial activities (e.g., pharmaceutical manufacturing, cement manufacturing, power plants);
- intensive agriculture;
- the contained use and controlled release of Genetically Modified Organisms (GMOs);
- large petrol storage facilities;
- waste water discharges;
- dumping at sea.

NATIONAL ENVIRONMENTAL ENFORCEMENT

- Conducting over 1200 audits and inspections of EPA licensed facilities every year.
- Overseeing local authorities' environmental protection responsibilities in the areas of -air, noise, waste, waste-water and water quality.
- Working with local authorities and the Gardaí to stamp out illegal waste activity by co-ordinating a national enforcement network, targeting offenders, conducting investigations and overseeing remediation.
- Prosecuting those who flout environmental law and damage the environment as a result of their actions.

MONITORING, ANALYSING AND REPORTING ON THE ENVIRONMENT

- Monitoring air quality and the quality of rivers, lakes, tidal waters and ground waters; measuring water levels and river flows.
- Independent reporting to inform decision making by national and local government.

REGULATING IRELAND'S GREENHOUSE GAS EMISSIONS

- Quantifying Ireland's emissions of greenhouse gases in the context of our Kyoto commitments.
- Implementing the Emissions Trading Directive, involving over 100 companies who are major generators of carbon dioxide in Ireland.

ENVIRONMENTAL RESEARCH AND DEVELOPMENT

- Co-ordinating research on environmental issues (including air and water quality, climate change, biodiversity, environmental technologies).

STRATEGIC ENVIRONMENTAL ASSESSMENT

- Assessing the impact of plans and programmes on the Irish environment (such as waste management and development plans).

ENVIRONMENTAL PLANNING, EDUCATION AND GUIDANCE

- Providing guidance to the public and to industry on various environmental topics (including licence applications, waste prevention and environmental regulations).
- Generating greater environmental awareness (through environmental television programmes and primary and secondary schools' resource packs).

PROACTIVE WASTE MANAGEMENT

- Promoting waste prevention and minimisation projects through the co-ordination of the National Waste Prevention Programme, including input into the implementation of Producer Responsibility Initiatives.
- Enforcing Regulations such as Waste Electrical and Electronic Equipment (WEEE) and Restriction of Hazardous Substances (RoHS) and substances that deplete the ozone layer.
- Developing a National Hazardous Waste Management Plan to prevent and manage hazardous waste.

MANAGEMENT AND STRUCTURE OF THE EPA

The organisation is managed by a full time Board, consisting of a Director General and four Directors. The work of the EPA is carried out across four offices:

- Office of Climate, Licensing and Resource Use
- Office of Environmental Enforcement
- Office of Environmental Assessment
- Office of Communications and Corporate Services

The GCC is assisted by an Advisory Committee of twelve members who meet several times a year to discuss issues of concern and offer advice to the Board.

ENVIRONMENTAL PROTECTION AGENCY

Tuarascáil Bhliantúil an GCC, 2013

© An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2013

Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an ábhair atá san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a ráthú. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil ná an t-údar/na húdair le freagracht ar bith as caillteanas ná as damáiste a tharla nó a mhaítear a tharla, go páirteach nó ina iomláine, de thoradh ar dhuine ar bith bheith ag gníomhú nó gan bheith ag gníomhú mar gheall ar aon ábhar atá san fhoilseachán seo. Is ceadmhach an foilseachán iomlán seo, nó cuid de a atáirgeadh gan tuilleadh ceada, fad is go n-admhaítear an fhoinse.

Arna foilsiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Éire

Arna dearadh ag Yellowstone Design

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Bosca Oifig Phoist 3000, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman, Éire

Íomhánna le caoinchead ó fhoireann an GCC

Íomhá chlúdaigh – Cuan Ard na Caithne

ISBN: 978-1-84095-549-1

Tá leagan amach na tuarascála seo struchtúrtha agus ailínithe chun ár bPlean Straitéiseach, 2013-2015, a léiriú – *Obair le daoine eile chun Comhshaol Níos Fearr a Chruthú*.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil –
Príomhstaitisticí maidir leis an mBliain 2013

CEADÚNÚ

176
ceadúnas arna n-eisiúint

700+
ceadúnas arna n-athbhreithniú chun féachaint an gá iad a leasú de réir na bhforálacha nua um Astúcháin Thionsclaíocha san Acht EPA 1992, arna leasú

10,000
tuairisceán ceadúnaithe arna meas go leictreonach trí sheirbhísí ríomhthuairiscithe nua

392
ceadúnas arna leasú le go gcloífidís leis an Treoir um Astúcháin Thionsclaíocha

327
leasú teicniúil arna gcur i gcrích

FORFHEIDHMIÚ

€8m
d'fhoráil bhreise airgeadais arna cur i bhfeidhm ag ceadúnaithe

DLÍT

10 Cás ionchúisimh arna dtabhairt fúthu
+
3 Cás DPP arna gcur i gcrích
+
1 Imeacht urghair
+
1 Cás cúirte tráchtála

1.8m+ cuairt
ar láithreán gréasáin an EPA
www.epa.ie

eco-eye

748,000
meánlíon na ndaoine a d'fhéach ar gach eagrán *(tugann an EPA cistiúchán tacaíochta don tsraith)*

1,356 aighneacht
faoi na Dréacht-théarmaí Tagartha le haghaidh Cláir Taighde ar Thionchair Chomhshaoil na Taiscéalaíochta agus na hAstarraingthe Neamhthraidisiúnta Gáis (fraiceáil)

epaResearch
Climate - Water - Sustainability
Identifying pressures • Informing policy • Developing solutions

€68m
arna dheonú chun tacú le 490 tionscadal de chuid chlár an EPA um thaighde comhshaoil 2007-2013

epa BeGreen
PREVENTING WASTE & SAVING MONEY
in 2013

€3.3m
arna infheistiú ag EPA i gcláir éifeachtúlachta acmhainní de chuid BeGreen

€14m
arna shábháil ag fiontair Éireannacha trí chláir BeGreen um dhramhaíl, uisce agus fuinneamh

50%
líon na leapacha óstáin Éireannacha atá rannpháirteach i scéim Fháilteachas Glas an EPA

Táscairí Comhshaoil

Tá sraith de tháscairí lárnacha comhshaoil d'Éirinn curtha i láthair thíos, chomh maith leis an stádas/treocht comhshaoil le haghaidh gach ceann díobh. Féach www.epa.ie/irelandsenvironment/environmentalindicatorsdashboard chun eolas níos mionsonraithe a fháil agus chun féachaint ar na sonraí ábhartha atá cothrom le dáta.

Táscairí um Athrú Aeráide	**Stádas/Treoch**
Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa – Teorainn Phrótacal Kyoto	😐
Réamh-mheastacháin le haghaidh Gás Ceaptha Teasa go dtí 2020	☹
Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa de réir Earnála	😐
Leibhéil Dé-Ocsaíd Charbóin san Atmaisféar	☹

Táscairí Aeir	**Stádas/Treoch**
Cáilíocht an Aeir – Dé-ocsaíd Nítrigine	☺
Cáilíocht an Aeir – Ábhar Cáithníneach	☺
Cáilíocht an Aeir – Ózón ar Leibhéal na Talún	☺
Astaíochtaí Aeir – Ocsaídí Nítrigine	☹

Táscairíí Uisce	**Stádas/Treoch**
Cáilíocht Screamhuisce	😐
Cáilíocht Uisce Abhann	😐
Suíomhanna Abhann Ardchaighdeáin	☹
Cáilíocht Uisce Locha	😐
Cáilíocht Uisce Inbhir agus Cósta	😐
Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh	😐

Táscairí Dramhaíola	**Stádas/Treoch**
Aisghabháil agus Diúscairt Dramhaíola Cathrach	😐
Aisghabháil Dramhaíola ó Phacáistiú	☺
Atreorú Dramhaíola In-Bhithmhillte ó Líonadh Talún	😐
Fás Tuartha ar Dhramhaíl Chathrach	☹

Táscairí Dúlra	**Stádas/Treoch**
Daonraí Éan faoin Tuath	☺
Stádas Caomhantais na nGnáthóg Liostaithe	☹
Stádas Caomhantais na Speiceas Liostaithe	😐
Speicis faoi Bhagairt	😐

Táscairí Comhshaoil agus Sláinte	**Stádas/Treoch**
Cáilíocht Uisce Óil	😐
Cáilíocht Uisce Snámha	😐

CLÁR AN ÁBHAIR

Ráiteas an Ard-Stiúrthóra 3

Bunchuspóir, Fís agus Treoirphrionsabail 7

Struchtúr Eagraíochtúil an GCC 8

Bord Stiúrthóirí an GCC 9

Coiste Comhairleach an GCC 10

Caibidil 1: Rialáil 11

1.1 Ceadúnú 12

1.2 Forfheidhmiú 14

1.3 Treoir 19

Caibidil 2: Eolas 21

2.1 Monatóireacht agus Measúnú 22

2.2. Taighde 28

2.3 Tuairisciú 31

Caibidil 3: Abhcóideacht 35

3.1 Oideachas 36

3.2 Feasacht a Mhúscailt 38

3.3 Iompraíocht a Athrú 42

Caibidil 4: Athrú agus Leasú a Chumasú 45

4.1 Daoine agus Struchtúir 46

4.2 Próisis agus Teicneolaíocht 48

4.3 Rialachas 50

4.1 Cumasc leis an IÉCR 52

Aguisíní 53

Sainchomhairleoirí agus Comhairleoirí arna bhFostú in 2013 54

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 54

Foilseacháin an GCC in 2013 55

Na Ráitis Airgeadais 57

RÁITEAS AN ARD-STIÚRTHÓRA

Bhain an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil cuid mhaith amach in 2013 i ndálaí dúshlánacha, de réir mar a lean sí de leathnú a cuid oibre ar chosaint an chomhshaoil. Ar chuid de na príomhnithe a baineadh amach, bhí:

- Dul i ngleic le riosca truaillithe ó dhamhcha séarachais trí Phlean nua Náisiúnta Cigireachta a chur i bhfeidhm le haghaidh damhcha séarachais agus córais eile fuíolluisce ar an láithreán;
- Forbairt suíomh gréasáin nua don GCC ar a bhfuil gnéithe a dhéanfaidh níos éasca é do dhaoine teacht ar eolas comhshaoil agus idirghníomhú leis an GCC;
- Teicneolaíocht a úsáid chun é a dhéanamh níos éasca, níos tapúla agus níos éifeachtúla dár gceadúnaithe teagmháil a dhéanamh linn agus tuairisciú dúinn;
- An réimse iomlán uirlisí forfheidhmithe atá ar fáil dúinn a úsáid chun ár gceadúnais agus ceadanna a fhorfheidhmiú;
- Obair a dhéanamh le dreamanna eile chun comhtháthú ceisteanna comhshaoil le polasaí agus cinnteoireacht go náisiúnta agus go háitiúil a mholadh;
- Dul chun cinn an-mhaith a dhéanamh leis an gcumasc idir an GCC agus an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch.

TLeag an Plean Straitéiseach is déanaí de chuid an GCC (Feabhra 2013), *Obair le Dreamanna Eile chun Comhshaol Níos Fearr a Bhaint Amach*, leag sé amach na gníomhartha tosaíochta atá á ndéanamh againn idir 2013 agus 2015 inár ról mar rialtóir comhshaoil, soláthraí eolais agus abhcóide ar son an chomhshaoil. Sonraíonn an Plean Straitéiseach naoi dTosaíocht Straitéiseacha a léiríonn na dúshláin chomhshaoil atá roimh an GCC agus an tsochaí i gcoitinne faoi láthair. Seo thíos forbhreathnú achomair ar obair shuntasach a rinneamar in 2013 ar fud na réimsí tosaíochta seo.

EOLAS INROCHTANA:

Cuireann soláthar eolais inrochtana comhshaoil atá tráthúil agus ar féidir teacht air go héasca dár bpáirtithe leasmhara go léir le rannpháirtíocht an phobail i gcinnteoireacht chomhshaoil agus tugann sé an t-eolas atá de dhíth ar dhaoine dóibh ar mhaithe le roghanna nach ndéanann díobháil don chomhshaol a dhéanamh. Sheolamar suíomh gréasáin nua an GCC in 2013, agus thugamar isteach na tionscnaimh seo a leanas:

- **Innéacs Cáilíochta Aeir le haghaidh Sláinte:** innéacs atá bunaithe ar an ngréasán, é ríofa gach uair, agus é ag léiriú cáilíocht aeir reatha ar fud na hÉireann agus ag cur na comhairle cuí sláinte ar fáil.
- **Grafaic Faisnéise:** sraith bileoga eolais grafaic faisnéise agus comhshaoil a bhí forbartha d'ábhair Staid an Chomhshaoil mar chuid de chlár leanúnach an GCC eolas ríthábhachtach comhshaoil a chur i láthair don lucht féachana is mó is féidir.
- **Mo Chomhshaol Áitiúil/Timpeall an Tí:** Cuireann an rannán nua seo de shuíomh gréasáin an GCC atá bunaithe ar léarscáileanna, cuireann sé eolas ar fáil faoi cháilíocht an chomhshaoil ó dhearcadh áitiúil ar ábhair amhail cáilíocht aeir agus uisce, áiseanna rialaithe, mianaigh stairiúla, cineál ithreach agus cumhdach talún.
- **Eolas teaghlaigh**: Cuireadh dhá chuid nua le suíomh gréasáin an GCC tar éis d'aiseolas a bheith faighte ón bpobal: *An Teaghlach agus Dramhaíl agus Eolas teaghlaigh ar dhamhcha séarachais.*
- ***An bhfeiceann tú é? Abair é!* Feidhmchlár le haghaidh an iPhone:** Agus é seolta i bhFeabhra 2013, ligeann an Feidhmchlár do dhaoine truailliú comhshaoil a thuairisciú lena bhfóin féin. Tá Feidhmchlár Android á fhorbairt agus beidh an dá cheann acu comhoiriúnach do www.fixyourstreet.ie.
- **Uisce snámha:** Rinneadh uasghrádú in 2013 ar *Splash.ie* - an suíomh gréasáin náisiúnta eolais ar uisce snámha. Is seirbhís eile atá bunaithe ar léarscáileanna é an suíomh gréasáin seo, agus é ag soláthar eolais faoi cháilíocht uisce snámha, lena n-áirítear rabhaidh nó fógraí atá ann cheana.

CINNTEOIREACHT ATÁ BUNAITHE AR FHIANAISE:

Bíonn cinnteoireacht mhaith ag brath ar shonraí agus fardail chomhshaoil ardcháilíochta atá bunaithe ar fhianaise. Ó bunaíodh í in 1993, tá an GCC tar éis tacaíocht riachtanach a chur ar fáil go leanúnach le haghaidh foirmiú agus cur i bhfeidhm polasaithe agus cinnteoireacht chomhshaoil. Chuir an GCC réimse tuarascálacha éagsúla i dtoll a chéile in 2013 le cabhrú le cinnteoireacht go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta i gcuid mhaith réimsí, amhail gáis cheaptha teasa, astaíochtaí aeir, trádáil astaíochtaí, uisce, truailleáin sheasmhacha orgánacha agus dramhaíl. Chuireamar tacaíocht ar fáil chomh maith i rith Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh sa chéad leath de 2013.

CLÁR TAIGHDE:

Rinne an GCC comhairliúcháin chuimsitheacha in 2013 maidir le treo Chlár Taighde Comhshaoil Náisiúnta an GCC amach anseo suas go dtí 2020, agus sheol an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an tuarascáil dar teideal *Cosaint Comhshaoil trí Thaighde* i Meán Fómhair. Rinneadh cur síos sa tuarascáil ar an ról ríthábhachtach atá ag taighde atá maoinithe ag an GCC i gcur ar fáil fianaise le cabhrú le dúshláin chomhshaoil a aithint agus dul i ngleic leo, i réimsí an athraithe aeráide, uisce agus inbhuanaitheachta. Chomh maith leis sin, leagann sí amach an ról ríthábhachtach atá ag taighde i gcinntiú go gcuirtear polasaithe comhshaoil náisiúnta agus an AE i bhfeidhm ar an mbealach is cost-éifeachtúla, agus i bhforbairt réiteach nuálaíoch chun comhshaol na hÉireann a chosaint.

Chomh maith le tacaíocht riaracháin a chur ar fáil, bíonn an GCC páirteach sa choiste náisiúnta stiúrtha chun taighde a bhainistiú ar Thaiscéalaíocht agus Eastóscadh Neamhghnách Gáis (fraiceáil). Is ceist éiritheach í an fhraiceáil in Éirinn, agus cé nach bhfuil aon druileáil thaiscéalaíoch nó tráchtála ar siúl faoi láthair ar oileán na hÉireann, tá gá le taighde cuimsitheach chun tuiscint a fháil ar a tionchair fhéideartha ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine. Bhí comhairliúchán poiblí ar siúl faoi na Téarmaí Tagartha le haghaidh clár beartaithe taighde agus neartaigh an measúnú ar bhreis is 1,300 aighneacht na Téarmaí Tagartha don taighde.

OBAIR LE DREAMANNA EILE:

Cuireann comhshaol cosanta áit chónaithe ghlan agus shláintiúil ar fáil, agus cuireann sé bonn láidir ar fáil chun geilleagar glas a fhorbairt. Cuireann sé seo deiseanna móra fáis, iomaíochais agus cruthaithe fostaíochta ar fáil in Éirinn. Lean an GCC de theagmháil a dhéanamh in 2013 le hearnálacha agus eagraíochtaí eile chun comhtháthú ceisteanna comhshaoil i bpolasaí agus cinnteoireacht go náisiúnta agus go háitiúil a chinntiú.

D'fhéadfadh torthaí dearfacha comhshaoil a bheith ar infheistíochtaí atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de, amhail na cinn siúd a cuireadh ar fáil faoi Chlár Náisiúnta an GCC um Chosc Dramhaíola, agus d'fhéadfaí coigilteas a dhéanamh do ghnóthaí atá ann cheana. Déanann an GCC an obair seo i gcomhar le comhlachtaí earnála príobháidí agus poiblí, lena n-áirítear FSS, Bord Bia, An Taisce, Fiontraíocht Éireann, An ÚFT (IDA), Teagasc, ÚFIÉ (SEAI), an POS (CSO), ranna rialtais, údaráis áitiúla, agus grúpaí ionadaíocha tionscail amhail CGFÉ (IBEC), GBMÉ (ISME), FAÉ (IFA) agus Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann. Ar na tionscnaimh chomhoibríocha rathúla a bhí ar siúl in 2013, bhí teagmháil le Bord Bia ar fhorbairt an chláir 'Origin Green', cur ar fáil Ionaid 'Fág Anseo' le haghaidh Dramhaíl Ghuaiseach Feirme, tionscnamh nua Feirmeoireachta Níos Cliste, agus comhoibriú nua le FSS chun cur amú bia is féidir a sheachaint a chosc in earnáil an Chúraim Sláinte.

IOMPRAÍOCHT A ATHRÚ:

Mar a bhí luaite maidir leis na tionscnaimh thuas, bhain an Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola, rud a bhí á stiúradh ag an GCC, bhain sé torthaí suntasacha amach i gcosc agus íoslaghdú dramhaíola. Léiríonn réamhthorthaí go ndearnadh coigilteas aitheanta de bhreis ar €14 mhilliún d'fhiontair in 2013. Foilseofar Straitéis nua 6 bliana in 2014. Tá an cur chuige a lean an Clár trína chláir éifeachtúlachta acmhainní faoi *BeGreen* luaite mar an gcleachtas is fearr ag Coimisiún an AE agus ag an ECFE (OECD). Tháinig deireadh le comhairliúchán ar straitéis eile 6 bliana thart ar dheireadh 2013, ar mhaithe le bainistíocht dhramhaíl ghuaiseach na hÉireann a fheabhsú.

SLÁINTE AN DUINE:

Tá ról riachtanach ag cosaint chomhshaol na hÉireann i gcosaint shláinte an phobail. Tugann tionscnaimh amhail an tInnéacs Cáilíochta Aeir ar líne le haghaidh Sláinte tuiscint níos mó do dhaoine ar cháilíocht aeir agus ar a tionchar ar a sláinte. D'fhoilsíomar réimse tuarascálacha taighde in 2013 ar chúrsaí sláinte agus comhshaoil amhail Tonnta Teasa agus Básmhaireacht Mhéadaithe, agus éifeachtaí na Cáilíochta Aeir Taobh Istigh. Rinneadh scóip staidéar Measúnaithe ar Thionchar Sláinte a mheas, agus rinneadh é a chur amach ar tairiscint agus a chríochnú nach mór chomh maith in 2013.

Tháinig Coiste Comhairleach Sláinte an GCC le chéile trí huaire in 2013. Tá ionadaithe ó 11 ghníomhaireacht agus roinn rialtais páirteach ann. Tá an GCC páirteach chomh maith sa choiste trasrialtais a bhí bunaithe ag an Roinn Sláinte le cabhrú le cur i bhfeidhm a straitéise náisiúnta nua: *Éire Shláintiúil - Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe, 2013 – 2025.*

UISCE GLAN:

D'eisigh an GCC Plean Náisiúnta Cigireachta i bhFeabhra 2013 le haghaidh córais chóireála fuíolluisce baile, damhcha séarachais san áireamh, rud a chiallaigh go raibh Éire ag cloí le rialú de chuid na Cúirte Breithiúnais in 2009 ar an gceist seo. Tá cigireacht á déanamh ó lár na bliana agus tá sí dírithe go háirithe ar cheantair ina bhfuil sceitheadh fuíolluisce ina bhaol mór do shláinte an duine nó don chomhshaol. Mar chuid den Phlean, chuir an GCC tús le feachtas chomh maith chun

comhairle a chur ar dhaoine agus cabhrú leo a gcórais a oibriú agus a chothabháil, rud a chuirfeadh an toradh is fearr ar fáil do shláinte an phobail agus don chomhshaol.

Tá feabhsú leanúnach ag teacht ar cháilíocht uisce le blianta beaga anuas mar gheall ar fheabhsuithe ar phróisis rialála, mhonatóireachta, bhainistíochta agus chóireála agus ar an iomlán, tá cáilíocht uisce na hÉireann ar comhchaighdeán leis an uisce i dtíortha eile na hEorpa. Tá feabhsuithe tagtha ar cháilíocht uisce óil chomh maith, agus tá caighdeán réasúnta ard ag baint le cáilíocht uisce snámha go fóill. Ach tá cuid mhaith dúshlán romhainn go fóill le cinntiú go gcosnaítear ár n-uiscí dea-cháilíochta go himleor agus go bhfeabhsaítear uiscí droch-cháilíochta go dea-chaighdeán.

In ainneoin dul chun cinn le déanaí, tá tugtha le fios ag an GCC go bhfuil gá le hinfheistíocht leanúnach bhonneagair chun na hionaid chóireála uisce ólacháin agus fuíolluisce go léir a fheabhsú go caighdeáin inghlactha. Beidh an fóntas nua stáit, Uisce Éireann, cuntasach don GCC, agus í mar rialtóir comhshaoil. Tá roinnt dúshlán roimhe maidir le huisce ólacháin sábháilte agus slán a chur ar fáil don phobal agus a chinntiú nach mbíonn sceitheadh fuíolluisce ina chúis le truailliú; ina measc seo, tá feabhsú an bhonneagair náisiúnta agus tosaíocht a dhéanamh d'oibriú agus cothabháil ionaid chóireála agus líonraí bailiúcháin. Dhírigh crua-aimsir i rith na bliana aird ar leochaileacht soláthairtí uisce ólacháin áirithe dár gcuid. Ba ghá do chuid mhaith daoine a n-uisce a fhiuchadh ós rud é nárbh fhéidir lena gcórais chóireála déileáil le cáilíochtaí éagsúla amhuisce. Go ríthábhachtach, caithfidh na córais chóireála a bheith níos fearr ag déileáil le báisteach throm ionas go gcloífear le caighdeáin cháilíochta uisce ólacháin i rith eachtraí aimsire.

RIALÁIL NÍOS FEARR:

D'fhéach an GCC in 2013 ar réimse iomlán na n-uirlisí forfheidhmithe atá ar fáil dúinn – amhail oideachas agus comhairle, rabhaidh, smachtbhannaí sibhialta agus aisghairm ceadúnas – agus leanamar dár ngníomhaíochtaí rialála feabhsaithe agus bealaí cuir chuige feabhsaithe atá bunaithe ar rioscaí maidir le ceadúnú, forfheidhmiú agus monatóireacht. Críochnaíodh 10 n-ionchúiseamh achoimre agus trí chás de chuid SIP i rith na bliana, agus tosaíodh imeachtaí urghaire i gcás amháin.

Le blianta beaga anuas, tá clár mór anailís ghnó agus forbartha córas curtha i gcrích ag an GCC ina príomhréimsí, is iad sin, ceadúnú agus forfheidhmiú. D'éascaigh seirbhísí nua ríomhthuairiscithe measúnú leictreonach ar thuairim is 10,000 tuairisceán agus teagmhas ó cheadúnaithe in 2013. Tá seirbhísí nua ríomhthuairiscithe ar fáil anois do cheadúnaithe an GCC i réimsí an Uisce Ólacháin, Substaintí Ídithe Ózóin agus Gáis Cheaptha Teasa Fhluairínithe, agus maidir le hIonaid Stairiúla Líonta Talún, Fuíolluisce Uirbeach, agus Rialú Comhtháite Coiscthe Truaillithe. Forbraíodh córas nua ar líne i Meitheamh 2013 chomh maith le cabhrú le hiarrachtaí forfheidhmithe faoin Treoir nua ar Astaíochtaí Tionsclaíocha agus na Rialacháin um Chuspóirí Comhshaoil. Thug cuid mhaith ceadúnaithe freagra air seo, cás a d'éascaigh scrúdú ar bhreis is 700 ceadúnas agus leasú ar thuairim is 430 ceadúnas faoin spriocdháta in Eanáir 2014. San iomlán, d'eisigh an GCC 176 ceadúnas in 2013, a raibh 36 acu mar athbhreithniú, agus chríochnaigh sí 327 ceadúnas agus leasú teicniúil.

Is é ceann de na réimsí atá á rialáil ag an GCC ná úsáid shrianta agus scaoileadh beartaithe orgánach géinmhodhnaithe (OGManna). Tá an AE tar éis glacadh le Biteicneolaíocht mar chuid lárnach de gheilleagar an AE chun fostaíocht a chruthú agus forbairt inbhuanaithe a dhéanamh. Agus an méid seo inár n-intinn againn, d'eagraigh an GCC comhdháil dhá lá faoi rialáil agus úsáid teicneolaíochta GM in Éirinn, agus ar na dúshláin agus deiseanna a bhaineann le teicneolaíocht GM d'Éirinn agus don Eoraip.

DOCHAR DON CHOMHSHAOL A CHOSC:

Is gá do cheadúnaithe soláthar imleor a dhéanamh le haghaidh dliteanais chomhshaoil aitheanta agus fhéideartha a bheadh ann mar thoradh ar dhúnadh gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith truaillitheach, bealach trína gcosnófaí an comhshaol agus an t-airgeadas poiblí. Faoi dheireadh 2013, bhí breis is €8 milliún d'fhoráil bhreise airgeadais curtha ar fáil ag ceadúnaithe, méid arbh ionann é agus méadú suntasach ar luach an chumhdaigh a cuireadh ar fáil don Stát. Chuir an GCC tús le cás sa Chúirt Tráchtála chomh maith chun airgead a cuireadh ar leataobh chun ceithre láithreán cheadúnaithe a dhúnadh, a réiteach agus a chóireáil a aisghabháil.

CUMASC:

Mar chuid de Phlean Athchóirithe Earnála Poiblí an Rialtais, rinne an Rialtas cinneadh i mí na Samhna 2012 an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (IÉCR) a chumasc leis an GCC. Ritheadh reachtaíocht in 2014 chun éifeacht a chur leis an gcumasc agus osclaíodh Oifig nua-bhunaithe um Chosaint Raideolaíoch an GCC ar 1 Lúnasa 2014. Tugann an cumasc foireann thiomanta agus dhíograiseach an GCC agus an IÉCR le chéile chun eagraíocht láidir eolaíoch a chruthú a leanfaidh den luach ard céanna a chur ar chosaint comhshaoil agus raideolaíoch araon.

CONCLÚID

Chuaigh John Lucey agus Martin McGarrigle ar scor óna n-obair sa GCC in 2013. Chuir an bheirt bhitheolaithe seo go mór le cáilíocht uisce aibhneacha agus lochanna a chosaint agus a fheabhsú le linn a saoil ghairmiúil agus bhí ardmheas orthu sa GCC agus sa phobal comhshaoil i gcoitinne. Guímid rath orthu agus iad ar scor.

Ba mhaith liom fáilte ó chroí a chur roimh an Dr. Ann McGarry, agus í ina ball nua de Bhord an GCC ó 1 Lúnasa 2014 mar Stiúrthóir na hOifige nua um Chosaint Raideolaíoch. Rinneamar leathnú ar ráiteas misin an GCC tar éis an chumaisc le déanaí chun scóip mhéadaithe ár n-oibre, ár bhfeidhmeanna agus ár bhfreagrachtaí a léiriú, agus tá mé féin agus an ceathrar Stiúrthóirí eile ag súil le bheith ag obair le hAnn agus muid ag díriú ar ár misean a chur i gcrích: *An comhshaol a chosaint agus a fheabhsú mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann. Ár ndaoine agus an comhshaol a chosaint ar éifeachtaí díobhálacha radaíochta agus truaillithe.*

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom fáilte a chur chomh maith roimh iar-bhaill foirne an IÉCR a d'aistrigh go dtí an GCC in 2014, agus guím rath orthu ina róil nua, bídís san Oifig um Chosaint Raideolaíoch nó i gcodanna eile den GCC.

Laura Burke
GCC Director General

BUNCHUSPÓIR, FÍS AGUS TREOIRPHRIONSABAIL

ÁR MISEAN:

An comhshaol a chosaint agus a fheabhsú mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann. Ár ndaoine agus an comhshaol a chosaint ar éifeachtaí díobhálacha radaíochta agus truaillithe.

ÁR BHFÍS:

A clean, healthy and well protected environment supporting a sustainable society and economy.

ÁR LUACHANNA:

- Guth iontaofa neamhspleách údarásach ar son an chomhshaoil is ea muid.
- Déanaimid cinntí oibiachtúla agus iad bunaithe ar an bhfianaise agus an t-eolas eolaíoch is fearr atá ar fáil.
- Bainistímid ár n-acmhainní go héifeachtach agus go héifeachtúil chun luach a chur ar fáil don phobal,
- Déanaimid rialáil ar bhealach cóir comhréireach agus trédhearcach, agus dírímid orthu siúd nach mbíonn comhlíontach.
- Déanaimid difríocht trí obair a dhéanamh le dreamanna eile chun iontaoibh, líonraí agus comhpháirtíochtaí a chruthú ar mhaithe le torthaí éifeachtacha a bhaint amach.
- Déanfaimid ár ndícheall go leanúnach feabhsú agus feabhas a bhaint amach trí fhoghlaim agus forbairt.
- Táimid nuálaíoch, oiriúnaitheach agus toilteanach bealaí nua agus solúbtha oibre a leanúint.
- Déanaimid seirbhísí a dhearadh agus a sholáthar ó dhearcadh an tsaoránaigh.
- Cuirimid ár seirbhísí ar fáil ar bhealach atá inniúil, cúirtéiseach agus sofhreagrach.
- Oibrímid le chéile chun torthaí éifeachtacha a chur ar fáil.
- Tacaímid lenár gcomhghleacaithe, tá iontaoibh againn astu agus is mór againn iad, agus bímid ag cumhachtú a chéile chun cinntí a dhéanamh.
- Bímid oscailte agus macánta lena chéile.
- Tugaimid dúshlán a chéile agus spreagaimid a chéile go cuiditheach chun obair níos fearr a dhéanamh.

STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL AN GCC

Bhí obair an GCC curtha i gcrích sna ceithre phríomhoifig atá aici in 2013:

- An Oifig Aeráide, Ceadúnaithe, Taighde agus Úsáide Acmhainní
- An Oifig um Fhorfheidhmiú Comhshaoil
- An Oifig um Measúnú Comhshaoil
- An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha

Tá tuilleadh eolais faoi ghníomhaíochtaí, ceadúnais, foilseacháin agus nuachtlitreacha an GCC ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag www.epa.ie.



BORD STIÚRTHÓIRÍ AN GCC

(C go D): Dara Lynott, an Leas-Ardstiúrthóir (Stiúrthóir, an Oifig Aeráide, Ceadúnaithe, Taighde agus Úsáide Acmhainní). Gerard O'Leary, (Stiúrthóir, an Oifig um Fhorfheidhmiú Comhshaoil). Matthew Crowe (Stiúrthóir, An Oifig um Measúnú Comhshaoil). Micheál Ó Cinnéide, (Stiúrthóir, an Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha). Laura Burke, an tArd-Stiúrthóir.

COISTE COMHAIRLEACH AN GCC

Tugann Coiste Comhairleach ar a bhfuil dáréag comhaltaí cúnamh don GCC, ar coiste é a thagann le chéile chun ábhair bhuartha a phlé agus a chuireann comhairle ar an mBord. Tá Ard-Stiúrthóir an GCC *ina bhall* agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste de bhrí oifige. Maireann téarma oifige an Choiste trí bliana. Bhí 6ú Coiste Comhairleach an GCC ceaptha ag an Uas. Phil Hogan, TD, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, ar 13 Feabhra 2013.

An Líne Chúil (C go D): An Clr. John Sheahan (Fine Gael, Comhairle Contae Chiarraí); An Dr. John Cuddihy (FSS); An tOllamh Colin O'Dowd (OÉ, Gaillimh); An tUas. Pat Farrell (FAÉ/IFA); An tUas. Martin Hogan (Cliste Consulting) agus an tUas Tom O' Reilly (Rúnaí an Choiste)

An Líne Thosaigh (C go D): Dr. Sharon McGuinness (An ÚSS); An tUas. David Ball (Comhairleach); An tUas. Laura Burke, (Cathaoirleach); An tUas. Dara Lynott (Leas-Ardstiúrthóir an GCC); Ms. Elaine Nevin (POF Eco Unesco)

Ar iarraidh ón ngrianghraf: An tUas. Deirdre Lyons (ÚFT/IDA); Elizabeth Delahunty (ClearStream); An Dr. Áine Ryall (COC/UCC)



CAIBIDIL 1: **RIALÁIL**

Rialáil agus córais chomhlíonta comhshaoil éifeachtacha a chur i bhfeidhm, chun dea-thorthaí comhshaoil a bhaint amach agus díriú orthu siúd nach mbíonn ag cloí leo.

1.1 CEADÚNÚ

1.2 FORFHEIDHMIÚ

1.3 TREOIR

1.1 CEADÚNÚ

Bíonn an GCC ag ceadúnú gníomhaíochtaí le cinntiú nach mbíonn a n-astaíochtaí ag cur sláinte daoine i mbaol ná ag déanamh dochair don chomhshaol.

CUR I BHFEIDHM NA TREORACH AR ASTAÍOCHTAÍ TIONSCLAÍOCHA

Rinneadh reachtaíocht náisiúnta den Treoir ar Astaíochtaí Tionsclaíocha (2010/75/EU) in Aibreán 2013. Leasaíodh Acht an GCC agus an tAcht um Bainistiú Dramhaíola agus foilsíodh rialacháin nua ceadúnaithe a thug isteach trí réimeas ceadúnaithe ar leith, mar atá, Cosc agus Rialú Comhtháite Truaillithe (CTCT), Astaíochtaí Tionsclaíocha (AT) agus Dramhaíl. Tá foirmeacha iarratais ceadúnais nua agus leasaithe le freastal ar na riachtanais athraithe ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC. Thug an Treoir ar Astaíochtaí Tionsclaíocha (TAT) isteach gníomhaíochtaí nua is gá a bheith ceadúnaithe faoi Iúil 2015, agus thosaigh an obair chun na suiteálacha seo a aithint agus iad a chur ar an eolas faoina n-oibleagáidí nua.

Forbraíodh seirbhís ghréasáin chomh maith chun an Treoir nua ar Astaíochtaí Tionsclaíocha agus Cuspóirí Comhshaoil a chur i bhfeidhm. Scrúdaíodh breis is 700 ceadúnas agus leasaíodh 392 ceadúnas go teicniúil. San iomlán, d'eisigh an GCC 176 ceadúnas in 2013, a raibh 36 acu mar athbhreithniú, agus chríochnaigh sí 327 leasú teicniúil.

Thug trasuí an TAT athruithe isteach chomh maith maidir leis na Rialacháin um Mórghléasraí Dócháin agus comhaontaíodh Plean Náisiúnta Idirthréimhseach leis an AE (2013/731/EU).

NA TEICNÍCÍ IS FEARR ATÁ AR FÁIL (TFF)

Mar thoradh ar riachtanais thrasuí na Treorach ar Astaíochtaí Tionsclaíocha (2012/75/EU), rud atá i bhfeidhm ó 7 Eanáir 2013, baineann nótaí TFF reatha an GCC le gníomhaíochtaí CRCT agus dramhaíola. Dírítear ar riachtanais TFF maidir le gníomhaíochtaí na Treorach ar Astaíochtaí Tionsclaíocha trí na doiciméid tagartha reatha TFF agus Cinntí Feidhmithe an Choimisiúin ar Chonclúidí TFF.

ORGÁNAIGH GHÉINMHODHNAITHE (GMOANNA)

D'eagraigh an GCC comhdháil dhá lá faoi rialáil agus úsáid teicneolaíochta GM in Éirinn. Chuala an lucht freastail faoi na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le teicneolaíocht GM d'Éirinn agus don Eoraip go háirithe, ós rud é go bhfuil an AE tar éis glacadh le Biteicneolaíocht mar dhlúthchuid de gheilleagar an AE le haghaidh cruthú fostaíochta agus forbairt inbhuanaithe.

In 2013:

- Bhí 398 iontráil ghníomhach ar an gclár úsáideoirí OGM in Éirinn.
- Rinneadh 30 cinneadh chun úsáid shrianta OGManna a cheadú, agus dhá thoiliú le haghaidh gníomhaíochtaí scaoilte bheartaithe.

CEADÚNÚ DO DHUMPÁIL AR FARRAIGE

Eisíodh trí chead le haghaidh Dumpáil ar Farraige in 2013. Tá léarscáiliú déanta ar an eolas ar na láithreáin dumpála mhuirí stairiúla agus reatha, agus ar mhonatóireacht ar cheimic dríodar mhuirí, agus tá sé ar fáil go poiblí ar amharcóir léarscáile ENVision an GCC.

AIRTEAGAL 27

Fuair an GCC 45 fógra in 2013 trí Airteagal 27 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir ar Dhramhaíl), 2011, rud a ligeann d'oibreoirí eacnamaíocha cinneadh go bhfuil a n-ábhar ina fhotháirge seachas ina dhramhaíl. Cuireadh tús le forbairt córas fógraí ar líne in 2012 agus cuirfear i bhfeidhm é in 2014.

MEASÚNACHT TIONCHAIR TIMPEALLACHTA, MEASÚNÚ CUÍ AGUS RIALACHÁIN AR GHNÁTHÓGA

Leanann an GCC de dhíriú ar léirmhínithe na Measúnachta Tionchair Timpeallachta agus na dTreoracha ar Ghnáthóga, agus ar chásdlí na hEorpa agus na hÉireann, chun cloí le riachtanais na dTreoracha seo a neartú. Chomh maith leis sin, leanann an GCC d'iarratais ar thráchtanna faoi reachtaíocht phleanála a bhainistiú agus freagra a thabhairt orthu, pé áit ar cuí.

LÍONTA TALÚN STAIRIÚLA

Is gá d'údaráis áitiúla iarratas a sheoladh chuig an GCC chun deimhniú údaraithe a fháil le haghaidh ionaid líonta talún atá dúnta agus a bhí á n-oibriú ag údaráis áitiúla idir 1977 agus 1997. Leagfar amach in aon deimhniú údaraithe a eiseoidh an GCC na bearta feabhais, más ann dóibh, a chuirfear i bhfeidhm ag an láithreán agus leagfar amach ann freisin cén monatóireacht a bheidh de dhíth amach sa todhchaí. Tá 21 iarratas faighte ar Dheimhniú Údaraithe (DÚ) go dtí seo, agus eisíodh DÚ amháin.

CEADANNA TRÁDÁLA ASTAÍOCHTAÍ

Tá Scéim Thrádála Astaíochtaí (STA) an AE ar cheann de na polasaithe a tugadh isteach ar fud an AE le laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin agus gáis eile cheaptha teasa, d'fhonn dul i ngleic le bagairt thromchúiseach an athraithe aeráide. Tá an scéim bunaithe ar údarú 'caidhpeála agus trádála' agus cuimsíonn sí earnálacha tionsclaíocha ar leith (giniúint fuinnimh, mianraí, próiseáil miotail fheiriúil, gníomhaíochtaí páipéir agus laíon chláir) agus an earnáil eitlíochta. Tá 98 oibreoir tionsclaíoch (suiteáil sheasta) agus 132 oibreoir eitlíochta atá faoi réir an phróisis cheadúnaithe seo.

Bhain Éire cloí 100% amach faoi thimthriall tuairiscithe Scéim Trádála Astaíochtaí (STA) an AE le haghaidh oibreoirí reachtúla in 2012. Thaispeáin sonraí a bhí seolta isteach ag suiteálacha do-aistrithe gur tháinig méadú thart ar 7% ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa in 2012 i gcomparáid le 2011. Bhí astaíochtaí gáis cheaptha teasa ó chuideachtaí Éireannacha atá páirteach sa STA tar éis laghdú go 15.77 meigeathonna in 2011, ach tugann na figiúirí a bhí seolta isteach faoi spriocdháta 31 Márta 2013 le fios go raibh iomlán 16.89 meigeathonna i gceist.

Ba í 2013 an chéad bhliain iomlán oibriúcháin ag Clár an Aontais tar éis lárú oibríochtaí Scéim náisiúnta Trádála Astaíochtaí an AE ina chlár aonair atá á choinneáil ag an gCoimisiún Eorpach.

ASTAÍOCHTAÍ TIONSCLAÍOCHA, CEADÚNÚ DRAMHAÍOLA AGUS CEADÚNÚ AR CHOSC AGUS RIALÚ COMHTHÁITE TRUAILLITHE (CRCT)

Tábla 1: Tascanna Ceadúnaithe an Chláir um Cheadúnú Comhshaoil, 2013

Cineál an Cheadúnais	Líon Iomlán na nIarratas a Fuarthas in 2013	Iomlán na CBanna (PD) a eisíodh in 2013	Líon Iomlán na nAgóidí a Fuarthas	Líon Iomlán na nAgóidí a Fuarthas
Ceadúnais an TAT/RCT	21	28	30	52
Ceadúnais Dramhaíola	3	11	8	5
Ceadúnais Fuíolluisce	1		N/A	84
Deimhnithe Údaraithe Fuíolluisce	12		N/A	0
Ceadanna OGM (Úsáid shrianta)	36		N/A	30
Ceadanna OGM (Scaoileadh beartaithe)	1		N/A	2
Deimhnithe Ionaid Stairiúla Líonta Talún	10		N/A	0
Ceadanna do Dhumpáil ar Farraige	2		N/A	3
Deimhnithe Clárúcháin (Dramhaíl)	18		N/A	20
Ceadanna CSO (VOC)	10		N/A	0
IOMLÁIN	**114**	**39**	**38**	**196**

Tábla 2: Tascanna Rialaitheacha Eile an Chláir um Cheadúnú Comhshaoil, 2013

Tascanna	Iomlán na dtascanna a measúnaíodh in 2013
Iarratais faoi Airteagal 11	111
Leasuithe Teicniúla AT/RCT	26
Leasuithe Teicniúla Tionscanta Diantalmhaíochta	112
Leasuithe Teicniúla Tionscanta Tuaslagóirí	10
Leasuithe Teicniúla Tionscanta Cuspóirí Comhshaoil	159
Leasuithe Tionscanta Astaíochta Tionsclaíocha	392
Leasuithe Teicniúla Dramhaíola	16
Leasuithe Teicniúla Fuíolluisce	2
Leasuithe Teicniúla Dumpála ar Farraige	2
Iarratais faoi Airteagal 27 (fotháirge)	45
An ÚESB (OGM)	2
An GLE (OGM)	2
IOMLÁIN	**879**

1.2 FORFHEIDHMIÚ

Déanann an GCC reachtaíocht chosanta comhshaoil a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú in Éirinn. Féachaimid le cloí foriomlán le reachtaíocht chomhshaoil a fheabhsú agus truailliú comhshaoil a chosc sula mbíonn an seans aige tarlú.

UISCE GLAN

SCEITHEADH FUÍOLLUISCE BHARDASAIGH

Cuireann an GCC chuig Údaraithe Sceite Fuíolluisce Bhardasaigh a fhorfheidhmiú ar bhealach atá bunaithe ar riosca agus dírithe ar thorthaí, agus cuireann sí cloí leis an Treoir ar Ionaid Chóireála Fuíolluisce Uirbigh chun cinn. Is iad na torthaí atá á lorg ná cáilíocht uisce a chosaint agus a athchóiriú agus truailliú comhshaoil a chosc ó thionchair sceite fuíolluisce. Foilsíodh an *Tuarascáil Náisiúnta ar Fhuíolluisce Uirbeach le haghaidh 2012* in 2013, agus cuireann sí sonraí ar fáil faoi chloí i leith sceitheadh fuíolluisce bhardasaigh agus na dúshláin ar gá díriú orthu. Ba iad cuid de na príomh-bhuaicphointí in 2013 ná:

- Tionscnaíodh na chéad chaingne dlí maidir le neamhchomhlíonadh ceadúnais sceite fuíolluisce in 2013. Bhain siad seo le hionaid baile Bhun Dobhráin, an Chlocháin, na gCeall Beag agus an Longfoirt.
- Críochnaíodh 242 iniúchadh agus iad ag díriú ar phríomhriachtanais comhlíonta na gceadúnas le haghaidh sceitheadh fuíolluisce bhardasaigh.
- Géaraíodh ar an obair a bhain le hUisce Éireann i rith na bliana le díriú ar cheisteanna amhail eolas cúlra ar fhuíolluisce, riachtanais sonraí agus tuairisciú in 2014, reachtaíocht, ról an GCC mar rialtóir agus roinnt dréacht-nósanna imeachta agus dréacht-phrótacal.
- Bhí sé mar thoradh ar neamhchomhlíonadh na Treorach ar Ionaid Chóireála Fuíolluisce Uirbigh ag Éirinn gur thionscain an Coimisiún Eorpach imeachtaí sáraithe i gcoinne na hÉireann.

CÓRAIS CHÓIREÁLA FUÍOLLUISCE BAILE (DABHCHA SÉARACHAIS)

Faoin *Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012*, leagadh freagracht ar an GCC as ullmhú an Phlean Náisiúnta Chigireachta le haghaidh Córais Chóireála Fuíolluisce Baile. Is é is aidhm don Phlean ná uisce agus sláinte an duine a chosaint trí chur chuige dhá shnáithe a úsáid, rud a bhaineann le straitéisí oideachais agus feasachta a chur ar fáil go háitiúil, in éineacht le próiseas cigireachta atá bunaithe ar rioscaí. Bíonn an Plean curtha i bhfeidhm ag údaráis áitiúla agus bíonn méid na cigireachta i ngach aon chontae leithdháilte ar bhonn riosca.

Ba iad cuid de na bunspriocanna inghnóthaithe in 2013 ná:

- Ceapadh próiseas ríomhchigireachta agus ríomhthuairiscithe agus bhí sé seo curtha i bhfeidhm don Phlean Náisiúnta Cigireachta le haghaidh dabhcha séarachais.
- Tá cuid mhaith eolais ar shuíomh gréasáin an GCC anois faoin bpróiseas cigireachta, treoir feabhsúcháin agus Ceisteanna Coitianta.
- Cuireadh ceardlanna ar siúl do gach aon údarás áitiúil ar phleanáil na cigireachta. Oileadh 120 cigire ag cúig ionad réigiúnacha oiliúna. Tá 79 cigire ceaptha go dtí seo.

UISCE ÓIL

Lean an GCC de dhíriú i rith 2013 ar mheasúnú a dhéanamh ar cháilíocht uisce ólacháin, agus ag díriú ar cheisteanna comhlíonta a aithníodh i rith seiceáil comhlíonta ar shábháilteacht agus slándáil na soláthairtí uisce.

- Rinneadh cur síos ar na dúshláin atá roimh Éirinn maidir le huisce ólacháin sábháilte agus slán a chur ar fáil sa tuarascáil darb ainm *Soláthar agus Cáilíocht an Uisce Ólacháin in Éirinn*, rud a foilsíodh i mí na Nollag.
- Faoi dheireadh 2013, bhí líon na soláthairtí poiblí uisce ba ghá a fheabhsú - agus ar Liosta Gníomhartha Feabhsúcháin (LGF) an GCC - laghdaithe go 140, ó 339 le cúig bliana anuas. Baineadh 32 soláthar den LGF i rith 2013.
- Dhírigh an GCC aird ar an ngá le dul chun cinn leanúnach i gcás na soláthairtí LGF atá fágtha. Is tosaíocht é feabhsuithe a dhéanamh ag soláthairtí óna bhfuil uisce ag teacht is gá do thomhaltóirí a fhiuchadh i láthair na huaire.
- Foilsíodh nótaí comhairle ar Thógáil Poill Tóraíochta agus Cosaint Barra Tobair le cabhrú le cosaint na bhfoinsí uisce ólacháin.
- Leanadh den obair ar chur chun cinn chur chuige Phlean Sábháilteachta Uisce an EDS (WHO) i leith cosaint cáilíochta uisce ólacháin. Forbraíodh Uirlis Plean Sábháilteachta Uisce agus cuireadh i bhfeidhm í sna soláthairtí uisce is mó i Meán Fómhair mar chlár píolótach. Tá an cur i bhfeidhm iomlán ag Uisce Éireann agus gach údarás áitiúil sceidealta le haghaidh 2014.

DOCHAR DON CHOMHSHAOL A CHOSC

MEASÚNÚ AR RIOSCA DLITEANAIS CHOMHSHAOIL AGUS SOLÁTHAR AIRGEADAIS

Tá sé mar thosaíocht ag an GCC a chinntiú go mbainistíonn ceadúnaithe dliteanais chomhshaoil a bhaineann le teagmhais nó dúnadh gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith truaillitheach; agus seo a chur chun cinn trína chinntiú go ndéantar na hinfheistíochtaí riachtanacha i bhfeabhsúchán agus foráil airgeadais. Déanann an Treoir ar Dhliteanais Chomhshaoil soláthar chomh maith le haghaidh uirlisí forfheidhmithe atá infheidhmithe i gcásanna áirithe.

- Chuir an GCC tús le straitéis nua in 2013 maidir le measúnú ar riosca dliteanais chomhshaoil agus foráil airgeadais. Is é an aidhm fhoriomlán ná líon méadaithe ionstraimí airgeadais a chur i bhfeidhm a chuimseoidh dliteanais chomhshaoil ar láithreáin cheadúnaithe. Tá an GCC i dteagmháil leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chomh maith chun tograí reachtúla a fhorbairt maidir le cur i gcrích dualgais chomhshaoil i gcásanna leachtaithe cuideachtaí.
- Scagthástáladh ocht gcás fhéideartha faoin Treoir ar Dhliteanais Chomhshaoil in 2013. Seoladh tuarascáil chuig an gCoimisiún um chur i bhfeidhm na Treorach ar Dhliteanais Chomhshaoil in Éirinn i mí na Samhna.

FORÁLACHA AIRGEADAIS

Críochnaíodh obair shuntasach chun an t-idirghníomhú idir an GCC agus ceadúnaithe a shruthlíniú maidir le forfheidhmiú agus bainistíocht Forálacha Airgeadais, Measúnú ar Riosca Dliteanais Comhshaoil, Athchóiriú Dúnta agus Bainistíocht Iarchúraim. Baineadh amach dhá fhoráil airgeadais déag sa bhreis in 2013 mar atá sonraithe i dTábla 3.

Tábla 3: Achoimre ar Fhorálacha Airgeadais

I bhfeidhm ar 01/01/2013		I bhfeidhm ar 31/12/2013	
Líon	Luach	Líon	Luach
12	€1,124,250	24	€8,330,528

TALAMH ÉILLITHE

Is é an phríomhaidhm atá ann agus muid ag déileáil le ceisteanna a bhaineann le talamh agus screamhuisce atá éillithe ná sláinte an duine, dobharlaigh (screamhuisce san áireamh) agus an comhshaol i gcoitinne a chosaint. Foilsíodh sraith Tuarascálacha Teimpléid Treoirlíne, agus leagann siad seo amach ábhar agus caighdeán na hoibre ba chóir a bheith bainte amach ag ceadúnaithe nuair a bhíonn siad ag tuairisciú don GCC ar cheisteanna maidir le talamh agus screamhuisce atá éillithe. Cinnteoidh na tuarascálacha teimpléid go mbíonn caighdeán na n-oibreacha a bhíonn déanta ag ceadúnaithe imleor, go dtuigtear na ceisteanna agus go ndéantar déileáil leo go cuí agus go mbaineann ceadúnaithe agus an GCC amach an aidhm atá ann ceisteanna a réiteach ar bhealach éifeachtúil.

FREAGRACHT TÁIRGEOIRÍ

SUBSTAINTÍ ÍDITHE ÓZÓIN AGUS GÁIS CHEAPTHA TEASA FHLUAIRÍNITHE

- Rinneadh 234 cuairt chigireachta ar chonraitheoirí sna hearnálacha cuisniúcháin, aerchóirithe agus dóiteáin in 2013 chun measúnú a dhéanamh ar an mbainistíocht agus an rialú a bhí á ndéanamh acu ar shubstaintí ídithe ózóin (SÍO) agus ar gháis cheaptha teasa fhluairínithe (f-gháis).
- Cuireadh tús le córas ar líne in 2013 le haghaidh cuideachtaí seirbhíse agus cothabhála a bhfuil dualgas orthu faoin reachtaíocht SÍÓ agus f-ghás idirghníomhú leis an GCC, chun Réamhfhógraí Bliantúla a chur isteach.

DRAMHTHREALAMH LEICTREACH AGUS LEICTREONACH AGUS CADHNRAÍ

- Rinne an GCC iomlán 121 cuairt chigireachta a bhí fógartha agus nach raibh fógartha ar tháirgeoirí agus miondíoltóirí trealaimh leictrigh, trealaimh leictreonaigh agus cadhnraí in 2013, lenar áiríodh 45 cuairt chigireachta ar chiandhíoltóirí (m.sh. suíomhanna gréasáin).

RIALÁIL NÍOS FEARR

Tá an GCC tiomanta dá feidhmeanna rialaitheacha a chur i gcrích ar bhealach atá i gcomhréir le prionsabail na Rialála Níos Fearr. Is é cuspóir na Rialála Níos Fearr ná laghdú a dhéanamh ar ualach riaracháin na rialála ar ghnó, fad is a choinnítear éifeachtúlacht na rialála agus a fheabhsaítear na torthaí a bhíonn air. Rinneadh bearta suntasacha in 2013 chun éifeachtúlacht fheabhsaithe a bhaint amach dár gceadúnaithe nuair a tugadh isteach na cláir seo a leanas:

- Sheol an GCC tairseach ghréasáin i mí Eanáir a ligeann don GCC agus do cheadúnaithe cumarsáid a dhéanamh go leictreonach. Ligeann an tairseach seo do cheadúnaithe doiciméid a bhaineann le forfheidhmiú a sheoladh isteach agus teagmhais a thuairisciú go díreach don GCC. Faoi dheireadh 2013, bhí an Modúl nua Forfheidhmithe seo tar éis gníomhartha a rianú maidir le breis is 12,500 ceist a chuimsigh tuairisceáin ó cheadúnaithe, teagmhais, neamhchloí, gearáin agus imscrúduithe cloí.
- Chuir an GCC seimineáir ghréasáin ar siúl do cheadúnaithe den chéad uair in 2013. Chuimsigh siad seo ábhair amhail monatóireacht agus bainistíocht ar astaíochtaí aeir, an cleachtas is fearr le haghaidh sampláil agus anailís uisce, freagairt éigeandála, cosc timpistí agus fógraí faoi theagmhais, measúnú ar shláine bundaí agus píblínte, bainistíocht uisce stoirme agus leibhéil spreagtha a shocrú, chomh maith le bainistíocht talún agus screamhuisce éillithe ag láithreáin cheadúnaithe an GCC.

- Bhí sé mar thoradh ar chur i bhfeidhm réimeas náisiúnta dabhcha séarachais le déanaí go bhfuil córas forfheidhmithe gan pháipéar ann den chéad uair.

OBAIR LE DAOINE EILE

Is freagracht ollmhór í cosaint an chomhshaoil agus oibríonn an GCC le roinnt eagraíochtaí éagsúla a chuireann feidhmeanna comhshaoil ar leith i gcrích, lena n-áirítear:

- 34 údarás áitiúil a bhfuil ról ríthábhachtach acu in éineacht leis an GCC i bhforfheidhmiú comhshaoil;
- an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra;
- An Garda Síochána;
- Iascaigh Intíre na hÉireann agus
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Tá an GCC agus na húdaráis áitiúla tar éis an *Líonra le haghaidh Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú Comhshaoil na hÉireann* (LCFCÉ) a fhorbairt, le tacaíocht na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an Gharda Síochána agus Gníomhaireachtaí eile, ar mhaithe le cur chuige comhtháite náisiúnta a chur ar fáil i leith fhorfheidhmiú na reachtaíochta comhshaoil. Aithnítear an LCFCÉ go hidirnáisiúnta mar eiseamláir ba chóir do thíortha eile a leanúint agus leanfaidh an GCC agus a comhpháirtithe sa líonra de chomhoibriú le chéile chun cumas na gcomhlachtaí rialaitheacha a bhfuil freagrachtaí cosanta comhshaoil orthu a fheabhsú, agus comhshaol na hÉireann a chosaint agus a fheabhsú dá bharr. Tá breis is 1,000 ball foirne ón earnáil phoiblí sa líonra forfheidhmithe anois, agus iad cláraithe ó thuairim is 50 gníomhaireacht in Éirinn.

Tá sé de chomhfhreagracht ar an GCC agus na húdaráis áitiúla rialáil a dhéanamh ar bhreis is 8,100 cead ar fud na hÉireann, agus breis is 500 riachtanas cosanta comhshaoil atá i mbreis is 100 mír reachtaíochta a fhorfheidhmiú. Déantar beagnach 132,000 cuairt chigireachta ar an meán gach bliain. Astu seo, bíonn 115,000 pleanáilte in aghaidh na bliana agus bíonn an 17,000 atá fágtha mar fhreagra ar ghearáin, teagmhais nó imscrúduithe. Pléitear le gearáin phoiblí trí chórais chórasacha freagartha gearán, línte náisiúnta gearán, feidhmchlár fón cliste agus foirmeacha gearáin ar líne a chur i bhfeidhm. Leanann an Líne Náisiúnta le haghaidh Gearáin Chomhshaoil (LNGC) de chuidiú le línte fóin na n-údarás áitiúil le haghaidh gearáin chomhshaoil. Rinneadh cuid mhaith oibre chun dhá fheidhmchlár fón cliste a fhorbairt agus a chomhtháthú le huirlis náisiúnta láimhseála gearán do na húdaráis áitiúla agus é bunaithe ar an ngréasán, agus tá tástáil uirthi seo ar siúl faoi láthair. Tá breis is aon trian de na gearáin atá á láimhseáil ag an LNGC á bhfáil tríd an bhfeidhmchlár faoi láthair.

Príomhchuid den líonra ná na meithleacha cleachtóirí cleachtacha ó ghníomhaireachtaí bainteacha le dul i ngleic le ceisteanna feidhmithe ar leith. Malartaíonn na meithleacha seo an cleachtas is fearr agus forbraíonn siad pleananna le dul i ngleic le dumpáil mhídhleathach dramhaíola, ionaid stairiúla líonta talún, rialacháin mianadóireachta, sluda camrais, feithiclí deireadh saoil, dramhaíl in-bhithmhillte bhardasach, dramhaíl bhia, boinn dramhaíola, uisce ólacháin (pleananna sábháilteachta uisce), fuíolluisce, ceisteanna cáilíochta uisce (níotráití, cigireacht ar fheirmeacha, dabhcha séarachais), tuaslagóirí/péinteanna déco, ceisteanna torainn agus cáilíochta aeir (cosc ar ghual), agus rialacháin DTLL ar chadhnraí.

FORFHEIDHMIÚ AN DLÍ MAIDIR LE TRUAILLIÚ AN AEIR

The GCC Air Enforcement team provides expert technical advice in relation to air emissions. Air enforcement activities in 2013 included:

- Bainistíocht Chlár Monatóireachta Astaíochtaí Aeir an GCC (CMAA): Is éard atá i gceist leis an gclár seo go príomha ná monatóireacht neamhspleách ar shuiteálacha agus áiseanna ceadúnaithe, agus tá sé mar aidhm leis cloí an cheadúnaí leis na luachanna teorainn astaíochtaí a mheasúnú agus gníomhartha ceartaitheacha a dhéanamh más gá. Rinneadh monatóireacht ar 114 láithreán in 2013 agus críochnaíodh 684 tástáil ar astaíochtaí. Bhí 81% de na láithreáin comhlíontach go hiomlán agus gan ach 4% de na tástálacha go léir nach raibh comhlíontach.
- Comhordú ullmhú na bPleananna Gníomhaíochta Torainn mar is gá faoin Treoir ar Thorann Comhshaoil agus seoladh na dtuarascálacha riachtanacha chuig an gCoimisiún Eorpach i mí na Nollag.
- Ceapadh an Phainéil Náisiúnta Measúnóirí Faofa faoi na Rialacháin um Thuaslagóirí agus Péinteanna Déco i Meán Fómhair.
- Bailiú, bailíochtú agus tuairisciú sonraí lena gcur san áireamh sa Chlár Eorpach um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán (CESAT) - clár poiblí um scaoileadh agus aistriú truailleán ó fhoinsí tionsclaíocha agus eile.
- Bainistíocht Mheitheal Aeir agus Tuaslagóirí an Líonra um Fhorfheidhmiú Comhshaoil.
- Athmheas an Nóta Threorach ar Mhonatóireacht Astaíochtaí Aeir (AG2) agus Seimineár Gréasáin ar *Nuashonrú Mhonatóireacht an GCC ar Astaíochtaí.*

CIGIREACHT

Bhí príomhobair an fhorfheidhmithe sceidealta treoraithe ag na pleananna forfheidhmithe earnála agus rinne sí soláthar d'iniúchtaí agus cigireacht ar CRCT, Láithreáin Cheadúnaithe Dramhaíola agus TD, agus é bunaithe ar phróifíliú riosca ar na láithreáin ghníomhacha go léir. Laghdaigh an straitéis seo minicíocht na gcuairteanna go ceann amháin in aghaidh trí bliana i gcás na láithreán a bhfuil riosca íseal ag baint leo. Déanann Tábla 4 cur síos ar líon na n-iniúchtaí agus na gcuairteanna cigireachta sceidealta a tharla in 2013.

Cuireadh leis an obair seo le gníomhaíochtaí frithghníomhacha forfheidhmithe amhail cuairteanna cigireachta agus iniúchtaí nach raibh sceidealta, rudaí nach raibh pleanáilte ná sonraithe roimh ré, le dul i ngleic le ceisteanna a bhaineann le gearáin agus teagmhais, fad is a bhain cinn eile le gníomhartha forfheidhmithe agus cásanna dlíthiúla.

Chomh maith leis sin, rinne na pleananna forfheidhmithe earnála soláthar do ghníomhaíochtaí teagmhála earnála, amhail treoir, ceardlanna agus gníomhaíochtaí teagmhála eile.

Tábla 4: Cigireacht agus Iniúchtaí 2013 – CRCT agus Dramhaíl

Gníomhaíocht	in 2013
Iniúchtaí agus Cuairteanna Cigireachta Forfheidhmithe Tionsclaíocha agus Dramhaíola	1,370
Iniúchtaí ar Fhorfheidhmiú Ceadúnas um Scaoileadh Fuíolluisce	242
Iniúchtaí ar Uisce Óil	55
Gearáin a Fuarthas faoi Thionscal agus Dramhaíl agus Sceitheadh Fuíolluisce	1,174 (Industry & Waste: 1124) (WWD: 50)
Ceadúnas Tionsclaíoch agus Dramhaíola Cásanna Neamhchomhlíonta a Taifeadadh	1,879
Cruinnithe maidir le Géilliúntas a Tionóladh	104
Teagmhais arna gCur in Iúl don Ghníomhaireacht	2,550 (Industry & Waste: 1,763) (WWD: 787)

Tá na cúig phríomh-áis cheadúnaithe is mó a ndearnadh gearán fúthu ar taispeáint i bhFigiúr 1.

Figiúr 1. Na Láithreáin Cheadúnaithe Is Mó a nDearnadh Gearán Fúthu



FEIDHMÍOCHT REACHTÚIL NA NÚDARÁS ÁITIÚIL

Déanann an GCC iniúchtaí chun measúnú a dhéanamh ar chur i gcrích a fheidhmeanna reachtúla ag údarás áitiúil maidir le cosaint comhshaoil. Cuimsíonn scóip na n-iniúchtaí seo athbhreithniú ar phlean forfheidhmithe an údaráis áitiúil faoi Mholadh 2001/331/EC, agus déantar foráil le haghaidh critéir íosta chigireachta comhshaoil (CIMCC/RMCEI), láimhseáil gearáin chomhshaoil i gcomhréir leis an Nós Imeachta Náisiúnta um Ghearáin, agus athbhreithniú ar chomhaid oscailte forfheidhmithe údaráis áitiúil, cigireacht, forfheidhmiú agus clárú reachtúil ceadúnas/deimhnithe a bhíonn eisithe ag an údarás áitiúil. Rinne an GCC 55 iniúchadh in 2013 ar ionaid uisce óil na n-údarás áitiúil; 254 iniúchadh ar cheadúnais sceite fuíolluisce uirbigh na n-údarás áitiúil agus 6 iniúchadh feidhmíochta reachtúla ar údaráis áitiúla.

IMEACHTAÍ DLÍ

Tá na gníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí a bhí déanta ag an GCC in 2013 leagtha amach i dTábla 5.

Tábla 5: Gníomhaíochtaí um Fhorfheidhmiú Dlí in 2013

Líon na nIonchúiseamh ar éisteadh leo sa Chúirt Dúiche	10
Líon chásanna an SIP (DPP) ar éisteadh leo	2
Fíneálacha a gearradh sa Chúirt Dúiche	€40,500
Fíneálacha a gearradh i gcásanna an SIP	€28,000
Costais a bronnadh sa Chúirt Dúiche	€88,245
Costais a bronnadh i gcásanna an SIP	€14,077
Fíneálacha agus Costais Iomlána	**€170,822**



1.3 TREOIR

Cuireann an GCC comhairle agus treoir ar fáil do thionscal agus don phobal faoi réimse leathan gníomhaíochtaí comhshaoil chun cloí leis an gcleachtas is fearr a chinntiú.

TREOIR AGUS COMHAIRLE AR CHÓRAIS BHAILE FUÍOLLUISCE (DAMHCHA SÉARACHAIS)

Tar éis do Phlean Cigireachta a bheith foilsithe le haghaidh córais bhaile fuíolluisce i bhFeabhra, chruthaigh an GCC réimse treorach agus comhairle le cabhrú le húinéirí a gcórais bhaile fuíolluisce a chothabháil agus truailliú comhshaoil a chosc. Nuashonraíodh an t-eolas ar an suíomh gréasáin le nithe amhail físeáin ghearra bheochana ar *Céard is féidir leat a dhéanamh chun do chóras cóireála fuíolluisce a chothabháil agus An méid a bhíonn i gceist le cigireacht*.

TREOIR BHEARTAITHE AR ÚDARÚ SCEITE DHÍRIGH ISTEACH SA SCREAMHUISCER

D'ullmhaigh an GCC *Treoir ar Údarú Sceite Dhírigh Isteach sa Screamhuisce*. Bhí an treoir bheartaithe foilsithe le haghaidh comhairliúcháin in 2013 agus díríonn sí ar sceitheadh díreach isteach sa screamhuisce ó fhoinsí pointe a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le truailliú. Cuireann sí leis an tuarascáil a bhí foilsithe roimhe sin in 2011 ag an GCC dar teideal "Treoir ar Údarú Sceite Isteach sa Screamhuisce", rud a dhírigh ar an measúnú teicniúil ar sceitheadh indíreach isteach sa screamhuisce.

Tá na príomhchuspóirí seo a leanas ag an Treoir seo:

1. Tugann sí forbhreathnú ar na Rialacháin Screamhuisce maidir le sceitheadh díreach isteach sa screamhuisce.
2. Cuireann sí samplaí sonracha ar fáil de chineálacha difriúla sceite dhírigh.
3. Déanann sí cur síos ar dhálaí inar ceadmhach sceitheadh díreach eisiltigh fuíolluisce de chineál baile a bhreithniú i gcás nach bhfuil roghanna malartacha oiriúnacha nó féideartha ann.

TREOIR AR DHUMPÁIL AR FARRAIGE

Foilsíodh dhá thuarascáil taighde ar dhumpáil ar farraige a bhí maoinithe ag STRIVE:

- *Treoir ar Úsáid Thairbheach Ábhair Dhreideáilte* (ITC, 2013) agus
- *Treoir ar Láithreán a Roghnú do Dhumpáil ar Farraige* (Aquafact, 2012).

TALAMH ÉILLITHE

D'fhoilsigh an GCC *Treoir ar Bhainistíocht Talún agus Screamhuisce atá Éillithe ag Láithreáin Cheadúnaithe an GCC* in 2013. Meastar an cur chuige atá bunaithe ar rioscaí sa treoir seo a bheith ar an gcleachtas is fearr le haghaidh measúnú agus feabhsúchán talún agus screamhuisce atá éillithe ag láithreáin cheadúnaithe an GCC. Cuireadh an treoir seo ar fáil do cheadúnaithe go leictreonach agus trí sheimineár gréasáin, agus tá sí ar fáil ar an suíomh gréasáin

MEASÚNÚ RIOSCA AR DHLITEANAIS CHOMHSHAOIL

Cuireann an *Treoir ar Dhliteanais Chomhshaoil a Mheasúnú agus a Chostáil* cur chuige córasach i láthair chun dliteanais chomhshaoil a bhaineann le dúnadh, athchóiriú/iarchúram agus teagmhais a mheasúnú agus a chostáil. Téann sí in áit na ngnéithe sin den Treoir ar Mheasúnú Riosca ar Dhliteanais Chomhshaoil, Pleananna Bainistíochta Iarmharach agus Foráil Airgeadais (An GCC, 2006).

UISCE ÓIL

D'fhorbair meitheal lotnaidicídí treoir darb ainm *Lotnaidicídí in Uisce Ólacháin* chun feasacht a mhúscailt ar fhoinsí uisce ólacháin a chosaint ar éilliú lotnaidicídí.

MEASÚNACHT STRAITÉISEACH TIMPEALLACHTA (MST)

D'ullmhaigh an GCC an treoir seo a leanas le tacú le cur i bhfeidhm MST in Éirinn:

- Lámhleabhar Cleachtóra ar Mheasúnú Comhtháite Tionchair ar Bhithéagsúlacht
- Treoir dhea-chleachtais ar Mheasúnú Iarmhairtí Carnacha i MST agus Measúnú Cuí
- Treoir ar MST agus Rogha Malartacha
- Treoir ar MST agus Athrú Aeráide
- Lámhleabhar Acmhainní MST
- Lámhleabhar MST CFG



CAIBIDIL 2: **EOLAS**

Sonraí, eolas agus measúnú ardchaighdeáin, spriocdhírithe agus tráthúil a chur ar fáil le cur le cinnteoireacht ag gach leibhéal.

2.1 MONATÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ

2.2 TAIGHDE

2.3 TUAIRISCIÚ

2.1 MONATÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ

Cuireann an GCC measúnú atá bunaithe ar fhianaise agus eolas tráthúil ar fáil dár bpáirtithe leasmhara go léir ar mhaithe le tacú le gníomhú chun an comhshaol a chosaint agus a bhainistiú.

CAIGHDEÁN AN AEIR

Is é an GCC an t-údarás inniúil ainmnithe atá freagrach as cur i bhfeidhm na reachtaíochta Éireannaí agus Eorpaí uile maidir le caighdeán an aeir chomhthimpeallaigh. Agus í ag comhoibriú le húdaráis áitiúla, déanann sí monatóireacht ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh ar fud na tíre, agus bainistíonn sí an Líonra Monatóireachta Náisiúnta ar Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh. Anuas air sin, tá an GCC freagrach as tuairisciú do na páirtithe leasmhara go léir, an pobal agus an AE san áireamh. Is í an GCC an tSaotharlann Thagartha Náisiúnta ainmnithe le haghaidh cháilíocht an aeir in Éirinn chomh maith. Bhí an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha creidiúnaithe go foirmiúil in 2013 mar shaotharlann chalabrúcháin, rud ar riachtanas é faoi Threoir an AE maidir le hAer Glan don Eoraip (AGDE/CAFÉ)

Cuireadh torthaí na monatóireachta ar cháilíocht aeir in 2012 ón 29 stáisiún monatóireachta atá mar chuid den Líonra Monatóireachta Náisiúnta ar Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh, cuireadh i láthair iad i dTuarascáil Cháilíochta Aeir 2012. Cuireadh na torthaí i gcomparáid leis na luachanna teorann agus sprice atá leagtha amach i dTreoracha an AE ar Cháilíocht Aeir.

Cé gur gá dúinn a bheith ar ár n-airdeall go fóill maidir le hábhar cáithníneach, dé-ocsaíd nítrigine agus hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha, fuarthas go raibh Éire ag cloí le Treoracha an AE maidir le gach truailleán.

De réir reachtaíocht an AE, is gá d'Éirinn nochtadh do mhínábhar cáithníneach (PM2.5) a laghdú faoi 10% idir 2012 agus 2020. Beidh an laghdú seo dúshlánach, ós rud é go mbeidh gá le cur chuige comhtháite a chur i bhfeidhm i roinnt mhaith earnálacha, lena n-áirítear astúcháin tionsclaíocha, iompair agus cónaithe, ach bainfear amach buntáistí do shláinte an phobail agus don chomhshaol dá bharr.

Lean an GCC in 2013 dá hinfheistíocht in uasghrádú an bhonneagair agus na gcóras TF ar cháilíocht aeir atá aici ar mhaithe le cinntiú gur féidir eolas atá níos cothroime le dáta a chur ar fáil ar cháilíocht aeir. D'éascaigh sé seo an GCC chomh maith i gcomhlíonadh riachtanais nua faoin Treoir maidir le AGDE, is é sin, eolas sonraithe cáilíochta aeir a thuairisciú ar bhonn uaire don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil.

Seoladh **an tInnéacs Cáilíochta Aeir le haghaidh Sláinte** (Figiúr 2) i Márta 2013. Ligeann an t-innéacs seo atá bunaithe ar an ngréasán don phobal féachaint ar cháilíocht reatha aeir ina réigiún féin agus measúnú a dhéanamh ar a tionchar ar a sláinte. Forbraíodh é i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Seirbhís Náisiúnta Meitéareolaíochta na hÉireann, agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Is féidir féachaint ar an Innéacs Cáilíochta Aeir le haghaidh Sláinte ar shuíomh gréasáin an GCC. I gcomhréir le seoladh an Innéacs, tá cainéal ar Twitter seolta ag an GCC chomh maith darb ainm @EPAAirQuality. Féadann baill den phobal an cuntas seo a leanúint ar Twitter chun tvuíteanna a fháil faoi stádas chaighdeán an aeir ina réigiúnacha féin gach lá.

Figiúr 2. Innéacs Chaighdeán an Aeir don tSláinte



AN LÍONRA MONATÓIREACHTA AR CHÁILÍOCHT AN AEIR CHOMHTHIMPEALLAIGH

Rinneadh roinnt athruithe in 2013 ar an **Líonra Monatóireachta ar Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh**:

- Bogadh láithreán Bhóthar an tSeanstáisiúin i gCorcaigh go láithreán nua ar Bhóthar Chionn tSáile i gCorcaigh.
- Bunaíodh stáisiúin bhreise monatóireachta ag Páirc San Anna, Fionnghlas, agus ar Bhóthar Mhic Dháibhéid i mBaile Átha Cliath. (Figiúr 3)

Figiúr 3: Suíomhanna Monatóireachta ar Chaighdeán an Aeir



CÁILÍOCHT UISCE

AN CHREAT-TREOIR UISCE (CTU)

Is iad cuspóirí na Creat-Treorach Uisce (CTU) ná gach uisce ardstádais a chosaint, díghrádú breise na n-uiscí go léir a chosc agus uiscí dromchla agus screamhuiscí díghrádaithe a athchóiriú go dea-stádas faoi 2015. Tá cuid mhaith tascanna sannta don GCC faoi *Rialacháin (Beartas Uisce) na gComhphobal Eorpach, 2003* (I.R. Uimh. 722 de 2003), rudaí atá faoi "chomhordú agus maoirseacht" chlár CTU na hÉireann.

Ina measc na hoibre a rinneadh in 2013 bhí:

- Bhí anailísí a bhain le 9,371 sampla ó aibhneacha agus lochanna, agus 3,023 ó inbhir, mar thoradh ar dhá bhabhta déag de shampláil fhisiciceimiceach uisce dromchla.
- Tógadh trí bhabhta de shamplaí screamhuisce ó 275 tobar agus fuarán.
- Tá sonraí samplála uisce curtha ar fáil i dTábla 6.

Table 6. Total Number of Water Samples Analysed in 2013

Lochanna CTU	
Faireachas	1,602
Oibríochtúil	470
Substaintí tosaíochta	155
Iomlán na samplaí locha	**2,227**
Aibhneacha CTU	
Faireachas	2,960
Oibríochtúil	3,839
Substaintí tosaíochta	345
Iomlán na samplaí abhann	**7,144**
Screamhuisce CTU	1,003
Inbhearach CTU	3,023
OSPAR	144
Samplaí Breise Sliogéisc	108
Iomláin	**13,649**

- Baintear feidhm as measúnachtaí éiceolaíocha chun stádas CTU a shannadh d'uiscí dromchla le tuairisciú don Eoraip agus lena gcur san áireamh i bPleananna Bainistíochta Abhantrach. Chomh maith leis sin, tacaíonn siad le forbairt Cláir Beart chun stádas éiceolaíoch uiscí a fheabhsú nó a chosaint. Rinne eolaithe an GCC suirbhéanna éiceolaíocha in 2013 ag:
  - 861 láithreán abhann ar 369 abhainn
  - 85 loch ag breis is 4000 stáisiún samplaí
  - 80 dobharlach idirchreasa agus cósta ag 550 stáisiún samplála

As an 861 láithreán abhann, bhí 801 acu oibríochtúil/imscrúdaitheach agus bhí 60 acu ag láithreáin faireachais fhadthéarmaigh. Rinneadh measúnuithe Luach Q ar mhaicrinveirteabraigh ag an 861 láithreán, agus rinneadh sampláil shéasúrach fítibeantóise ag láithreáin faireachais agus ag roinnt láithreán oibríochtúil/imscrúdaitheach in 2013. Rinneadh iomlán 60 suirbhé de chineál Teicníc Mheasúnaithe Hidreamoirfeolaíoch Abhann (TMHA) chomh maith in 2013. (Tábla 7)

Tábla 7. Monatóireacht Bhitheolaíoch Aibhneacha

Measúnuithe Luach Q ar Mhaicrinveirteabraigh (Líon na Láithreán)	801	60	861
Sampláil agus Measúnuithe Fítibeantóis (Líon na Samplaí)	20	210	230
Suirbhéanna Measúnaithe Hidreamoirfeolaíoch (TMHA)	21	39	60

AN CLÁR HIDRIMÉADRACHTA

Chuir an GCC meastacháin nuashonraithe ar fáil in 2013 ar staidreamh srutha 95%tíl, ar mhaithe le ríomh sruth asamhlaithe a éascú do cheadúnais Ionaid Chóireála Fuíolluisce (ICF). Bhunaigh an GCC an Mheitheal Náisiúnta Hidriméadrach (MNH) i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí chun úsáid níos éifeachtúla acmhainní hidriméadracha a chur chun cinn, sonraí a scaipeadh agus comhoibriú méadaithe a chothú maidir le gníomhaíochtaí hidriméadracha. Cuimsíonn an grúpa seo eagraíochtaí a bhaineann le bailiú, anailís, scaipeadh agus úsáid sonraí hidriméadracha uisce dromchla agus screamhuisce. Is é príomhchuspóir an MNH ná feabhsú a dhéanamh ar mhonatóireacht, próiseáil, fáil agus úsáid fhoriomlán sonraí hidriméadracha ardcháilíochta. Tá tábhacht náisiúnta leis na sonraí hidriméadracha a bhíonn bailithe ag na heagraíochtaí go léir atá i gceist, agus tacaíonn siad le pleanáil agus bainistíocht acmhainní uisce, riachtanais tuairiscithe an AE agus náisiúnta, cumas asamhlaithe le haghaidh sceitheadh, tuarascálacha staidéir hidrea-éiceolaíocha, meas tuilte, bainistíocht riosca tuilte, réamhfhaisnéis agus rabhadh faoi thuilte, dearadh bonneagair, bainistíocht iascach, taighde agus oideachas, agus gníomhaíochtaí loingseoireachta agus áineasa. Beidh sí mar bhonn náisiúnta chomh maith le haghaidh malartú saineolais eolaíoch agus theicniúil, fad is a dhéanfaidh sí forbairt na gcleachtas hidriméadrach is fearr a mholadh.

SCREAMHUISCE

Rinne an GCC measúnuithe in 2013 ar mhianaigh stairiúla, láithreáin éillithe agus ionaid líonta talún le cinneadh an bhféadfaidís a bheith mar chúis le teip chuspóirí comhshaoil na Creat-Treorach Uisce (CTU). Rinneadh measúnuithe

chomh maith ar bhogaigh a bhraitheann ar screamhuisce le cinneadh an bhfuil dochar suntasach déanta dóibh mar gheall ar thruailliú nó ró-astarraingt dobharlach screamhuisce. Rinneadh obair shuntasach ar fhorbairt tacair shonraí eile ar bhrú maidir le talmhaíocht agus córais chóireála fuíolluisce baile.

Rinneadh monatóireacht ar cháilíocht screamhuisce i dtrí bhabhta samplála ag líonra screamhuisce an CTU (275 láithreán) in 2013. Leanadh de ghiniúint agus próiseáil sonraí ón leibhéal screamhuisce agus ón líonra sreafa fuarán. Úsáidtear na sonraí cáilíochta agus cainníochtúla screamhuisce i stádas an CTU agus measúnuithe treochtaí, agus tuairiscítear iad chomh maith le haghaidh riachtanais rialaitheacha eile, amhail an Treoir Níotráití.

AN TREOIR UM MEASÚNÚ STRAITÉISEACH TIMPEALLACHTA (MST)

Tá an GCC ar cheann de na cúig údarás comhshaoil reachtúla atá ainmnithe faoi reachtaíocht náisiúnta MST agus a bhfuil dualgas uirthi fógraí a fháil ag céimeanna éagsúla na bPleananna agus na gClár go léir, agus faoi athbhreithnithe, athruithe agus leasuithe gaolmhara. Rinne an GCC 46 aighneacht i rith 2013 ar Thuarascálacha Comhshaoil agus Dréacht-Phleananna MST, agus 28 aighneacht ar Leasuithe Beartaithe ar Dhréacht-Phleananna. Anuas air sin, fuarthas 74 fógra scagthástála MST agus 50 fógra scóipe MST.

Bhí an GCC páirteach i gcomhairliúcháin ar ullmhú príomhphleananna / príomhchlár suntasach náisiúnta. Ina measc seo bhí:

- an Polasaí agus Forbairt Náisiúnta Onnmhairithe Fuinnimh,
- Straitéis Náisiúnta um Thalamh Phortaigh / Plean Bainistíochta Náisiúnta LCS um Phortaigh Ardaithe,
- An Creat um Infheistíocht in Iompar Talún,
- An Plean Náisiúnta Straitéiseach Dobharshaothraithe agus
- Bealach Fiáin an Atlantaigh.

Bhí an GCC páirteach chomh maith i bpríomhghrúpaí stiúrtha náisiúnta agus réigiúnacha, amhail:

- An Fóram Náisiúnta Teicniúil MST
- Creat-Phlean Comhtháite na Sionainne
- An Coiste Náisiúnta Comhordaithe ar Phleananna Bainistíochta Dramhaíola
- An Clár Forbartha Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta
- Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Theicniúil um Measúnú agus Bainistíocht Riosca Tuilte Abhantrach

Lean an GCC de theagmháil fhorghníomhach a dhéanamh le ranna rialtais agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chun an cleachtas is fearr a chur chun cinn maidir le MST. Chuimsigh sé seo rannpháirtíocht i, agus cur i láthair ag fóraim réigiúnacha MST agus eagrú ócáid oiliúna dar teideal *Cur Chuige Straitéiseach i leith MST* - i Meán Fómhair 2013.

Figiúr 4. Miondealú Bliantúil ar Ghníomhaíocht MST



	Aighneachtaí Scagthástalá a Fuarthas	Aighneachtaí Scóipe a Fuarthas	Líon na Thuarascálac ha Comhshaoil a Fuarthas	Líon na nAighneacht aí a Rinneadh ar Thuarascálac ha Comhshaoil agus Dréachtphlea nanna	Líon na Leasuithe ar Thuarascálac ha Comhshaoil a Fuarthas	Líon na nAighneacht aí a rinneadh ar Leasuithe ar TCanna a Rinneadh
Iomlán 2008	138	66	69	48	0	0
Iomlán 2009	56	57	28	43	25	27
Iomlán 2010	61	41	49	36	21	20
Iomlán 2011	121	59	27	37	19	20
Iomlán 2012	76	42	45	37	23	22
Iomlán 2013	75	50	46	46	22	28

Figiúr 6: MST de réir Earnála go dtí Deireadh 2013

Iomlán na MSTanna in aghaidh na hEarnála



Líon Iomlán na MSTanna **361**

SEIRBHÍSÍ SAOTHARLAINNE

Cuireann seirbhísí saotharlainne an GCC an cumas anailíseach ar fáil le tacú le cur i bhfeidhm na gclár náisiúnta monatóireachta agus le tacú le príomhróil an GCC ar cheadúnú agus forfheidhmiú .

Déanann na saotharlanna atá suite i gCill Chainnigh, Muineachán, Caisleán an Bharraigh agus Baile Átha Cliath an anailís ar pharaiméadair fhisiciceimiceacha aibhneacha, lochanna, screamhuiscí agus uiscí idirchreasa le haghaidh fhaireachas an CTU agus cláir mhonatóireachta eile. Déanann gach ceann de na saotharlanna seirbhísí monatóireachta agus anailíseacha a chur ar fáil chomh maith ag áiseanna ceadúnaithe agus déanann siad an iniúchóireacht ar cheadúnais sceite fuíolluisce. Cuireann na saotharlanna i gCaisleán an Bharraigh, Muineachán agus Cill Chainnigh seirbhísí ar fáil chomh maith do na húdaráis áitiúla sna réigiúin seo.

In 2013:

- Glacadh 23,566 sampla agus rinneadh anailís orthu maidir le raon ceimiceán agus, nuair ba chuí sin, paraiméadair mhicribhitheolaíochta.

- Leanadh den obair ar chomhtháthú na saotharlann agus glacadh le teicneolaíochtaí nua le haghaidh bainistíocht doiciméad agus rialú cáilíochta i saotharlanna, agus le forbairt comh-mhodhanna agus comhnósanna imeachta anailíseacha le haghaidh na dtástálacha is mó a úsáidtear sna saotharlanna.
- Rinneadh iarratas chuig Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) le haghaidh creidiúnú aonair il-láithreáin do shaotharlanna an GCC. Tar éis d'iniúchtaí a bheith déanta ar na saotharlanna i Nollaig 2013 ag BNÉC, moladh saotharlanna an GCC le haghaidh creidiúnú aonair comhtháite il-láithreáin.
- Chruthaigh na saotharlanna i gCill Chainnigh, Caisleán an Bharraigh agus Muineachán tuarascálacha ar Cháilíocht Uisce Réigiúnach Chomhtháite. Cuimsíonn na tuarascálacha seo aibhneacha, lochanna, screamhuiscí, uiscí idirchreasa agus cósta agus uiscí snámha agus díríonn siad ar ghnéithe ceimiceacha agus bitheolaíocha araon. Príomhfhócas a bhí sna tuarascálacha ná measúnú a dhéanamh ar na sonraí cáilíocht uisce i gcomhthéacs an CTU agus réimsí ar leith ar gá díriú orthu a aithint le cabhrú le cuspóirí an CTU a bhaint amach.

AN CLÁR IDIRCHALABRÚCHÁIN

Tháinig méadú trí cinn ar líon iomlán na saotharlann a bhí páirteach i gclár idirchalabrúcháin an GCC, go 141 in 2013. Ina measc siúd bhí saotharlanna de chuid na n-údarás áitiúil, saotharlanna an IPPC agus saotharlanna ar conradh, saotharlanna eile a chuireann sonraí ar fáil don GCC agus saotharlanna réigiúnacha de chuid an GCC féin. Seoltar na gnéithe den chlár a bhaineann le réiteach agus scaipeadh samplaí chuig saotharlann sheachtrach fós.

Is féidir breathnú ar chlár na saotharlann, rud a bhfuil foráil déanta dó faoi Alt 66 d'Acht an GCC, 1992, agus é bunaithe ar fheidhmíocht na saotharlann ar leith le bliain anuas, is féidir breathnú air ag http://www.epa.ie/pubs/reports/water/other/epalistofapprovedlaboratories-2012.html

FAIREACHAS INMHEÁNACH MARGAIDH - MONATÓIREACHT AR SHUBSTAINTÍ GUAISEACHA

Rinne an GCC réimse leathan gníomhaíochtaí faireachas margaidh, agus iad ag cuimsiú scóip chuimsitheach catagóirí táirgí a chuimsíonn trealamh leictreach agus leictreonach (Treoir 2011/65/EU), cadhnraí (Treoir 2006/66/EC), péinteanna (Treoir 2004/42/CE) agus pacáistiú/bréagáin (Rialachán (EC) Uimh. 850/2004). Rialaíonn an Rialachán ar Chreidiúnú agus Faireachas Margaidh (Rialachán (EC) Uimh. 765/2008) agus an reachtaíocht a bhaineann leis na gníomhaíochtaí seo den chuid is mó.

Ar na gníomhaíochtaí faireachas margaidh a bhí ar siúl sna hearnálacha éagsúla i rith 2013, bhí:

- 22 measúnacht ar chomhad teicniúil táirge faoi Threoir 2011/65/EU (An Treoir ar Rialú SGanna)
- 24 cuairt chigireachta fachtóir mótair maidir le cloí le hoibleagáidí táirgí athbhailchríochnaithe feithicle faoi Threoir 2004/42/CE (An Treoir maidir le Péinteanna)
- Críochnú iomlán 13 fhógra RAPEX a bhain le sáruithe an Rialacháin TOManna (5), an Rialachán CMÚSSC (6) agus Rialachán comhcheangailte TOM/CMÚSSC (2).
- 12 shampla de ghual biotúmanach le haghaidh cion sulfair faoi na Rialacháin um Bhreosla Soladach (I.R. Uimh. 326 de 2012).

CEIMICEÁIN GHUAISEACHA A RIALÚ

Forfheidhmíonn an GCC rialú substaintí áirithe guaiseacha, lena n-áirítear truailleáin sheasmhacha orgánacha (TSOnna). Coinníonn an GCC an fardal Náisiúnta Défheinilí Polaclóirínithe (PCB), rud ar clár é de mhéideanna ábhar áirithe atá éillithe le PCB agus iad i dtrealamh sa Stát. Laghdaigh na méideanna ábhar a bhí éillithe le PCB ó 69,032 lítear go 24,328 lítear i rith 2013. Baineadh an laghdú seo amach go príomha trí na húdaráis áitiúla éagsúla, agus iad ag déanamh obair shuntasach chun trealamh a d'fhéadfadh a bheith éillithe le PCB a aithint agus cigireacht a dhéanamh air taobh istigh dá limistéir feidhme.

2.2. TAIGHDE

Tá bainistíocht éifeachtach an chomhshaoil á stiúradh ag an eolaíocht go méadaitheach. Agus clár taighde ar siúl againn, tá an GCC ag cruthú an eolais agus an tsaineolais le tionchar a imirt ar pholasaí, brúnna a aithint agus réitigh ar dhúshláin chomhshaoil a fhorbairt.

BUAICPHOINTÍ NA DTIONSCNAMH TAIGHDE

Ba bhliain ghnóthach í 2013 sa chlár taighde maidir le glaonna nua taighde, críochnú tionscadal a bhí maoinithe roimhe seo, scaipeadh feabhsaithe torthaí taighde agus teagmháil leanúnach lenár bpiaraí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

- Eisíodh 14 phreaseisiúint ón gclár taighde in 2013.
- Rinneadh 28 dámhachtain taighde de bhonn an ghlao i Meitheamh 2013, tar éis do 68 togra a bheith faighte.
- Rinneadh 5,963 íoslódáil ón gCartlann Taighde Sonraí Níos Sábháilte in 2013, agus ba mhéadú 10% é seo i gcomparáid le 2012.
- Seoladh catalóg nua saineolaithe Éireannacha de chuid 'Horizon 2020'. Faoi dheireadh 2013, bhí 27,000 cuairt tugtha air ag daoine ar fud na cruinne (>50,000 in Aibreán 2014) (féach Figiúr 6). http://erc.GCC.ie/h2020catalogue/downloadCatalogue.php

Foilsíodh 31 tuairisc taighde. Tá achoimre ar shonraí faoi roinnt de na príomheisiúintí thíos.

- Foilsíodh cúig thuarascáil taighde nua ar an Aeráid i bhFeabhra, inar scrúdaíodh ceisteanna ilghnéitheacha amhail roghanna maolaithe ar fud an gheilleagair agus riachtanais oiriúnaithe réigiúnacha agus áitiúla. Bhí na tuarascálacha seolta ag an Uas. Phil Hogan T.D., Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ag ócáid taighde an GCC dar teideal *Cur le Gníomhartha ar Athrú Aeráide*.
- Foilsíodh taighde in Aibreán a dhírigh aird ar laghdú suntasach ar líon na ndobharlach atá fíor-íon mar gheall ar ghníomhaíochtaí a bhfuil déine réasúnta íseal ag baint leo, amhail draenáil páirceanna, tithe aonuaire agus truailliú. Déanann an tuarascáil cur síos ar straitéisí chun dobharlaigh fíor-íona a chosaint ar dhíghrádú.
- Foilsíodh tuarascáil i mBealtaine ar Thruailliú Aeir Taobh Istigh agus Sláinte, rud a scrúdaigh tionchair sláinte an truaillithe aeir in áiteanna cónaithe ina ndóitear breoslaí soladacha le haghaidh teasa nó cócaireachta agus in áiteanna cónaithe ina bhfuil duine a chaitheamh tobac ina c(h)ónaí. Léirigh an staidéar go bhfuil an tiúchan truaillithe chaithnínigh in áiteanna cónaithe lucht caithimh tobac a bhíonn á chaitheamh taobh istigh sé huaire níos airde ná moladh an EDS le haghaidh cáilíocht aeir ghinearálta taobh istigh.
- Foilsíodh measúnú i mí an Mheithimh ar sheacht dtonn teasa a tharla in Éirinn le 30 bliain anuas agus a dtionchar ar bhásmhaireacht. Rinne an obair seo cainníochtú ar an gcaidreamh idir eachtraí foirceannacha teasa agus rátaí básmhaireachta, agus d'aithin sí straitéisí bainteacha oiriúnaithe.

Figiúr 6. Líon na n-amharc ar fud an domhain ar Chatalóg 'Horizon 2020'



- Seoladh sraith tuarascálacha ar thionchair an athraithe aeráide i Meán Fómhair. Chuimsigh siad seo anailís mhionsonraithe ar shonraí sruth abhann a bhí bailithe ag an GCC faoi threoir Micheal McCarthy, nach maireann, fear ar tiomnaíodh an tuarascáil seo dó.
- Sheol an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an tuarascáil, *Cosaint Comhshaoil trí Thaighde*, i Meán Fómhair. Rinneadh cur síos sa tuarascáil ar an ról ríthábhachtach atá ag taighde atá maoinithe ag an GCC i gcur ar fáil fianaise le cabhrú le dúshláin chomhshaoil a aithint agus dul i ngleic leo, i réimsí an athraithe aeráide, uisce agus inbhuanaitheachta. Chomh maith leis sin, leagann sí amach an ról ríthábhachtach atá ag taighde i gcinntiú go gcuirtear polasaithe comhshaoil náisiúnta agus an AE i bhfeidhm ar an mbealach is cost-éifeachtúla, agus i bhforbairt réiteach nuálaíoch chun comhshaol na hÉireann a chosaint.

An tUas. Phil Hogan, T.D. Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an tUas. Laura Burke, Ard-Stiúrthóir, ag seoladh tuarascála de chuid an GCC, is é sin, *Cosaint Comhshaoil trí Thaighde*.

STRAITÉIS TAIGHDE 2014-2020

Cuireadh seacht gceardlann ar siúl in 2013, agus d'fhreastail breis is 600 duine orthu, ar mhaithe le cabhrú leis an GCC straitéis taighde 2014-2020 a ullmhú. Díríonn Clár Taighde an GCC ar phríomhdhúshláin comhshaoil trí thaighde iomaíoch a mbíonn giniúint eolais mar thoradh air, ar mhaithe le taighde ardcháilíochta a chur chun cinn, agus le cur le cosaint agus feabhsú ár gcomhshaoil nádúrtha agus shláinte an duine. Eisíodh dréacht-straitéis taighde le haghaidh comhairliúcháin i mí na Samhna, agus fuarthas 67 aighneacht i rith comhairliúchán poiblí sé seachtaine.

Tá trí phríomhréimse sa straitéis deiridh taighde: Aeráid, Uisce agus Inbhuanaitheacht. Beidh na tionscadail a dtacófar leo tríd an gclár spriocdhírithe chun dul chun cinn a bhaint amach i dtrí phríomhréimse:

1. *Brúnna a Aithint:* Measúnuithe a chur ar fáil ar stádas reatha comhshaoil agus treochtaí amach anseo chun brúnna ar ár gcomhshaol a aithint.
2. *Cur le Polasaí:* Fianaise a fháil, cleachtais a athbhreithniú agus múnlaí a thógáil le cur le forbairt agus cur i bhfeidhm polasaí.
3. *Réitigh a Fhorbairt:* Teicneolaíochtaí agus modhanna nua a úsáid a dhíríonn ar dhúshláin chomhshaoil agus a chuireann deiseanna geilleagair ghlais ar fáil.

Is éard a bheidh i gceist le scaipeadh ár dtaighde ná soláthar tuarascálacha tionscadail éagsúla (ríomh-nuachtlitir thiomanta san áireamh) agus ábhair eile, chomh maith le módúlachtaí cumarsáide atá deartha le díriú ar na dúshláin seo.

TAISCÉALAÍOCHT AGUS ASTARRAINGT NEAMHGHNÁCH GÁIS (TANG)

Is ceist éiritheach í TANG in Éirinn agus is éard atá i gceist léi ná scoilteadh hiodrálach ardtoirte (fraiceáil) carraig tréscaoilteachta ísle ionas gur féidir gás nádúrtha a astarraingt ar scála tráchtála ó fhoinsí neamhghnácha amhail fosuithe gás scealla, síoga guail agus gaineamhchlocha teanna.

Cuireadh próiseas comhairliúcháin phoiblí ar bun ag tús 2013 agus fuarthas 1356 aighneacht. I mí na Samhna, chuir an GCC tús le próiseas soláthair poiblí ar son na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus Ghíomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann, chun oibreoir aonair a cheapadh le clár taighde a dhéanamh ar na tionchair a bheadh ag TANG ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine. Bronnadh conradh in 2013 chun an taighde a dhéanamh, rud a mhairfidh ar feadh dhá bhliain nach mór.

ITHREACHA

Leanadh den obair ar chríochnú tionscadal CFIÉ (ISIS), rud atá maoinithe ag an GCC agus arb é is aidhm dó ná léarscáil cineálacha ithreacha 1:250,000 a fhorbairt d'Éirinn. In éineacht leis seo, d'eagraigh an GCC Ceardlann Chomhcheangailte Phleanála Taighde CFIÉ (Córas Faisnéise Ithir na hÉireann) agus um Ithreacha agus Úsáid Talún i Meán Fómhair 2013. D'ullmhaigh an GCC Dréacht-Dhoiciméad Plé ar Thosaíochtaí Taighde Ithreacha agus Úsáide Talún roimh an gceardlann.

Anuas air sin, bhí an GCC páirteach i nGrúpa Náisiúnta Gníomhaíochta Tosaíochta ar Tháirgeadh Inbhuanaithe Bia. Bíonn obair an choiste seo éascaithe ag an Roinn Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Mara.

BITHÉAGSÚLACHT

Foilsíodh Tuarascáil an Tionscadail SIMBIOSYS i nDeireadh Fómhair. Déanann an tionscadal foriomlán cainníochtú ar thionchair príomhghníomhaíochtaí earnála in Éirinn ar bhithéagsúlacht agus ar na seirbhísí éiceachórais a chuireann siar ar fáil, lena n-áirítear pailniú, rialú bitheolaíoch lotnaidí, ceapadh carbóin agus frithsheasmhacht in aghaidh ionradh speiceas coimhthíoch. Rinne gné amháin den tionscadal léarscáiliú ar dhaonraí fia Oisrí an Aigéin Chiúin agus dhírigh sé ar an gcaoi ar féidir leis an scaipeadh dul i bhfeidhm ar chumas na n-inbhear tacú le huisceshaothrú agus iascaigh.

Foilsíodh an Lámhleabhar Cleachtóra ar Mheasúnú Comhtháite Tionchair ar Bhithéagsúlacht (MCTB) i rith 2013. Cuireann an lámhleabhar seo nascachtaí chun cinn idir gnéithe a bhaineann le bithéagsúlacht de MTS agus Measúnú Cuí, agus MTT agus Measúnú Cuí.

Lean an GCC dá dlúththeagmháil leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus le páirtithe leasmhara eile ar an mBonn Náisiúnta le haghaidh Taighde Bithéagsúlachta, rud a bheidh ar siúl go dtí 2014. Tá páipéir oibre táirgthe agus foilsithe a chlúdaíonn na réimsí a raibh easpa eolais fúthu agus a raibh gá le taighde orthu amhail Fionnuisce, Muir agus Talmhaíocht, Talamh Féaraigh agus Ithreacha.

Leanann GCC de pháirt a ghlacadh i gCoiste Ramsar Éireann um Bogaigh (CRÉB/IRWC) agus déanann sé é a chomhóstáil leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Bhí CRÉB bunaithe ag an rialtas i Samhain 2010 le cabhrú le hÉirinn a ndualgais mar shínitheoir de chuid Choinbhinsiún Ramsar a chomhlíonadh. Tá ionadaithe do roinnt gníomhaireachtaí bainteacha de chuid an Rialtais, d'institiúidí eolaíochta agus teicniúla, d'údaráis réigiúnacha agus áitiúla agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha ar an gCoiste. Is é príomhchuspóir CRÉB ná úsáid chiallmhar, feasacht ar, agus cosaint bogach in Éirinn a chur chun cinn.

2.3 TUAIRISCIÚ

Cabhraíonn tuairisciú neamhspleách ar cháilíocht chomhshaoil le cur le cinnteoireacht a bhíonn á déanamh ag an rialtas náisiúnta agus áitiúil.

TRÁDÁIL IN ASTAÍOCHTAÍ

FARDAIL ASTAÍOCHTAÍ NÁISIÚNTA

Cuireadh bailchríoch ar an bhfardal náisiúnta Gáis Cheaptha Teasa le haghaidh 2011, agus foilsíodh an réamhfhardal le haghaidh 2012. Ba é iomlán na n-astaíochtaí náisiúnta gáis cheaptha teasa in 2012 ná tuairim is 58.5 milliún tonna de choibhéis dé-ocsaíd charbóin (coibhéis Mt CO2). Meastar go bhfuil Éire ag cloí lena teorainn ó Kyoto nuair a chuirtear Scéim Trádála Astaíochtaí an AE agus linnte foraoise san áireamh.

Chuir an GCC seimineár ar siúl in Acadamh Ríoga na hÉireann i nDeireadh Fómhair, chun figiúirí astaíochtaí gáis cheaptha teasa na hÉireann le haghaidh na tréimhse ó 1990–2012 a chur i láthair.

Rinneadh athbhreithniú de chuid na NA sa tír ar fhardail gáis cheaptha teasa na hÉireann, 1990–2011.

RÉAMH-MHEASTACHÁIN AR ASTAÍOCHTAÍ

Léirigh réamh-mheastacháin astaíochtaí gáis cheaptha teasa a foilsíodh in 2013 na treochtaí réamh-mheasta suas go dtí 2020, agus thug siad léargas dúinn ar chumas na hÉireann spriocanna idirnáisiúnta agus an AE a bhaint amach. Tá baol mór ann nach mbainfidh Éire spriocanna an AE le haghaidh 2020 amach, sa chás féideartha is fearr ó thaobh cur i bhfeidhm polasaí de. Is iad fás láidir réamh-mheasta faoi astaíochtaí ó iompar agus talmhaíocht na príomhnithe atá ag cur leis an treocht seo. (Figiúr 7).

Figiúr 7. Treochtaí Gáis Cheaptha Teasa



Shroich astaíochtaí gáis cheaptha teasa na hÉireann buaic amach in 2001, agus tá laghdú 17.4% tagtha orthu sa tréimhse 11 bhliain go 2012

Léiríonn réamh-mheastacháin astaíochtaí go méadóidh leibhéal na bpríomhearnálacha mar atá siad faoi láthair sa chás is fearr, rud a dhéanann talamh slán de chur i bhfeidhm iomlán pholasaithe agus bhearta an Rialtais.

EOLAÍOCHT AERÁID AN AEIR

Lean an clár taighde d'ábhar agus anailís a chur ar fáil a thacaigh le forbairt leanúnach fardail agus réamh-mheastacháin náisiúnta astaíochtaí, lena n-áirítear anailís ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa ó phríomhearnálacha go dtí 2050, le díriú láidir ar úsáid talún agus athrú úsáide talún. Chumasaigh an clár teagmháil eolaíoch taighdeoirí in Éirinn le samhlacha uile-Eorpacha chomh maith, rudaí a úsáidtear chun straitéisí a fhorbairt chun cuspóirí agus spriocanna Eorpacha comhshaoil a bhaint amach.

Tionóladh comhdháil mhór eolaíoch ar spriocanna cáilíochta aeir amach anseo i mBaile Átha Cliath in 2013. Cuireadh na torthaí ar fáil do chruinniú de Chomhairle Airí an AE ina dhiaidh sin.

AN TREOIR UM UASTEORAINNEACHA NÁISIÚNTA ASTAÍOCHTAÍ

Éilítear ar Éirinn leis an Treoir um Uasteorainneacha Náisiúnta Astaíochtaí teorainn a chur le hastaíochtaí de cheithre thruailleán aeir trasteorann faoi 2010 agus gach bliain dá éis sin. Tá na ceithre thruailleán seo mar chúis le truailliú fadraoin trasteorann aeir amhail aigéadú, eotrófú agus truailliú ózóin ag leibhéal na talún.

Léiríonn na sonraí go raibh astaíochtaí an truailleáin aeir ocsaíd de nítrigin (NO_x) in 2011 os cionn uasteorainn shonraithe astaíochtaí an AE (Figiúr 8). Tá na hastaíochtaí truailleáin aeir - dé-ocsaíd sulfair (SO_2), comhdhúile so-ghalaithe orgánacha (CSOnna) agus amóinia (NH_3) - i bhfad faoi bhun theorainneacha riachtanacha astaíochtaí an AE.

Figiúr 8. Treochtaí Astaíochtaí NO_x



CÁILÍOCHT AN UISCE SNÁMHA

Díríonn reachtaíocht náisiúnta agus an AE maidir le huisce snámha ar chosaint shláinte an phobail, le cur chuige forghníomhach i leith bainistíocht cáilíochta uisce snámha agus cur ar fáil eolais don phobal. Tá 135 uisce snámha ainmnithe in Éirinn.

Léirigh Tuarascáil Uisce Snámha 2012 go bhfuil cáilíocht fhoriomlán uiscí snámha na hÉireann ard go fóill, agus 97% de na láithreáin uisce snámha (131 as 135) ag cloí le caighdeáin íosta cháilíochta an AE (Figiúr 9).

Sheol an GCC na torthaí agus na measúnuithe náisiúnta uisce snámha chuig an AE faoi dheireadh mhí na Nollag 2013, mar is gá di.

Figiúr 9. Cáilíocht an Uisce Snámha



Cuireann suíomh gréasáin *Splash* - www.splash.ie - eolas ar fáil don phobal faoi cháilíocht uisce snámha le haghaidh an 135 uisce snámha ainmnithe go léir in Éirinn. Cuireann an suíomh gréasáin na torthaí samplála is déanaí ar fáil maidir leis an séasúr snámha, in éineacht lena gcloí le caighdeáin an AE, a stádas foriomlán cáilíochta uisce, an fháil atá ar ghardaí tarrthála, an aimsir agus eolas faoin taoide. Rinneadh nuashonrú cuimsitheach air i rith 2013 chun eolas breise a chur ar fáil, lena n-áirítear teacht poiblí ar phróifílí uisce snámha agus fógraí faoi theagmhais. Lig seirbhís teachtaireachtaí Twitter ar Splash do scaipeadh tráthúil eolais tarlú i measc an phobail chomh maith faoi rabhaidh teagmhas truaillithe ar bith.

CUMHDACH TALÚN

Cruthaíonn an GCC tacar sonraí ginearálaithe cumhdach talún darb ainm CORINE don Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (GEC). Cruthaíodh CORINE le haghaidh 1990, 2000 agus 2006. Tá CORINE 2012 á chur le chéile ag an GCC i láthair na huaire. Tá táirgeadh na sonraí seo á dhéanamh go hinmheánach anois, agus tá sé á fhorbairt trí mhodheolaíocht leath-uathoibrithe. Is cur chuige nuálaíoch é seo agus laghdóidh sé an t-am agus na hacmhainní atá de dhíth chun CORINE a chruthú. Bhí an mhodheolaíocht tástáilte agus faofa ag an GEC in 2013 agus tá an táirgeadh de réir sceidil, agus dáta deiridh i Meitheamh 2014 i gceist.

Is é tacar sonraí Corine an t-aon tacar sonraí náisiúnta cumhdach talún faoi láthair; ach is tacar sonraí uile-Eorpach é a bhfuil drochghléineacht ag baint leis. Bíonn sé míchuí go minic é a úsáid chun críocha measúnaithe náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Lean an GCC de bheith páirteach i meitheal náisiúnta in 2013, rud atá ag fiosrú na roghanna chun clár náisiúnta léarscáilithe cumhdach talún agus gnáthóg a fhorbairt. Tá sé mar aidhm ag an meitheal seo moltaí a chur faoi bhráid an rialtais a dhíreoidh aird ar an ngá atá le clár náisiúnta léarscáilithe a fhorbairt. Bheadh sé mar aidhm a leithéid de chlár léarscáileanna mionsonraithe cumhdach talún agus gnáthóg a chruthú d'Éirinn. Bhí an GCC ríthábhachtach i bhforbairt cur chuige theicniúil agus maoiniú taighde le díriú ar bhearnaí eolais.

TUAIRISCIÚ NÁISIÚNTA AR AN DRAMHAÍL

Léirigh an Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola gur tháinig laghdú 17% ar chruthú dramhaíola soladaí bardasaí na hÉireann in 2011, ó bhain sé buaic amach in 2007, rud a tharla go háirithe mar thoradh ar an gcúlú eacnamaíochta agus laghdú ar thomhaltas pearsanta. Léirigh an tuarascáil gur chruthaigh Éire níos lú dramhaíl bhaile in aghaidh an duine in 2011 ná meán an AE, agus gur athchúrsáil sí 40% dá dramhaíl bhardasach. Léirigh réamhfhigiúirí le haghaidh 2012 gur laghdaigh sé seo go 38%. Tá spriocanna aisghabhála dramhaíola uile an AE á mbaint amach ag Éirinn chomh maith, amach ó aisghabháil feithicilí a bhfuil a ré caite.

AN CLÁR EORPACH UM SCAOILEADH AGUS AISTRIÚ TRUAILLEÁN (CESAT/E-PRTR)

Is clár poiblí é an Clár Eorpach um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán (CESAT/E-PRTR) de scaoileadh agus aistriú truailleán ó fhoinsí tionsclaíocha agus eile. Chruthaigh Éire tuarascáil náisiúnta in 2013 chun scaoileadh truailleán agus aistriú dramhaíola CSAT a chur i gcomhthéacs don phobal. Déanann an tuarascáil achoimre ar an eolas agus sonraí atá bailíochtaithe ag an GCC agus tuairiscithe don AE faoi Rialacháin an CESAT le haghaidh na bliana 2012. Ba chóir go gcabhródh an fháil ar a leithéid d'eolas le rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas cinnteoireachta agus cuireann sé eolas bainteach ar fáil ar bhealach tráthúil do lucht ceaptha polasaí, agus do na daoine siúd atá páirteach i rialáil gníomhaíochtaí ar a ndéantar tuairisciú CESAT.

Thuairiscigh Éire 380 áis in 2012 a bheith os cionn na dtairseach CESAT i gcás astaíochtaí chun aeir, uisce agus fuíolluisce, agus os cionn na dtairseach sainithe le haghaidh aistriú dramhaíola guaisí agus neamhghuaisí. As na hiomláin a bhí tuairiscithe don CESAT ag na stáit go léir a bhí ag tuairisciú, chuir Éire tuairim is 1% de na hastaíochtaí chun aeir agus uisce, agus 0.5% den dramhaíl ghuaiseach agus 1% den aistriú dramhaíola neamhghuaisí.

TRUAILLEÁIN SHEASMHACHA ORGÁNACHA (TSONNA) A THUAIRISCIÚ

Seoladh na Tuarascálacha Bliantúla agus Tríbhliantúla araon ar chur i bhfeidhm Rialachán (EC) Uimh. 850/2004 (Rialachán um TSOnna) taobh istigh den Stát, mar is gá faoi Airteagal 12 den Rialachán, seoladh iad chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le bheith curtha ar aghaidh go dtí an Coimisiún Eorpach.

CMÚSSC (CLÁRÚ, MEASÚNÚ, ÚDARÚ AGUS SRIANADH SUBSTAINTÍ CEIMICEACHA)

Tá an GCC ag obair go fóill leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) agus le ranna bainteacha den Rialtas le cinntiú go gcuirfear an Rialachán CMÚSSC i bhfeidhm. Chuimsigh an obair in 2013 tuairisciú faoin Acht Ceimiceán 2008.

AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH COMHSHAOIL (GCE)

Lean an GCC ar aghaidh agus í ag feidhmiú ina ról mar Lárionad Náisiúnta d'Éirinn le comhordú a dhéanamh ar mhalartú faisnéis chomhshaoil leis an GCE agus le forbairt agus cothabháil an líonra náisiúnta agus le teagmhálacha, iarratais agus seachadtaí a éascú agus a chomhordú idir leibhéil náisiúnta agus leibhéil an Aontais Eorpaigh. Chuir an GCC cruinniú an Lárionaid Náisiúnta in Éirinn i Márta 2013 i láthair.

STAID AN TUAIRISCITHE COMHSHAOIL

Chuir acmhainn ghréasáin Táscairí Comhshaoil an GCC darb ainm *Comhshaol na hÉireann* eolas a nuashonraítear go rialta ar fáil don phobal agus do lucht cinnteoireachta ar phríomhtháscairí comhshaoil i rith 2013. Cuirtear eolas ar fáil i bhformáidí éagsúla, lena n-áirítear físeáin, deaiseanna, sonraí is féidir a íoslódáil, graif, grafaic faisnéise, bileoga eolais agus measúnuithe comhshaoil. Tugadh breis is 147,000 cuairt ar an gcuid seo dár suíomh gréasáin i rith 2013.

Dramhaíl bhardasach a aisghabháil agus a dhiúscairt, 2001-2011 (Foinse: an GCC)

STÁDAS / TREOCHT



CAIBIDIL 3:
ABHCÓIDEACHT

Obair a dhéanamh le dreamanna eile chun abhcóideacht a dhéanamh ar son comhshaoil atá glan, táirgiúil agus dea-chosanta agus ar son iompraíocht chomhshaoil inbhuanaithe.

3.1 OIDEACHAS

3.2 FEASACHT A MHÚSCAILT

3.3 IOMPRAÍOCHT A ATHRÚ

3.1 OIDEACHAS

Bíonn an GCC de shíor ag iarraidh ár gcumarsáid a fheabhsú agus acmhainní oideachasúla a chur ar fáil chun tuilleadh eolais a chur ar fáil do lucht ceaptha polasaí agus chun tionchar a imirt ar an réimse gnó, ar an bpobal agus ar na heagraíochtaí lena n-oibrímid.

PLEAN STRAITÉISEACH AN GCC

I bhFeabhra 2013, d'fhoilsigh an GCC a straitéis chorparáideach nua trí bliana, rud arb é an cheathrú straitéis fhoirmiúil atá ann ó bunaíodh an GCC beagnach 20 bliain ó shin. Leagann Plean Straitéiseach an GCC, 2013 - 2015 – *Obair le Daoine Eile ar son Comhshaoil Níos Fearr*, leagann sé amach na príomhghníomhartha tosaíochta a chuirfidh an GCC i gcrích suas go dtí 2015 chun an misean atá aici a chur i gcrích, is é sin, ár gcomhshaol a chosaint agus a fheabhsú mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann. Leagtar síos ann naoi dtosaíocht straitéiseacha don GCC i ngach ceann dá príomhfheidhmeanna, .i. rialáil, eolas agus abhcóideacht chomhshaoil.

SUÍOMH GRÉASÁIN AN GCC

Críochnaíodh athbhreithniú ar shuíomh gréasáin an GCC in 2012 le fiosrú cén chaoi a bhféadfadh úsáid an ghréasáin ag an GCC freastal níos fearr a dhéanamh uirthi agus ar a luchtanna féachana ar líne. Rinneadh comhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara chun ligean don GCC tuiscint a fháil ar riachtanais a lucht féachana ar líne agus chun cumarsáid shoiléir a fhorbairt ar líne atá dírithe ar an lucht féachana.

Cuireadh torthaí an athbhreithnithe seo i bhfeidhm le forbairt suíomh gréasáin nua a seoladh in 2013. Chuimsigh an suíomh gréasáin dearadh nua, feidhmiúlacht nua, athstruchtúrú suímh, uasghrádú córais agus inneall cuardaigh nua le cur ar chumas daoine teacht ar ár n-eolas ar bhealach níos éasca. Tá ár suíomh gréasáin ar an bpríomhuirlis chumarsáide a úsáidimid chun eolas a scaipeadh anois, agus breis is 1.8 milliún cuairt tugtha air in 2013, i gcomparáid le 650,000 in 2011. Leanfaimid de chlár forbartha agus feabhsaithe leanúnaigh ar ár suíomh gréasáin a chur i bhfeidhm, le cinntiú go gcuirfear eolas tráthúil agus inrochtana ar fáil dár bpáirtithe leasmhara go léir.

ÁR BPRÍOMHTHEACHTAIREACHTAÍ A CHUR IN IÚL

Le linn 2013, rinne an GCC iomlán 438 fiosrúchán ó na meáin a láimhseáil.

Foilsíodh agus scaipeadh Ráiteas Deireadh Bliana leis an Ard-Stiúrthóir. Cuireadh síos sa Ráiteas ar bhuaicphointí phríomhghníomhaíochtaí agus príomhnithe gnóthachtála an GCC i rith 2012. Dáileadh trí eagrán de *EPANews*, an nuachtlitir chorparáideach leictreonach, ar shíntiúsóirí i rith na bliana.

Lean an GCC de na meáin shóisialta a úsáid in 2013 mar bhealach chun a teachtaireachtaí a chur in iúl, agus chuir sí a ceathrú cuntas ar bun ar Twitter - @EPAAirQuality. Faoi dheireadh na bliana, bhí breis is 4,600 leantóir ag an GCC ar Twitter, ar fud ceithre chuntas, agus bhí 2,897 tvuít curtha amach aici.

Ag deireadh 2013, bhí 216 físeán uaslódáilte ag an GCC ar YouTube agus bhí daoine tar éis féachaint orthu 125,460 uair. Ar na hábhair ar díríodh orthu i bhfíseáin in 2013, bhí athrú aeráide, próiseas cigireachta na ndabhcha séarachais agus treoir ar thuairisciú náisiúnta dramhaíola d'údaráis áitiúla.

Mar a oibreoidh an próiseas cigireachta
https://www.youtube.com/user/EPAIreland/videos

Mar chuid de chur chun cinn feasachta níos leithne ar bhogaigh, ullmhaíodh modúl ar *Bhithéagsúlacht agus Bogaigh* mar chuid d'acmhainní meánscoile *Fís 2020* de chuid an GCC, rud atá ar fáil ar líne anois. D'urraigh an GCC ceacht ar an aer chomh maith in *Eolaíocht agus Teicneolaíocht á gCur i nGníomh*, rud ar acmhainn ilmheáin é do mheánscoileanna.

Chuir an GCC maoiniú ar fáil mar thacaíocht don aonú sraith déag den chlár teilifíse *Eco Eye*, rud a craoladh ar RTÉ 1 ag tús na bliana. Bhí beagnach 750,000 duine ar an meán ag breathnú ar gach clár. D'aontaigh an GCC tacaíocht a thabhairt do shraith eile a raibh an chuid is mó di críochnaithe i rith 2013.

COMHDHÁLACHA AGUS TAISPEÁNTAIS

Den naoú bliain as a chéile, d'urraigh an GCC comhdháil bhliantúil Comhshaol Éireann i Meán Fómhair. Ar na téamaí a pléadh ag an ócáid, bhí: An comhshaol agus an geilleagar; Éifeachtúlacht acmhainn dramhaíola; Leasú ar sheirbhísí uisce na hÉireann a chur i gcrích, chomh maith le hathrú iompraíochta agus an comhshaol. Tá an chomhdháil seo ar an gcomhdháil is mó ar pholasaí agus bainistíocht comhshaoil a thionóltar in Éirinn gach bliain, agus freastalaíonn toscairí ó na príomhearnálacha go léir a bhfuil leas acu i gcomhshaol na hÉireann uirthi.

Ar na príomhchomhdhálacha agus príomhócáidí eile a bhí ar siúl i rith na bliana, bhí:

- An Ócáid Náisiúnta Uisce i Meitheamh dar teideal *'Acmhainní Straitéiseacha Uisce na hÉireann a Chosaint agus a Fheabhsú'*. Is fóram ríthábhachtach é seo d'údaráis áitiúla, rialtóirí agus lucht gairmiúil uisce le bheith ag foghlaim faoi athruithe reatha ar pholasaí agus cleachtas uisce na hÉireann.
- Comhdháil dhá lá faoi rialáil agus úsáid teicneolaíochta Géinmhodhnaithe (GM) in Éirinn. Chuala an lucht freastail faoi na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le teicneolaíocht GM d'Éirinn agus don Eoraip.
- Dhá léacht phoiblí faoi Athrú Aeráide in 2013. Thug Rik Leemans an chéad léacht i mí Feabhra dar teideal, *Céimeanna Ollmhóra - An Dearcadh Eolaíoch*. Is é Rik Leemans príomheolaí na Comhpháirtíochta Eolaíochtaí Córais Domhain agus tá sé ina Ollamh ag Ollscoil Wageningen. I mí Aibreáin, labhair Jos Delbeke, Ard-Stiúrthóir Ghníomh Aeráide AS an Choimisiúin Eorpaigh faoi cheannaireacht an Aontais Eorpaigh i bPolasaí Domhanda ar Athrú Aeráide. Chláraigh breis is 300 duine le haghaidh gach aon cheann de na léachtaí seo. Tá taifeadadh na léachtaí seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC anois ag www.epa-pictaural.com agus ar chainéal an GCC ar YouTube ag youtube.com/user/epaireland.

Ghlac an GCC páirt i roinnt taispeántas chun an méid a dhéanaimid a chur i láthair dár bpáirtithe leasmhara, amhail taispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT, an Dánlann Eolaíochta agus an deireadh seachtaine Speiceas Dúchasach i Zú Bhaile Átha Cliath. Cuireann na hócáidí seo deis thábhachtach ar fáil dúinn idirghníomhú leis an líon mór páirtithe leasmhara atá againn.



3.2 FEASACHT A MHÚSCAILT

Cuireann soláthar eolais inrochtana atá tráthúil agus ar féidir teacht air go héasca dár bpáirtithe leasmhara go léir le rannpháirtíocht an phobail i gcinnteoireacht chomhshaoil agus tugann sé an t-eolas atá de dhíth ar dhaoine dóibh ar mhaithe le roghanna nach ndéanann díobháil don chomhshaol a dhéanamh.

MO CHOMHSHAOL ÁITIÚIL

Forbraíodh feidhmchlár nua CFG (GIS) chun eolas a chur ar fáil don phobal ar a gcomhshaol áitiúil i rith 2013. Tugtar Mo Chomhshaol Áitiúil/Timpeall an Tí ar an bhfeidhmchlár seo, agus ligeann sé do dhuine ar bith seoladh a chur isteach agus eolas faoin gcomharsanacht a fheiceáil maidir le cáilíocht aeir, cáilíocht uisce agus eolas eile. Cuireadh an feidhmchlár ag obair ag deireadh 2013 agus seoladh go foirmiúil é ag tús 2014.



COMHSHAOL NA HÉIREANN

Cuimsíonn acmhainn ghréasáin Chomhshaol Éireann réimse eolas comhshaoil a dhéantar a nuashonrú chomh luath is a eisítear sonraí nua. Cuirtear eolas ar fáil i bhformáidí éagsúla, lena n-áirítear deais táscairí, measúnuithe agus físeáin.

Bhí sraith bileoga eolais agus grafaic faisnéise forbartha ag an GCC mar chuid dá chlár leanúnach chun sonraí agus eolas ríthábhachtach ónár measúnuithe ar Staid an Chomhshaoil a chur i láthair don lucht féachana is mó is féidir.

Cuireann na bileoga eolais eolas agus measúnú achomair ar fáil ar réimse ábhar éagsúil, amhail cáilíocht aeir, dramhaíl agus athrú aeráide, agus ar cheisteanna trasghearrtha níos leithne amhail an comhshaol agus sláinte, talmhaíocht inbhuanaithe, agus ar an gcomhshaol agus an geilleagar. Bhain an GC úsáid as an ngrafaic faisnéise in 2013 den chéad uair, rud ina ndéantar macasamhla grafacha amhairc a úsáid chun achoimre a thabhairt ar an bpríomheolas ar thrí ábhar - cáilíocht aeir, dramhaíl agus iompar inbhuanaithe.

Tá sé i gceist an tsraith aschuir seo a leathnú agus a fhorbairt in 2014.

IRELAND'S ENVIRONMENT
SUSTAINABLE TRANSPORT

epa
Environmental Protection Agency

DID YOU KNOW?

- Approximately three quarters of all journeys made in Ireland are made by private car
- Transport accounts for almost one-fifth of total greenhouse gas emissions
- Limerick City, Dungarvan and Westport currently share funding of €23million to transform into Smarter Travel Areas
- Ireland's **National Cycle Policy** aims to develop a cycling culture to the extent that by 2020, 10% of all journeys will be by bike

75% of journeys are made by car

20% of greenhouse gas emissions from transport

Transport accounts for almost one-fifth of total greenhouse gas emissions and is an emission source that will require major action if Ireland is to meet its 2020 greenhouse emissions obligations.

Between 1990 and 2007, transport emissions grew considerably in Ireland, with emissions in 2007 137% higher than in 1990. However, since 2007 transport emissions have decreased by 20% – due largely to the economic downturn and changes to the vehicle registration and road taxes. Given the strong relationship between growth in transport emissions and the economy, it is reasonable to assume that as the economy recovers, transport emissions will increase again without sustained policy action and further intervention.

OUR TARGET FOR CYCLING
10% of all journeys by 2020

TRANSPORT POLICY

Sustainable transport is central to efforts to control greenhouse gas emissions, air pollution and environmental damage. The benefits of sustainable transport, however, extend beyond environmental considerations, delivering improvements in congestion, productivity, health and quality of life.

Nationally, the Government approach to sustainable transport is set out in **'Smarter Travel – a Sustainable Transport Future'**, which aims to improve our current transport and travel patterns. Key goals of the strategy include improving economic competitiveness through maximising the efficiency of the transport system; alleviating congestion and infrastructural bottlenecks; minimising the negative impacts of transport on the local and global environments; reducing overall travel demand and commuting distances travelled by private car; and improving security of energy supply by reducing dependency on imported fossil fuels.

Investment in transport, and in particular in large-scale public transport projects, has seen a sharp fall in funding as a result of the economic recession. Government policy is now focused on a wide range of small-scale projects such as improving the existing network, cycling and pedestrianisation projects and the Smarter Travel Areas programme.

SMARTER TRAVEL AREAS

In 2012, Limerick City, Dungarvan and Westport were awarded a combined total funding of €23 million over a five-year period to transform into Smarter Travel Areas, promoting cycling and walking, the use of public transport, and reducing car travel. In broad terms, these Smarter Travel Area projects include provisions for:

- Improved cycling ways, including safe routes to school and to key business and workplace zones
- Secure cycle parking in town centres or at public transport nodes
- Better walking facilities, including pedestrianisation
- Lower speed limits in residential and town centre areas
- School and workplace travel planning
- E-working
- Car clubs

www.epa.ie/irelandsenvironment/

3.3 IOMPRAÍOCHT A ATHRÚ

Déanann an GCC a dícheall tionchar a imirt ar athrú dearfach iompraíochta, trí thacú le gnóthaí, pobail agus teaghlaigh a bheith níos éifeachtúla ó thaobh acmhainní de.

AN CLÁR NÁISIÚNTA UM CHOSC DRAMHAÍOLA

Cuireann an Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola (CNCD) Éire atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de chun cinn trí dhramhaíl a laghdú, substaintí truaillitheacha agus guaiseacha a rialú, agus freagrachtaí táirgeoirí a fhorfheidhmiú i gcás réimse leathan táirgí. Tá trí phríomhshnáithe sa chlár:

- Tacú le héifeachtúlacht acmhainní agus cosc dramhaíola trí shaineolas agus tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do thionscadail/tionscnaimh;
- Dul chun cinn a thomhas trí thuairisciú agus staidreamh dramhaíola; agus
- dualgais reachtúla a chur i bhfeidhm ar shubstaintí rialaithe agus tionscnaimh freagrachtaí táirgeoirí..

GREENBUSINESS.IE

In 2013, thairg 'Green Business' comhairle agus cúnamh a bhí saor in aisce agus faoi rún do 57 cuideachta ar fheabhsuithe éifeachtúlachta acmhainní agus coigilt costas, trí dhramhaíl a chosc agus caitheamh uisce agus fuinnimh a laghdú. Bhí 60% de na cuairteanna seo ar an earnáil phróiseála bia, agus tá cuid mhaith acu seo páirteach sa chlár Origin Green atá á reáchtáil ag Bord Bia. D'aithin 'Green Business' coigilteas meánach €40,000 do gach cuideachta ar tugadh cuairt uirthi, i réimsí amhail uisce, dramhaíl agus bainistíocht fuinnimh. Bhí an coigilteas féideartha a aithníodh idir €650 agus €421,000 in aghaidh na bliana.

Thug an Clár Fiontraíochta Glaise maoiniú €621,405 do 12 GBM (SME) in 2013, le tacú le héifeachtúlacht acmhainní agus forbairt teicneolaíochta níos glaine.

Staidreamh achomair do chlár 'Greenbusiness':

- Cuireadh 6 sheimineár ar éifeachtúlacht acmhainní i láthair
- Ullmhaíodh 10 gcás-staidéar nua
- Rinneadh 21 cur i láthair ar Ghnó Glas ag ócáidí náisiúnta agus áitiúla earnála
- Freastalaíodh ar 30 cruinniú trasnaisc chun comhpháirtíocht a fhorbairt le héifeachtúlacht acmhainní eile atá á maoiniú ag an rialtas
- Rinneadh 50 Measúnú Éifeachtúlachta Acmhainní
- D'fhreastail 262 toscaire ar sheimineáir agus mhéadaigh siad a n-eolas ar éifeachtúlacht acmhainní
- Chláraigh 1000 cuideachta le 'Green Business'.

FÁILTEACHAS GLAS

Tá an Clár Fáilteachais Ghlais (CFG) tar éis teagmháil a dhéanamh le breis is 30% d'óstáin na hÉireann agus tuairim is 50% de Sheomraí Óstáin na hÉireann le sé bliana anuas, agus é ag cur cur chuige céimnitheach i leith bainistíocht chomhshaoil ar fáil trí ghradaim a thugtar ag leibhéil Éicealipéid, Airgid, Óir agus Platanaim. Tá an clár mar chaighdeán anois le haghaidh bainistíocht chomhshaoil san earnáil fáilteachais in Éirinn. D'fhás ballra an Chláir Fáilteachais Ghlais go 270 in 2013. Is iad na tairbhí measta comhshaoil do bhaill an Chláir Fáilteachais Ghlais go bliantúil ná:

- coisceadh 8,500 tonna dramhaíola
- coiglíodh 42,000,000 kWh fuinnimh
- coiglíodh 400,000 m^3 uisce
- coiglíodh 9,200 tonna CO_2
- coiglíodh €5 mhilliún mheasta.

CÚRAM SLÁINTE GLAS

D'oibrigh an clár Cúram Sláinte Glas le 33 áis cúram sláinte, lenar áiríodh ospidéil ghéarchúraim, ospidéil do leanaí agus áiseanna cúraim phríomhúil leanúnaigh sa phobal (CPLP) arb ionann iad agus 50% de na leapacha géarchúraim in Éirinn, ar mhaithe le dramhaíl agus astaíochtaí ó áiseanna cúram sláinte in Éirinn a chosc agus a laghdú.

Seoladh an suíomh gréasáin athchóirithe Cúram Sláinte Glas – www.greenhealthcare.ie – in 2013. Is é príomhaidhm an tsuímh ghréasáin ná treoir agus eolas tacaíochta a chur ar fáil d'áis cúram sláinte ar bith ar mian leis cosc dramhaíola agus bearta méadaithe deighilte a chur i bhfeidhm.

D'aithin an clár Cúram Sláinte Glas coigilteas bliantúil féideartha ar fud ghrúpaí ospidéil an FSS ar luach €7 milliún de dhramhaíl bhia, breis is €1 mhilliún de bhainistíocht dramhaíola riosca cúram sláinte agus €0.5 milliún i ngníomhaíochtaí eile coiscthe dramhaíola. .

LÍONRA COISCTHE NA NÚDARÁS ÁITIÚIL

Tá Líonra Coiscthe na nÚdarás Áitiúil (LCÚÁ) tar éis teagmháil a dhéanamh le 31 as an 34 údarás áitiúil in Éirinn faoi seo, chun cosc dramhaíola agus éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn go háitiúil. Thug an líonra pearsanra údaráis áitiúil seo, agus iad i measc na bpobal áitiúil, gnóthaí agus eagraíochtaí eile, thug siad an t-eolas praiticiúil ar an gcaoi le héifeachtúlacht acmhainní a chur i bhfeidhm.

DEIREADH A CHUR LE CUR AMÚ BIA

Cuireann an clár um Dheireadh a Chur le Cur Amú Bia athruithe iompraíochta chun cinn, a mbíonn laghdú ar chur amú bia agus múirniú sa bhaile mar thoradh orthu, trí chomhcheangal oideachais, oiliúna, crann seasta áitiúil, sampla piaraí agus eolais is féidir a úsáid go héasca. Is é ceann amháin de phríomhphointí teagmhála an chláir ná an suíomh gréasáin nua ag - www.stopfoodwaste.ie.

D'fhéach suas le 409,000 duine ar an gclár faisnéise teilifíse *Waste Watchers*, rud a craoladh ar RTÉ i mí na Nollag. Dhírigh an clár ar mhuintir Chill Orglan, Co. Chiarraí, agus iad ag léiriú cén chaoi ar féidir cur amú bia a laghdú agus airgead a choigilt trí athruithe beaga a dhéanamh. Tá tuilleadh físeán a rinneadh i rith thionscnamh Chill Orglan ar fáil ar shuíomh gréasáin 'Stop Food Waste'.

LÍONRA ATHÚSÁIDE AN PHOBAIL AGUS MALARTÁN ACMHAINNÍ SMILE

De réir mar a éirímid níos fearr ag bainistiú dramhaíola agus acmhainní, tá méadú ag teacht ar ráchairt na Líonraí athúsáide, aisghabhála agus athchúrsála, agus tá an GCC ag tacú leis na líonraí athúsáide seo in Éirinn le roinnt blianta anuas. Is seirbhís é Malartán Acmhainní SMILE do ghnó atá saor in aisce agus a spreagann malartú acmhainní idir a bhaill ar mhaithe le hairgead a choigilt dóibh, an dramhaíl a chuirtear in ionaid líonta talún a laghdú, agus deiseanna nua gnó a fhorbairt. Aithnítear malartuithe féideartha trí ócáidí líonraithe, áis malartaithe ar líne (www.smileexchange.ie) agus foireann tacaíochta le cabhrú i rith an ama.

FEIRMEOIREACHT CHLISTE

Is tionscnamh éifeachtúlachta acmhainní ar an bhfeirm í Feirmeoireacht Chliste atá á reáchtáil ag Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (FAÉ) i gcomhar leis an GCC. Is toradh ríthábhachtach ar an gclár seo in 2013 í an Treoir ar Fheirmeoireacht Chliste, in éineacht leis an suíomh gréasáin tacaíochta agus an feidhmchlár d'fhóin chliste. Tá an suíomh gréasáin ar fáil trí www.smartfarming.ie agus trí thairseach ifarm FAÉ chomh maith.

Cuireadh cóipeanna den *Treoir ar Fheirmeoireacht Chliste* ar fáil tríd an seimineár agus an cheardlann náisiúnta a bhí ar siúl i mí na Samhna, áit a raibh breis is 130 toscaire páirteach sa phlé faoi éifeachtúlacht acmhainní ar fheirmeacha. Rinneadh sé mheasúnú ar éifeachtúlacht acmhainní (MÉAnna) ar fheirmeacha i nDeireadh Fómhair 2013. Chuir an seisear feirmeoirí go léir a dtaithí ar na MÉAnna i láthair ag an seimineár i mí na Samhna.

IONAID PHÍOLÓTACHA 'FÁG ANSEO' LE HAGHAIDH DRAMHAÍL GHUAISEACH Ó FHEIRMEACHA

Rinne foireann tionscadail a chuimsigh an GCC, Rannóg Rialaithe Lotnaidicídí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, Teagasc, sé údarás áitiúla, DTLL Éireann, An tArdán Eorpach Athchursála (ÁEA) agus Rilta Environmental Teo. (conraitheoir dramhaíola guaisí), rinne siad comhoibriú i Samhain 2013 trí thionscadal píolótach chun dramhaíl ghuaiseach feirme a bhailiú ag sé ionad ar fud na tíre.

D'úsáid iomlán 864 feirmeoir na hionaid 'fág anseo' agus d'fhág siad 94,472 kg de dhramhaíl ghuaiseach feirme agus 22,228 kg de dhramhthrealamh leictreonach agus leictreach agus cadhnraí iontu. Ba iad na sé áit ná Béal Átha na Sluaighe (141 feirmeoir); An Tulach (142); Baile an Mhóta (79); Baile Átha Troim (117); Mainistir na Corann (163); agus Durlas (222). Chuir feirmeoirí leis an tionscadal píolótach ó thaobh airgeadais de chomh maith, agus eisíodh deimhniú diúscartha dóibh.

GREEN HOME

Faoi dheireadh 2013, bhí 98 bunscoil agus 14 ghrúpa pobail – agus tuairim is 30,000 teaghlach gaolmhar ar fud na hÉireann - tar éis gradam an *Bhaile Ghlais* a fháil. Chomh maith leis sin, bhí breis is 280 grúpa Bailte Slachtmhara/pobail cláraithe sa chlár.

POBAIL A GHLASÚ

Seo a leanas na príomhnithe a baineadh amach sa chlár *Pobail a Ghlasú* in 2013:

- Chláraigh cúig phobal le haghaidh an *"Dúshláin um Phobail a Ghlasú"*.
- Teagmháil le 12 phobal a bhfuil glasú á léiriú acu agus limistéar amháin Comhairle Contae.
- Breis is 1000 teagmháil dhíreach a bhí bunaithe sa phobal (seimineáir/ceardlanna agus grúpaí gníomhaíochta).
- Breis is 70 cruinniú le hoibreoirí eile cláir (lenar áiríodh sineirgí a aithint le Clár na bPobal Fuinnimh In-athnuaite; Comórtas na mBailte Slachtmhara; an Clár Mórtas Áite; agus an Clár Baile Ghlais).
- Bailiú sonraí ar chláir/tionscnaimh (50+) atá ar siúl in Éirinn faoi láthair.

CAIBIDIL 4: **ATHRÚ AGUS LEASÚ A CHUMASÚ**

Tá an GCC tiomanta do bheith ina heagraíocht ardfheidhmíochta agus don chleachtas is fearr a bhaint amach ina bainistíocht, a rialachas agus a húsáid teicneolaíochta.

4.1 DAOINE AGUS STRUCHTÚIR

4.2 PRÓISIS AGUS TEICNEOLAÍOCHT

4.3. RIALACHAS

4.4 CUMASC LEIS AN INSTITIÚID ÉIREANNACH UM CHOSAINT RAIDEOLAÍOCH (IÉCR)

4.1 DAOINE AGUS STRUCHTÚIR

REDUCED RESOURCES

Is é sprioc leanúnach an GCC ná a chinntiú go bhfuil lucht saothair tiomanta againn a fheidhmíonn ar feadh a chumais.

I gcomhréir leis an gComhaontú Seirbhíse Poiblí agus an Creat Rialaithe Fostaíochta, ba é líon foirne an GCC ná 315 faoi dheireadh 2013. Bhí 133 ball foirne lonnaithe i gCeanncheathrú an GCC i Loch Garman agus fuílleach na foirne lonnaithe go straitéiseach i gcúig Chigireacht Réigiúnacha agus i dtrí oifig bheaga ar fud na tíre.

Ar mhaithe lena feidhmeanna reachtúla a chur i gcrích le hacmhainní laghdaithe foirne agus airgeadais, tá an GCC tar éis a bealaí oibre a oiriúnú. Athraíodh an struchtúr eagraíochtúil go mór roinnt uaireanta le cabhrú le dul in oiriúint don chaillteanas foirne agus le bheith i gcomhréir le tosaíochtaí agus dúshláin éiritheacha.

Tá bearta suntasacha déanta ag an GCC chun oiriúnú a dhéanamh chomh maith trí theicneolaíocht níos cliste a úsáid, soláthraithe seachtracha seirbhíse a úsáid pé áit ar féidir, seirbhísí agus feidhmeanna a roinnt le gníomhaireachtaí eile, agus athshannadh inmheánach do réimsí tosaíochta trí phleanáil lucht saothair.

Tá dearcadh thar a bheith dearfach ag an GCC i leith socrúcháin oibre, agus lean sí de bheith páirteach i Job Bridge, an Scéim Náisiúnta Intéirneachta i rith 2013. D'éirigh le cuid mhór de na hintéirnigh a ghlac páirt sa scéim fostaíocht lánaimseartha a fháil san earnáil phríobháideach mar thoradh ar a socrúchán sa GCC. Ag deireadh Nollaig 2013, bhí iomlán ochtar intéirneach ann.

Fuair an GCC cead sa chuid dheireanach de 2012 Córas Faisnéise nua um Bainistíocht Acmhainní Daonna a chur i bhfeidhm. Bainfidh éifeachtúlacht níos mó leis an gcóras comhtháite nua agus cuirfidh sé feabhas ar ról na mbainisteoirí líne maidir le bainistíocht foirne. Chomh maith leis sin, cuirfidh sé cumas tuairiscithe níos fearr ar fáil le haghaidh bainistíocht foirne. Cuireadh tús le cur i bhfeidhm an chórais nua de réir a chéile in 2013.

BEALAÍ NUA OIBRITHE

D'fhorbair an GCC Plean athmheasta Comhtháite Soláthair Athchóirithe (PCSA) in 2013 chun Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Comhaontú Bhóthar Haddington a chur i bhfeidhm, agus rinneadh dul chun cinn mór lena chur i bhfeidhm.

Tugann an plean seo éifeacht do na bearta atá leagtha amach sa Chomhaontú agus déanann sé cur síos ar na gníomhartha ar leith a bheidh déanta ag an GCC chun éifeachtúlacht agus coigilteas a bhaint amach, na hamscálaí a bhainfidh leo siúd, na tairbhí agus coigilteas infhíoraithe a bheidh i gceist agus na tréimhsí ina mbainfear amach iad.

Cuireadh béim leanúnach ar chomhoibriú Tras-Oifige inmheánach don GCC maidir lena Clár Oibre Bliantúil don bhliain 2013 a chur i gcrích. Rinneadh dul chun cinn mór le forbairt agus cur i bhfeidhm an tionscadail FCFM (Feidhmchlár Ceadúnaithe, Forfheidhmithe agus Monatóireachta). Tá an tionscadal comhtháite TF seo dírithe ar chuid mhaith de dhualgais ceadúnaithe, forfheidhmithe agus monatóireachta an GCC a bhogadh go hardán uathoibrithe leictreonach, rud a mbeidh éifeachtúlacht shuntasach mar thoradh air don GCC agus dá páirtithe leasmhara.

Cuireadh seirbhísí nua ar líne ar fáil faoin tionscadal seo do cheadúnaithe i réimsí an Fhuíolluisce Uirbigh agus ionaid stairiúla líonta talún CRCT. Síneadh an t-ardán i rith 2013 chun Uisce Ólacháin, Substaintí Ídithe Ózóin (SÍO) agus gáis fhluairínithe (f-gháis) a chuimsiú, rud a chiallaigh gur díchuireadh breis is 10,000 mír chomhfhreagrais ó cheadúnaithe i bhfoirm páipéir, ós rud é go mbailítear go leictreonach iad anois.

COMHPHÁIRTÍOCHT

Tá Coiste Comhpháirtíochta inmheánach (Meitheal) i bhfeidhm ag an GCC ó 1999. Is trí ghrúpaí Tras-Oifige a dhéanann Meitheal formhór a chuid oibre. Lean Meitheal dá ról i rith 2013 i bhforbairt leanúnach tionscnaimh Sláinte agus Sábháilteachta, gníomhaíochtaí 'Green Team', staid foirne, comhairliúchán le foireann maidir le cumasc an IÉCR leis an GCC, agus ionchur i gComhaontú na Seirbhíse Poiblí, 2010–2014, PCSA agus Tuarascálacha ar Dhul Chun Cinn.

Go seachtrach, leanann an GCC dá hobair le gníomhaireachtaí eile atá ag oibriú i dtimpeallacht chomhchosúil chun deiseanna a aithint agus gníomhartha a chur i bhfeidhm, trínar féidir le comhoibriú éifeachtúlacht a bhaint amach do pháirtithe leasmhara. Tá 14 Mheamram Tuisceana (MT) i bhfeidhm ag an GCC anois chuige seo le heagraíochtaí éagsúla a bhfuil páirt acu i, nó a chuireann le cúrsaí a bhaineann leis an gcomhshaol.

SCILEANNA AGUS CUMAS

D'fhonn scileanna agus eolas den scoth a fheabhsú go leanúnach ar fud na heagraíochta, tá an GCC tiomanta go mór d'fhorbairt agus d'oiliúint na foirne. Léirítear an tiomantas sin le leithdháileadh buiséid d'Fhoghlaim agus Forbairt atá comhionann le tuairim is 2.5% den chaiteachas párolla. I rith 2013, ghlac baill foirne páirt i gclár ina raibh 278 ócáid, idir chúrsaí oiliúna (inmheánacha, seachtracha agus speisialta), cheardlanna, chomhdhálacha agus sheimineáir. B'ionann sin agus 1,587 lá oiliúna ar fad, agus 5.15 lá oiliúna in aghaidh an duine ar an meán.

Rinneadh cuid mhaith oibre in 2013 chun scileanna agus cumas foirne a fhorbairt trí Thionscnamh Forbartha Foirne.

Tá Córas foirmiúil Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) i bhfeidhm ag an GCC, rud atá leabaithe go maith agus lánpháirtíocht á glacadh ann. Is é is aidhm don CBFF ná caighdeáin ardfheidhmíochta i measc na bhfostaithe a chur chun cinn, baint amach na gcuspóirí gnó atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach a chinntiú, scileanna na bhfostaithe a fhorbairt agus idirphlé soiléir dhá threo idir bainisteoirí agus fostaithe a chur chun cinn.

CEANNAIREACHT LÁIDIR

Leanadh den obair in 2013 ar "An Bealach Chun Tosaigh do Lucht Ceannais sa GCC", le béim ar thionscnaimh tacaíochta a dhearadh do bhainisteoirí:

- a dhéanann an t-eolas agus scileanna ceannaireachta a bhfuil infheistíocht déanta iontu cheana a chomhdhlúthú;
- cultúr ceannaireachta agus teicniúil an GCC a chur san áireamh;
- a thógann agus a leabaíonn creat ceannaireachta iompraíochta agus caighdeán atá dearfach, forghníomhach agus aireach;
  agus
- a thacaíonn le sprioc straitéiseach an GCC leanúint de bheith ina hEagraíocht Ardfheidhmíochta.

Lean an GCC de chur i bhfeidhm clár Scileanna Riachtanacha Bainistíochta agus Ceannaireachta do bhainisteoirí na chéad líne.

CÓRAS BAINISTÍOCHTA COMHSHAOIL AN GCC

Tá an GCC tiomanta do laghdú a dhéanamh ar thionchair a chuid oibríochtaí féin ar an gcomhshaol. Déanann comhlacht creidiúnaithe seachtrach iniúchadh ar Chóras Bainistíochta Comhshaoil (CBC) an GCC dhá uair sa bhliain le cinntiú go gcomhlíontar riachtanais Chaighdeán ISO 14001, rud atá aitheanta ar fud an domhain. Baineann an príomhchaitheamh fuinnimh ag oifigí agus saotharlanna an GCC le téamh spáis, soilsiú, cumhacht, uisce te agus breosla iompair. B'ionann caitheamh iomlán fuinnimh an GCC in 2013 agus 2,867 MWh.

SÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR

Tá an GCC tiomanta do shábháilteacht, sláinte agus leas a foirne a chinntiú trí chláir chuí oiliúna, iniúchóireachta, measúnaithe riosca agus feasachta ar shábháilteacht a chur ar fáil. Tá teist den scoth ar an GCC ó thaobh sábháilteachta de agus níor tharla timpiste ná gortú tromchúiseach ar bith ag an obair le linn 2013.

BORD AN GCC

Tá cúigear Stiúrthóirí Feidhmiúcháin lánaimseartha ar Bhord an GCC. Bhí iomlán 54 cruinniú ag Bord an GCC in 2013, lenar áiríodh 12 chruinniú ghinearálta inar pléadh polasaí corparáideach, straitéis agus ceisteanna pleanála agus airgeadais, mar aon le 42 cruinniú teicniúil inar pléadh iarratais ar cheadúnais, ionchúisimh agus ceisteanna oibriúcháin.

COISTE COMHAIRLEACH

Bhí 6ú Coiste Comhairleach an GCC ceaptha ag an Uas. Phil Hogan, TD, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, ar 13 Feabhra 2013. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2013, agus lean sé air ag cur comhairle úsáideach agus thráthúil ar an GCC faoi réimse ceisteanna.

TACAÍOCHT UACHTARÁNACHT NA HÉIREANN AR AN AE IN 2013

Chuir an GCC pearsanra saineolach ar fáil le tacú le hUachtaránacht na hÉireann i rith fhéilire gníomhaíochtaí 2013. Cé go ndearnadh cuid mhaith obair thacaíochta Uachtaránachta ó thaobh athbhreithniú agus anailís doiciméad de ó oifigí an GCC, bhí roinnt cruinnithe idirnáisiúnta ríthábhachtacha a ndearnadh foireann an GCC freastal orthu ar iarratas an Rialtais.

4.2 PRÓISIS AGUS TEICNEOLAÍOCHT

ATHRÚ AGUS LEASÚ A BHÍ CUMASAITHE AG TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

Tá Teicneolaíocht Faisnéise á húsáid i gcónaí sa GCC chun athrú agus leasú a chumasú:

- trí shimpliú, caighdeánú agus pé áit ar féidir, uathoibriú príomhphróisis agus príomhthascanna rialaitheacha;
- uasmhéadú líon na seirbhísí ar líne agus roinnte, rud a chuireann seirbhís níos fearr ar fáil do chustaiméirí, a fheabhsaíonn teacht ar shonraí agus a laghdaíonn costais ar an gcáiníocóir agus ár n-úsáideoirí seirbhíse;
- glacadh agus forbairt eolais, cumarsáide agus teicneolaíochtaí measúnaithe spásúil úrscothacha chun torthaí éifeachtacha agus ár dtosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach;
- trí theacht feabhsaithe ar shonraí agus uirlisí tacaíochta ríthábhachtacha cinnteoireachta a chur ar fáil a ligeann do na páirtithe leasmhara a dtascanna a chur i gcrích ar bhealach níos éifeachtúla.

Lean an GCC i rith 2013 d'fheabhsuithe suntasacha a dhéanamh ar a córais agus a próisis, amhail:

- Athfhorbairt agus feabhsú *SPLASH,* an suíomh gréasáin faoi uisce poiblí snámha. Úsáideadh *SPLASH* go minic i rith mhíonna an tsamhraidh agus tá forbairt bhreise pleanáilte le haghaidh 2014 mar gheall ar riachtanais chur i bhfeidhm iomlán na Rialachán Uisce Snámha. Forbraíodh Córas nua Teagmhas Riosca Cloí (CTRC) le haghaidh Uisce Snámha chomh maith le tacú le cur i gcrích oibleagáidí reachtúla agus chun éifeachtúlacht a bhaint amach i scagadh agus bainistiú eolais ó na húdaráis áitiúla. Úsáideadh seo go cuimsitheach i measúnú na n-aighneachtaí ar eachtraí truaillithe ghearrthéarmaigh (TG) le haghaidh measúnú uisce snámha in 2013.
- Forbairt uirlis nua idirghníomhach léarscáilithe gréasáin don phobal i gcoitinne darb ainm *Mo Chomhshaol Áitiúil/ Timpeall An Tí*. Ligeann an uirlis nua seo don phobal ceantar suime a aithint (m.sh. a mbaile) agus tuairisc a fháil ar an eolas comhshaoil don cheantar sin. Cuireadh an córas ag obair thart ar dheireadh na bliana agus seoladh é ag tús 2014.



- Feabhsuithe ar dhearadh agus inúsáidteacht rannán Léarscáileanna Geo-Thairsí an GCC ag www.epa.ie. Is í an Gheo-Thairseach an phríomh-acmhainn atá ann chun teacht a chur ar fáil don phobal ar shonraí spásúla agus na sonraí gaolmhara comhshaoil go léir. Ciallaíonn an obair athfhorbraíochta go bhfuil sé níos éasca teacht ar uirlisí léarscáilithe, sonraí a íoslódáil agus foghlaim faoi shonraí an GCC. Ligeann sí do pháirtithe leasmhara tacair shonraí geografacha an GCC a íoslódáil dá n-úsáid féin chomh maith. Taifeadadh idir 6,000 agus 8,000 cuairt ar an tairseach i ngach aon ráithe de 2013.
- Éascú ar fhorbairt agus roinnt feidhmchláir ghréasáin agus sonraí comhshaoil idir údaráis phoiblí trí chomhsheirbhís an Líonra Malartaithe Sonraí Comhshaoil (LMSC).
- Feabhsuithe ar fheidhmchlár na gCóras Cóireála Fuíolluisce Baile ar mhaithe le bainistíocht chigireachta a éascú.
- Forbairt CFG Gréasáin agus Uirlis Tuairiscithe le haghaidh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) do na húdaráis áitiúla, ionas gur féidir sonraí bainteacha a athbhreithniú faoi Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta.
- Réamhobair ar fhorbairt feidhmchláir nua le tacú le cur i bhfeidhm na Creat-Treorach Uisce.
- Anailís spásúil a úsáid chun na príomhghnéithe comhshaoil a dhearbhú chun sceitheadh a cheadúnú agus an riosca comhshaoil sceite a mheasúnú le haghaidh forfheidhmiú ceadúnas. Úsáideadh anailís spásúil chomh maith chun rianú abhantracha dobharlaigh abhann CTU a fheabhsú le cinntiú go mbíonn stádas CTU aicmithe ar bhealach níos cruinne.
- Breis is 10,000 mír chomhfhreagrais ó cheadúnaithe a bhailiú agus a ródú go leictreonach (agus é ag dul in áit idirghníomhartha páipéir).
- Scrúdú ar líne ar bhreis is 700 ceadúnas agus leasú ar thuairim is 430 ceadúnas faoin spriocdháta ar 7 Eanáir 2014, rud a bhí socraithe ag Treoir an AE ar Astaíochtaí Tionsclaíocha.
- Tosú de Sheirbhísí Máistirshonraí Microsoft a úsáid chun feabhsú bainistíochta sonraí a éascú. Is córas iad Seirbhísí Máistirshonraí Microsoft a ligeann do shonraí a bhíonn úsáidte agus athraithe ag úsáideoirí difriúla i gcórais dhifriúla a bheith bainistithe go lárnach. Tá obair bhreise shuntasach ar ghabháil sonraí soghluaiste beartaithe le haghaidh 2014.
- Cur i bhfeidhm comhsheirbhísí le haghaidh Airgeadais agus Acmhainní Daonna tríd an CORE HR.



4.3 RIALACHAS

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Leanann an GCC de chloí leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009. Choimisiúnaigh an GCC athbhreithniú neamhspleách ar a cloí leis an gCód agus ar na córais rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm sa GCC in 2013. Fuair an t-athbhreithniú amach go raibh Aonad lánaimseartha Rialachais Chorparáidigh ag an GCC, agus é freagrach as maoirseacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus cloí leis an gCód Cleachtais. Fuair sé chomh maith go bhfuil réimse polasaithe agus nósanna imeachta ag an GCC a chuimsíonn na réimsí rialachais agus rialaithe inmheánaigh is tábhachtaí. Rinneadh athbhreithniú ar na polasaithe seo agus tugadh faoi deara go bhfuil siad oiriúnach dá bhfeidhm agus gur chloígh siad leis an dea-chleachtas.

Tugadh faoi deara san athbhreithniú freisin go dtionóltar cruinnithe agus ceardlanna do lucht bainistíochta go minic a bhaineann leis an rialachas agus rialú inmheánach. Tugadh faoi deara freisin go bhfuil ardleibhéal feasachta ann maidir le gá a bheith le córas láidir rialaithe ar fud na heagraíochta. Rinneadh dul chun cinn mór faoi dheireadh 2013 le Plean Feidhmithe chun an córas rialúcháin airgeadais a fheabhsú tuilleadh.

INIÚCHADH INMHEÁNACH

Cathaoirleach seachtrach atá ar Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí an GCC chomh maith le lucht saineolais eile ón taobh amuigh in ionad ionchuir ó Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus ionadaí sinsearach ón GCC. I bhfianaise méadú ar fhreagrachtaí, béim níos mó ar rialachas corparáideach agus an cumasc leis an IÉCR atá ar tí tarlú, méadaíodh ballra an CII go seisear in 2013, agus beirt chomhaltaí sheachtracha eile curtha leis.

Bhí trí iniúchadh inmheánacha déanta i rith na bliana i réimsí an luacha ar airgead agus slándáil TF agus cuireadh tús le pleananna feidhmithe le díriú ar mholtaí an iniúchta.

Forbraíodh an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí le haghaidh na tréimhse 2014 - 2015 i rith 2013. Léirítear rioscaí ann a sonraíodh i gClár Rioscaí Corparáideacha an GCC, chomh maith le riachtanais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus imeachtaí agus ceisteanna maidir le Rialachas Corparáideach atá tagtha chun cinn san Earnáil Phoiblí i gcoitinne.

BAINISTÍOCHT RIOSCA

Mar chuid de phróiseas Bainistíochta Riosca an GCC déantar imeachtaí agus gníomhaíochtaí a aithint, a rangú, a mheas, agus a rialú agus déantar monatóireacht orthu. Cuireann an córas atá i bhfeidhm sa GCC timthriall nósanna imeachta bainistíochta riosca ar fáil, chomh maith le creat chun rioscaí a bhainistiú de réir mar a thagann siad chun cinn.

Ceapadh Príomhoifigeach Rioscaí agus tá Coiste Rioscaí i bhfeidhm ó 2011 agus tháinig sé le chéile dhá uair i rith 2013. Críochnaíodh athbhreithniú bunúsach ar rioscaí oifige in 2013 chomh maith agus nuashonraíodh an Clár Rioscaí Oifige.

Rinneadh an Clár Rioscaí Corparáideacha a nuashonrú chun na hathruithe a léiriú a cuireadh i bhfeidhm maidir le rioscaí agus maoluithe príomha. Leagtar amach ann na príomhrioscaí a bhfuil ann dóibh faoi na naoi gceannteideal seo a leanas:

- Clú,
- Rialúcháin Oibriúcháin agus Ghnó,
- Pearsanra,
- Dlíthiúil agus Rialaitheach,
- Bainistíocht agus Teicneolaíocht Faisnéise,
- Calaois agus Caimiléireacht,
- Buiséadach/Airgeadas,
- Sláinte agus Sábháilteacht, agus
- Idirghníomhaireachta.

Déantar monatóireacht rialta ar na Cláir Rioscaí Oifige agus Corparáideacha araon.

Aithníodh na príomhrioscaí seo a leanas a bheith roimh an GCC, tríd an bpróiseas Bainistíochta Riosca:

- Caillteanas eolas agus scileanna speisialtóra toisc daoine ag dul ar scor, agus tionchar mhoratóir foirne na hearnála poiblí;
- Ioncam a laghdú, go háirithe ioncam tuillte;
- Dúnadh/leachtú áiseanna móra ceadúnaithe a bhfuil oidhreachtaí agus costais ghaolmhara dliteanas comhshaoil ag baint leo;
- Cur i bhfeidhm an chumaisc taobh istigh den tréimhse ama a bhí socraithe ag an Rialtas agus comhtháthú rathúil na hInstitiúide um Chosaint Raideolaíoch (IÉCR) leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC).

SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

I bPlean nua Straitéiseach an GCC, 2013 - 2015 – *Obair le Dreamanna Eile chun Comhshaol Níos Fearr a Bhaint Amach* - déanann an GCC gealltanas leanúint dá monatóireacht agus anailís ar a seirbhísí cumarsáide ar mhaithe le cinntiú go gcuirtear luach ar airgead agus seirbhís éifeachtúil do chustaiméirí ar fáil. Mar chuid de thiomantas an GCC eolas inrochtana a chur ar fáil, seoladh suíomh gréasáin nua in 2013, agus tá forbairt agus míniú leanúnach á ndéanamh air le freastal ar riachtanais custaiméirí. Sheol an GCC feidhmchlár nua don iPhone i bhFeabhra 2013 darb ainm *An bhfeiceann tú é? Abair é!* le cabhrú le daoine truailliú comhshaoil a thuairisciú, rud a dtacaítear leis an líne Fóin Náisiúnta 24 uair le haghaidh Gearáin Chomhshaoil. Leanann an GCC de chloí leis na caighdeáin atá leagtha amach sa chairt do chustaiméirí agus ní dhearnadh aon ghearáin leis an oifigeach SAC (QCS) in 2013.

CEISTEANNA COMHSHAOIL

Leanann an t-aonad um Cheisteanna Comhshaoil de cheisteanna comhshaoil ón bpobal a lárú agus a bhainistiú, ceisteanna a chuirtear ar an nguthán, trí ríomhphost agus ar an Idirlíon. In 2013, rinneadh tuairim is 2,700 ceist a phróiseáil. Rinne an t-oifigeach 88% de na ceisteanna seo a réiteach go díreach, rud a chuir ardleibhéal seirbhíse ar fáil do chustaiméirí. Ar na hábhair a raibh suim ar leith ag an bpobal iontu, bhí ceisteanna maidir le córais fuíolluisce baile (dabhcha séarachais), scoilteadh hiodrálach (freacáil), dumpáil mhídhleathach, truailliú agus torann comhshaoil. Anuas air sin, forbraíodh leathanaigh nua suíomh gréasáin chun eolas níos inrochtana a chur ar fáil do chustaiméirí.

TEACHT AR EOLAS

Tá an GCC tiomanta do bheith ina heagraíocht oscailte agus inrochtana agus eolas comhshaoil a chur ar fáil don phobal ar bhealach inrochtana. Anuas air sin, is dhá mhodh eile iad na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (SF) agus na Rialacháin um Theacht ar Fhaisnéis (TF) le teacht ar eolas do na daoine sin den phobal nach raibh in ann teacht ar an eolas a bhí de dhíth orthu ar bhealaí malartacha go dtí seo.

Fuair an GCC sé iarratas SF i rith 2013. Astu seo, ceadaíodh cúig cinn acu, nó ceadaíodh go páirteach iad, agus tarraingíodh ceann amháin siar.

Faoi na Rialacháin TF, fuair an GCC 35 iarratas agus tugadh ceann amháin ar aghaidh ó 2012. Astu seo, ceadaíodh 20 ceann acu go hiomlán nó go páirteach, diúltaíodh 14 cinn acu agus bhí dhá cheann ar feitheamh go fóill ag deireadh na bliana. As na hiarratais a diúltaíodh, bhí leath acu mar dhiúltú teicniúil .i. ní raibh an t-eolas ag an GCC, bhí an t-eolas ar fáil cheana sa chomhad poiblí nó ar ár suíomh gréasáin, nó níor measadh gur eolas comhshaoil é an t-eolas a iarradh faoi na Rialacháin. Bhí diúltú na n-iarratas eile bunaithe ar na cúiseanna éigeantacha agus discréideacha le diúltú atá mínithe sna Rialacháin TF.

Phróiseáil an GCC seacht nAthbhreithniú Inmheánacha nuair a rinneadh achomharc faoin gcinneadh bunaidh, rudaí a raibh sé mar thoradh orthu gur cuireadh dhá chinneadh bunaidh ar ceal, gur athraíodh an modh teachta i gcás amháin, agus deimhniú an chinnidh bhunaidh sna hachomhairc eile. Bhí trí achomharc ón achomharcóir céanna chuig an Coimisinéir um Eolas Comhshaoil ar feitheamh ag deireadh na bliana.

4.1 CUMASC LEIS AN IÉCR

Chuimsigh Plean Athchóirithe Earnála Poiblí an Rialtais gealltanas a foilsíodh i Samhain 2012 an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (IÉCR) a chumasc leis an GCC. Cuireadh tús leis an obair ullmhúcháin chun an cumasc a chur i gcrích ag tús 2013.

Chinn an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil gur chóir na comhlachtaí a chumasc trí Oifig bhreise a chruthú taobh istigh de struchtúr an GCC, rud a mhéadaigh líon iomlán na nOifigí go cúig cinn, agus Stiúrthóir i gceannas ar gach ceann acu. Ina theannta sin, cuirfear Coiste Comhairleach um shaincheisteanna radaíochta ar bun a mbeidh sé mar aidhm aige ionchur saineolaíoch a chur ar fáil laistigh den eagraíocht nua chomhcheangailte.

Is é fís an chumaisc ná go dtabharfaidh sé foireann thiomanta agus dhíograiseach an dá eagraíocht le chéile chun eagraíocht láidir eolaíoch a chruthú a chomhcheanglaíonn acmhainní saineolais agus sárchlú an GCC agus an IÉCR, agus a leanann den luach ard céanna a chur ar chosaint comhshaoil agus raideolaíoch.

Bhunaigh an tAire Meitheal Cumaisc in Eanáir 2013 chun próiseas chumasc an IÉCR leis an GCC a bhainistiú i gcomhréir le polasaí an Rialtais.

Chuimsigh Meitheal an Chumaisc ionadaithe ón RCPRÁ, an GCC agus ón IÉCR. Bhí sé mar chuspóir deiridh ag an Meitheal Cumaisc pleanáil a dhéanamh le haghaidh, agus bainistíocht a dhéanamh ar an gcumasc go dtí go mbeidh sé críochnaithe. Leagadh mar chúram soiléir ar an Meitheal a chinntiú chomh maith nach bhfuil aon laghdú á dhéanamh, nó nach gceapfadh páirtithe leasmhara agus an pobal i gcoitinne go bhfuil aon laghdú á dhéanamh ar thiomantas na hÉireann do chosaint comhshaoil nó raideolaíoch mar thoradh ar an gcumasc.

Dearbhaíodh Téarmaí Tagartha don mheitheal chun próiseas an chumaisc a bhainistiú agus bhí plean gníomhaíochta faofa ag an Aire in Iúil 2013.

Bhunaigh an Mheitheal Cumaisc Grúpa Tionscadail Cumaisc chun na gníomhartha a bheadh de dhíth chun an cumasc a chur i bhfeidhm a dhéanamh, agus rinneadh dul chun cinn maith leis seo sa ráithe dheireanach de 2013.

Bhí nuashonrúcháin rialta ar phróiseas an chumaisc foilsithe ar shuíomh gréasáin an GCC.

AGUISÍNÍ

SAINCHOMHAIRLEOIRÍ AGUS COMHAIRLEOIRÍ ARNA BHFOSTÚ IN 2013

AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

FOILSEACHÁIN AN GCC IN 2013

RÁITIS AIRGEADAIS NA BLIANA DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2013

- RÁITEAS UM FHREAGRACHTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA
- RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS
- TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE
- POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA
- CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
- RÁITEAS NA NGNÓTHACHAN AGUS NA GCAILLTEANAS AITHEANTA IOMLÁN
- CLÁR COMHARDAITHE
- RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID
- NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

SAINCHOMHAIRLEOIRÍ AGUS COMHAIRLEOIRÍ ARNA BHFOSTÚ IN 2013

Accenture Ireland	Carr Communications Ltd	LHM Casey McGrath
Achilles Procurement Services	Clean Technology Centre	Mason, Hayes & Curran
Acustica Ltd	Compass Informatics Ltd	Mazars Ireland
Aether Ltd	Cora Systems Ltd	Mott McDonald Pettit Ltd
Antaris Consulting	Deloitte	Penna Plc.
Amec Earth & Environmental UK Ltd	EnviroGuide	River Crossing Business Solutions Ltd
ARIA Wealth & Investment Ltd	Fehily Timoney & Company	RPS Group
Assure Health & Safety Consultants	Geosyntec Consultants	Sinclair Knight Merz (Ireland) Ltd
Barry Doyle & Company	IP Forensics Ireland Limited	Tandem Consulting
Camp Dresser &McKee (Ireland) Ltd.	Institute of Public Administration	Tobin Environmental Services
Capita Business Solutions Ltd.	Kefron Consulting	URS Ireland Ltd

AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Tagann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) faoi théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, rud a tháinig in éifeacht ar 2 Eanáir 1998, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012, rudaí a tháinig i bhfeidhm ar 16 Lúnasa 2012.

Is é polasaí an GCC féachaint chuige go n-íoctar gach sonrasc go pras. Cuireadh córais agus nósanna imeachta ar leith i bhfeidhm le go bhféadfaí sonraisc a thaifeadadh agus lena chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí roimh an dáta dlite. Déantar sonraisc cheannaigh a thaifeadadh go laethúil i Rannóg na gCuntas, agus leantar iad go córasach lena chinntiú go ndeimhnítear agus go gcuirtear ar ais lena n-íoc iad gan mhoill. Eisítear íocaíochtaí de réir mar is gá chun íoc pras a chinntiú.

Ceapadh na rialúcháin seo chun neamhghéilliúntas ábhartha don Acht agus do na Rialacháin a chosc chomh fada agus is féidir, cé nach féidir dearbhú absalóideach a thabhairt.

Ní raibh aon íocaíochtaí déanacha a raibh luach thar €317 orthu in 2013..

Laura Burke

Ard-Stiúrthóir GCC

FOILSEACHÁIN AN GCC IN 2013

Tá an chuid is mó d'fhoilseacháin an GCC ar fáil le bheith íoslódáilte ó shuíomh gréasáin an GCC ag www.epa.ie/downloads. Is féidir gach foilseachán a cheannach chomh maith ar líne nó ó Dhíolacháin Foilseacháin an GCC ag +353 916 0642.

AER

Is féidir na tuarascálacha aeir seo a leanas a fháil ar shuíomh gréasáin an GCC ag www.epa.ie/downloads/pubs/air/

- Cáilíocht Aeir in Éirinn 2012 - Príomhthásairí Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh
- Innéacs Cáilíochta Aeir le haghaidh Sláinte (ICAS)
- Leibhéil Dé-ocsainí i gComhshaol na hÉireann 2012

CORPARÁIDEACH

Tá na tuarascálacha corparáideacha seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag www.epa.ie/downloads/pubs/other/corporate/

- Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an GCC, 2012
- Ráiteas Dheireadh na Bliana, 2012
- Nuacht an GCC
- An GCC a ghlasú: Ár dTuarascáil ar Fheidhmíocht Chomhshaoil, 2009-2012
- Plean Straitéiseach an GCC, 2013-2015
- Plean Feidhmithe Náisiúnta le haghaidh Truailleán Sheasmhacha Orgánacha
- Dumpáil ar Farraige - Leabhrán Forfheidhmithe agus Ceadaithe an GCC

DRAMHAÍL

Tá na tuarascálacha dramhaíola seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag www.epa.ie/downloads/pubs/waste/

- Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola 2011
- Tuarascáil Bhliantúil an Chláir Náisiúnta um Chosc Dramhaíola (CNCD), 2012
- Feasachán Dramhaíola Bardasaí 2012

UISCE

Tá na tuarascálacha uisce seo a leanas ar fáil ar láithreán gréasáin an GCC ag www.epa.ie/downloads/pubs/water/

- Soláthar agus Cáilíocht an Uisce Ólacháin in Éirinn - Tuarascáil le haghaidh na Bliana 2012
- Cáilíocht an Uisce Snámha in Éirinn 2012
- Tuarascáil Chomhtháite ar Cháilíocht Uisce le haghaidh 2012 - Oir-Dheisceart na hÉireann
- Tuarascáil Chomhtháite ar Cháilíocht Uisce le haghaidh 2012 - Gaillimh agus Maigh Eo
- Tuarascáil Chomhtháite ar Cháilíocht Uisce le haghaidh 2012 - Muineachán agus Lú
- Díriú ar Chóireáil Uirbeach Fuíolluisce in 2012
- An Plean Iniúchta Náisiúnta Córais Chóireála Fuíolluisce Baile
- An Plean Iniúchta Náisiúnta - Córais Chóireála Fuíolluisce Baile 2013 - Athbhreithniú Eatramhach
- Modheolaíocht atá Bunaithe ar Riosca le Cabhrú le Rialáil
- Córais Chóireála Fuíolluisce Baile

NÓTAÍ TREORACH

Tá na nótaí treorach seo a leanas ar fáil ar láithreán gréasáin an GCC ag www.epa.ie/downloads/advice/

- Treoir ar Bhainistíocht Talún agus Screamhuisce Éillithe ag Láithreáin Cheadúnaithe an GCC
- Treoir ar Shábháilteacht Dóiteáin ag Stáisiúin Aistrithe Dramhaíola Neamhghuaisí
- Dramhadhmad a Rialáil agus a Bhainistiú
- Bileog ar Ghadaíocht DTLL, Cadhnraí agus Miotail a Chosc
- Na Rialacháin ar Chadhnraí - Mar a chloítear leo?

TUARASCÁLACHA TAIGHDE CHOMHSHAOIL

ATHRÚ AERÁIDE

Tá na tuarascálacha taighde seo a leanas ar athrú aeráide ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag www.epa.ie/downloads/pubs/research/ climate/

- Acmhainneacht Bithmheatán Féir mar Bhithbhreosla (CTAA (CCRP) 11)
- Comhordú, Cumarsáid agus Oiriúnú le haghaidh Athrú Aeráide in Éirinn: Cur Chuige Comhtháite (CTAA 30)
- Buaiteoirí agus Cailliúnaithe: Tionchair an Athraithe Aeráide ar Bhithéagsúlacht in Éirinn (CTAA 19)
- Tionchair an Athraithe Aeráide ar Fheineolaíocht: Impleachtaí le haghaidh Éiceachórais Talún (CTAA 22)
- Líonra Náisiúnta Feineolaíochta na hÉireann (LNFÉ) (CTAA 23)
- HydroDetect (CTAA 27)
- Oiriúnú Aeráide Cósta in Éirinn (CTAA 28)

- Clár Taighde ar Athrú Aeráide - Réimsí Téamacha agus Tionscadail a Maoiníodh
- Rialachas agus Athrú Aeráide - An t-aistriú a dhéanamh go hÉirinn oiriúnaithe (CTAA 20)
- Stádas Aeráid na hÉireann (CTAA 26)
- Dul in Oiriúint Láidir d'Athrú Aeráide san Earnáil Uisce in Éirinn (CTAA 16)
- Dul i nGleic le Dúshláin an Athraithe Aeráide in Éirinn (CTAA 25)

UISCE

Tá na tuarascálacha taighde uisce seo a leanas ar fáil ar láithreán gréasáin an GCC ag www.epa.ie/downloads/pubs/research/water/

- Measúnú agus Monatóireacht ar Thorann Farraige in Uiscí na hÉireann (STRIVE 120)
- Noraivíreas i bhFuíolluisce agus Sliogéisc (STRIVE 109)
- Monatóireacht ar Shubstaintí Tosaíochta in Eisiltigh Fuíolluisce (STRIVE 117)
- Measúnú ar Scála Réigiúnach ar Sceitheadh Screamhuisce Fhomhuirí trí Chianbhrath a Úsáid (STRIVE 112)
- Teicneolaíochtaí Coigilte Uisce chun Caitheamh Uisce agus Cruthú Fuíolluisce a Laghdú (STRIVE 112)
- Táscairí Éiceachórais le haghaidh Chreat-Treoir na Straitéise Muirí (CTSM) (STRIVE 105)
- Taighdeoirí Comhshaoil na hÉireann agus Creatchlár FP7
- Measúnú a Dhéanamh ar Thionchar Brúnna Screamhuisce ar Bhogaigh a Bhraitheann ar Screamhuisce (STRIVE 100)
- Straitéisí Bainistíochta chun Dobharlaigh Ardstádais a Chosaint (STRIVE 99)

BITHÉAGSÚLACHT

Tá na tuarascálacha seo a leanas ar an mbithéagsúlacht ar fáil ar shuíomh gréasáin an GCC ag www.epa.ie/downloads/pubs/research/biodiversity/

- SIMBIOSYS: Tionchair Earnála ar Bhithéagsúlacht agus Seirbhísí Éiceachórais (STRIVE 115)
- Measúnú Comhtháite Tionchair ar Bhithéagsúlacht - Sruthlíniú Próisis MC, MST agus MTT - Lámhleabhar Cleachtóra

ÚSÁID TALÚN, ITHREACHA AGUS IOMPAR

Is féidir na tuarascálacha taighde seo a leanas ar úsáid talún, ithreacha agus iompar a fháil ar shuíomh gréasáin an GCC ag www.epa.ie/downloads/pubs/research/land/

- Aithint, Léarscáiliú, Measúnú agus Cainníochtú éifeachtaí an chuir isteach ar an Stoc Carbóin Ithir Mhóna in Éirinn (STRIVE 98)

BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA AGUS ACMHAINNÍ

Is féidir na tuarascálacha taighde seo a leanas ar bhainistíocht acmhainní a fháil ar shuíomh gréasáin an GCC ag www.epa.ie/downloads/pubs/ research/waste/

- Athmheas agus athúsáid Trealaimh Leictrigh agus Leictreonaigh (Measúnacht agus Sruthlíniú) (STRIVE 110)
- Éire agus í Éifeachtúil ó Thaobh Acmhainní de: Plaisteach In-bhithmhillte ó Phlaisteach Dramhaíl Feirme (STRIVE 107)
- Teicneolaíocht FLOW - Teicneolaíocht Ghlas a bhfuil Todhchaí Dhearfach Roimhe (STRIVE 101)

SOCHEACNAMAÍOCHT

Is féidir na tuarascálacha taighde socheacnamaíoch seo a leanas a aimsiú ar shuíomh gréasáin an GCC ag www.epa.ie/downloads/pubs/research/econ/

- I dTreo Glan-Táirgeachta Náisiúnta Glaise d'Éirinn (STRIVE 103)

TEICNEOLAÍOCHTAÍ COMHSHAOIL

Is féidir na tuarascálacha taighde socheacnamaíoch seo a leanas a aimsiú ar shuíomh gréasáin an GCC ag www.epa.ie/downloads/pubs/research/tech/

- Bealaí Nua Cuir Chuige i leith Fuinneamh In-athnuaite (STRIVE 111)
- Ó Thaoschnónna go Fuinneamh: Mionchealla Bithbhreosla atá Tiomáinte ag Einsímí (STRIVE 114)
- Scannáin Bhrataithe Scagtha a Fhorbairt le haghaidh Íonú Uisce (STRIVE 116)
- Einsímí nua a úsáid chun bitheatánól ceallalóis a tháirgeadh ar bhealach níos glaine agus níos glaise (STRIVE 113)
- Catalaígh Aigéid Níos Sábháilte (STRIVE 119)

AN COMHSHAOL AGUS AN TSLÁINTE

- Teochtaí Foirceannacha agus Básmhaireacht in Éirinn (STRIVE 102)
- Truailliú Aeir Taobh Istigh agus Sláinte (STRIVE 104)

STAIDÉIR MHIONSCÁLA

- Aicmiú Spúinsí Fionnuisce in Éirinn

NA RÁITIS AIRGEADAIS LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

- Ráiteas um Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta
- Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais
- Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- Beartais Chuntasaíochta
- Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
- Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Chaillteanais Aitheanta Iomlána
- Clár Comhardaithe
- Ráiteas Faoi Shreabhadh Airgid
- Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais

RÁITEAS UM FHREAGRACHTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA

De réir Alt 50(1) den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, ní mór don GCC ráitis airgeadais a ullmhú ar cibé bealach agus a cheadódh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i gcomhairle leis an Aire Airgeadais.

Agus an GCC ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin, ní foláir dó:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais a thabhairt agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas má tá sé neamhoiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an GCC ag feidhmiú;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an GCC freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnach tráth ar bith staid airgeadais an GCC agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 50 den Acht GCC. Tá an GCC freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Laura Burke

Ard-Stiúrthóir

Micheál O Cinnéide

Stiúrthóir

RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS 2013

1. Thar ceann Stiúrthóirí an GCC, aithním an chomhfhreagracht atá orainn as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear go hinmheánach córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais maidir le cuntais an GCC a ullmhú agus gach dualgas reachtúil a bhaineann leis an GCC a chomhlíonadh.

2. Admhaíonn Stiúrthóirí an GCC freisin gur cinnteacht réasúnach amháin seachas cinnteacht iomlán is féidir a chur ar fáil maidir le córas na rialuithe airgeadais inmheánacha go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéantar iad a bhrath go tráthúil. Cé gur féidir athrú a theacht le himeacht ama ar éifeachtúlacht córais rialaithe inmheánaigh, athbhreithníonn agus nuashonraíonn an GCC córais dá leithéid nuair is gá.

3. PRÍOMHNÓSANNA IMEACHTA CHUN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS ÉIFEACHTACH A SHOLÁTHAR

i) Tá bearta glactha ag Stiúrthóirí an GCC chun an timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú taobh istigh den GCC trí:

- Plean Straitéiseach an GCC 2013-2015 a fhoilsiú: *Comhobair ar Mhaithe le Comhshaol Níos Fearr.* Leagtar amach sa Straitéis seo Fís, Cuspóirí agus na naoi dTosaíocht Straitéiseacha atá ag an GCC. Déantar monatóireacht ar chur i bhfeidhm na Straitéise agus cuirfear tuairiscí chuig Bord an GCC ina leith ar bhonn tréimhsiúil. Clár oibre mionsonraithe a chomhaontú le haghaidh gach bliana agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh go míosúil ar dhul chun cinn in aghaidh an chláir oibre sin.
- Cruinnithe Boird a reáchtáil ar bhonn rialta, lena n-áirítear cruinnithe bainistíochta míosúla ina mbíonn ceisteanna straitéiseacha ar nós Rialachas Corparáideach, Bainistíocht Airgeadais agus Straitéis Chorparáideach agus gnóthaí foirne san áireamh leis an gClár Oibre.
- Tacar nósanna imeachta airgeadais a ghlacadh chun gnéithe airgeadais suntasacha a bhaineann le gnó an GCC a rialú agus iad seo a fhoilsiú i Lámhleabhar Airgeadais na foirne.
- Sceideal cuimsitheach ar shocruithe árachais a choimeád chun leasanna an GCC a chosaint.
- Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí a bhunú mar chuid d'athbhreithniú leanúnach córasach ar an timpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais laistigh den GCC, maoirsiú a dhéanamh ar fheidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí agus comhairle a thabhairt don Bhord maidir leis an gcaoi ina bhfuil an fheidhm sin á cur i bhfeidhm agus á forbairt.
- Beartas agus Creat i leith Bainistiú Riosca a bhunú agus a chur i bhfeidhm, Coiste Riosca agus Príomhoifigeach Riosca a cheapadh.
- Glacadh le Beartas chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh maidir le géilliúntas don reachtaíocht chorparáideach.
- Freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir, feidhmeanna oiriúnacha a tharmligean, agus beartais agus nósanna imeachta uile an GCC a athbhreithniú agus a fhaomhadh.
- Cód Iompair Ghnó maidir le Stiúrthóirí agus Baill Foirne a ghlacadh chucu féin de réir na gceanglas sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.
- A chinntiú go gcomhlíontar ceanglais na nAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí agus Ailt 37 & 38 den Acht GCC 1992, a bhaineann le Leas a Dhearbhú agus a Nochtadh.

ii) Tá Beartais agus Struchtúir um Bainistiú Riosca de chuid an GCC ag géilleadh don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit athbhreithnithe. Ceapadh Príomhoifigeach Riosca agus bunaíodh Coiste Riosca san GCC in 2011.

Tháinig an Coiste Riosca le chéile dhá uair in 2013. Críochnaíodh athbhreithniú ar rioscaí ar leibhéal Oifige in 2013 agus nuashonraíodh an Clár Rioscaí Uile-Oifige. Rinneadh an Clár Rioscaí Corparáideacha a nuashonrú chun na hathruithe a léiriú a cuireadh i bhfeidhm maidir le rioscaí agus maoluithe príomha. Leagtar amach ann freisin na príomhrioscaí a bhfuil ann dóibh don Ghníomhaireacht.

Déantar monatóireacht go rialta ar an gClár Rioscaí Uile-Oifige agus ar an gClár Rioscaí Corparáideacha agus déanann an Coiste Riosca athbhreithniú orthu. Déanann an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Bord an GCC athbhreithniú

bliantúil ar an gClár Rioscaí Corparáideacha. Cuireann gach Stiúrthóir ráitis dhearbhaithe ar fáil don Bhord ar bhonn ráithiúil ag admháil freagrachta maidir le nuashonrú, monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar an gClár Rioscaí dá (h)oifig féin agus le cinntiú go gcuirtear an Beartas Bainistithe Riosca i bhfeidhm.

iii) Tá córas na rialuithe inmheánacha airgeadais bunaithe ar chreat oibre d'fhaisnéis bainistíochta rialta, ar chóras tarmligin agus cuntasachta, ar thacar nósanna imeachta airgeadais agus ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt na ndualgas. Áirítear leis go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil, a ndéanann an Bord Stiúrthóirí athbhreithniú agus faomhadh air.
- Buiséid agus údarás buiséadach agus freagracht as feidhmeanna sonracha a shannadh do bhainisteoirí áirithe. Tá fáil ar Lámhleabhar Airgeadais ina leagtar amach beartais agus nósanna imeachta maidir le saincheisteanna buiséadacha agus airgeadais.
- Údarás deiridh maidir le gach íocaíocht ar airgead an GCC, íoc na dtuarastal, na bpinsean, na gcreidiúnaithe, na gcostas, srl. (trí sheic nó trí ríomhaistriú airgid) a theorannú do Stiúrthóirí agus do thriúr Bainisteoirí Cláir ainmnithe.
- Na dualgais phróiseála maidir le hidirbhearta íocaíochta a leithscaradh in dhá chéim: (a): dearbhú ón bhfoireann atá freagrach as na hidirbhearta sin go bhfuarthas na hearraí/seirbhísí agus go raibh na tuarastail, pinsin agus costais dlite, agus (b): áireamh ón Aonad Airgeadais ar an airgead iomlán atá dlite, roimh údarú a iarraidh chun íoc astu.
- Seolfar agus rialófar socrúcháin maidir le ceannach trí chóras agus nósanna imeachta bainistíochta airgeadais an GCC.
- Athbhreithniú rialta agus leanúnach ar íocaíochtaí a dhéanann an lucht bainistíochta sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord ar fhaisnéis agus ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla (lena n-áirítear faisnéis bainistíochta airgeadais agus ceangaltais cheannaigh atá fíorthábhachtach), ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na buiséid.
- Disciplíní bhainistíocht tionscadail a chur chun feidhme maidir le cláir thógála agus mórthionscadail eile.
- Córas rialaithe maidir le faomhadh iomlán conarthaí caipitil.
- Próiseas agus Nósanna Imeachta um Bainistíocht Sócmhainní a fhorbairt.
- Glacadh in 2011 le Plean Corparáideach Soláthair don tréimhse 2011-2013.

iv) Rinneadh staidéar ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le rioscaí gnó tríd an bpróiseas foirmiúil chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí gnó agus maidir le Pleananna Iniúchóireachta Inmheánaí an GCC a ullmhú. Déantar iad seo a iniúchadh agus a mheasúnú a thuilleadh le cur i bhfeidhm céimnithe Phlean Iniúchóireachta Inmheánaí an GCC. Tá tacar cuimsitheach de Nósanna Imeachta Airgeadais curtha i bhfeidhm chun gnéithe airgeadais suntasacha a bhaineann le gnó an GCC a rialú lena n-áirítear teorainneacha ar údarú do cheannach/chaiteachas.

v) Cathaoirleach seachtrach atá ar Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí an GCC chomh maith le lucht saineolais eile ón taobh amuigh (in ionad ionchur ó Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin) agus ionadaí sinsearach ón nGníomhaireacht féin. Mar gheall ar fhreagrachtaí breise, béim níos mó ar rialachas corparáideach, agus cumasc sar i bhfad leis an RPII, tháinig méadú go dtí seisear ar bhallraíocht an IAC in 2013, nuair a tháinig beirt bhall eile leis an bhfoireann.

Cuireadh Plean Iniúchóireachta Inmheánaí 2013 - 2014 de chuid an GCC i bhfeidhm de réir a chéile le linn na bliana: rinneadh iniúchadh ar an tSlándáil um Bainistíocht agus Teicneolaíocht Faisnéise, agus cuireadh dhá thuarascáil faoi Athbhreithniú ar Luach ar Airgead faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus an Bhoird in 2013. Rinneadh athbhreithnithe ar luach ar airgead de réir na dtreoirlínte ag an Roinn Airgeadais sna réimsí seo a leanas: an Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl agus an Chreat-Treoir Uisce.

Is iad an Coiste Iniúchóireachta agus Bord an GCC a dhéanann na Pleananna Forfheidhmithe chun dul i ngleic le moltaí an iniúchta a fhaomhadh. Déantar athbhreithniú rialta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm na mbeart atá i ngach aon cheann de na Pleananna um Chur i bhFeidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí agus tugtar tuairisc don Choiste Iniúchóireachta agus do Bhord an GCC ina leith.

Forbraíodh an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí don tréimhse 2014-2015 in 2013 agus rinneadh é a fhaomhadh i mí na Samhna 2013. Léirítear rioscaí ann a sonraíodh i gClár Rioscaí Corparáideacha an GCC, chomh maith le ceanglais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus imeachtaí agus ceisteanna maidir le Rialachas Corparáideach atá tagtha chun cinn san Earnáil Phoiblí i gcoitinne. Rinne an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Bord an GCC an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí seo a fhaomhadh.

4. ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL AR NA RIALUITHE

Dearbhaím, i dteannta leis na hiniúchtaí inmheánacha ar cuireadh i gcrích iad agus a ndéantar tagairt dóibh i mír 3 (v) thuas, gur shocraigh an GCC go ndéanfaí athbhreithniú neamhspleách foirmiúil, i mí an Mhárta 2013, ar chomhlíonadh an Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus na gcórais rialaithe inmheánaigh aige, atá i bhfeidhm san GCC. Rinne saineolaithe seachtracha an t-athbhreithniú seo, athbhreithniú ina ndearnadh mionscrúdú ar rialachas, ar an mbainistíocht airgeadais agus ar an doiciméadúcháin rialaithe.

Fuarthas san athbhreithniú go n-infheistíonn an GCC i bpróisis Rialachais Chorparáidigh agus Rialaithe Inmheánaigh. Tugadh faoi deara go bhfuil Aonad Rialachais Chorparáidigh lánaimseartha ag an GCC a bhfuil de fhreagracht air maoirseacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar chomhlíonadh an Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Sonraíodh san athbhreithniú freisin go bhfuil iliomad beartas agus nósanna imeachta ag an GCC a chumhdaíonn príomhréimsí an rialachais agus an rialaithe inmheánaigh. Rinneadh athbhreithniú ar bheartais agus tugadh faoi deara gur leor iad agus gur chloígh siad leis an dea-chleachtas i gcoitinne.

Tugadh faoi deara sa tuarascáil freisin go dtionóltar cruinnithe agus ceardlanna don lucht bainistíochta go minic a bhaineann leis an rialachas agus rialú inmheánach. Tugadh faoi deara freisin go bhfuil ardleibhéal feasachta ann maidir le riachtanas a bheith le córas láidir rialaithe ar fud na heagraíochta.

Seo a leanas conclúid fhoriomlán an athbhreithnithe:

- go bhfuil córas láidir maidir le Rialachas Corparáideach i bhfeidhm san GCC agus go gcloíonn an GCC go substaintiúil leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.
- go bhfuil an Rialachas Corparáideach forbartha go maith san GCC nuair a chuirtear i gcomparáid é le gníomhaireachtaí stáit eile.
- gur leor an timpeallacht rialaithe san GCC i gcoitinne, ach go bhfuil líon beag réimsí ann ar cheart feabhas a chur orthu.

Rinneadh Plean Forfheidhmithe chun dul i ngleic le moltaí an athbhreithnithe thuas, maidir le feabhas breise a chur ar chóras na rialuithe inmheánacha airgeadais, a fhaomhadh ag an mBord agus a chur chun cinn go suntasach faoi dheireadh 2013.

Dearbhaím freisin go ndearna Stiúrthóirí na Gníomhaireachta athbhreithniú ar chóras na rialuithe inmheánacha san GCC don tréimhse dar críoch 2013.

Sínithe thar ceann an Bhoird.

Laura Burke

Ard-Stiúrthóir

29 Meán Fómhair 2014

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LENA CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992. Is éard atá sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach iontu, ná na beartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, ráiteas faoi ghnóthachain agus chaillteanais aitheanta iomlána, an clár comhardaithe, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi Alt 50 den Acht, agus de réir an chleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis go ginearálta in Éirinn.

FREAGRACHTAÍ BHAILL NA GNÍOMHAIREACHTA

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú do dtugtar léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na Gníomhaireachta agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

FREAGRACHTAÍ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhme.

Rinne mé iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainistíochta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit.

Rinneadh m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir Chaighdeáin Iniúchóireachta Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

RAON FEIDHME NA HINIÚCHÓIREACHTA AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Is éard a bhíonn i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil maidir leis na méideanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, ionas gur féidir dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid eile. Mar chuid den iniúchadh, déantar measúnú ar na nithe seo:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na Gníomhaireachta, ar cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go sásúil iad
- réasúnacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a rinneadh nuair a bhí na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht faisnéis a fháil freisin maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith na hiniúchóireachta.

Ina theannta sin, léim Tuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta chun neamhréireachtaí ábhartha i leith na ráiteas airgeadais iniúchta a aithint. Breithním na himpleachtaí i leith mo thuarascála i gcás go gcuirfí ar an eolas mé maidir le haon mhíráitis nó neamhréireachtaí ábhartha.

TUAIRIM MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh go cuí de réir cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis go ginearálta in Éirinn, léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na Gníomhaireachta an 31 Nollaig 2013 agus ar a hioncam agus a caiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin.

Is é mo thuairim gur choinnigh an Ghníomhaireacht leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

ÁBHAIR AR A NDÉANAIM TUAIRISCIÚ AR BHONN EISCEACHTA

Déanaim tuairisciú ar bhonn eisceachta má tá aon cheann de na ráitis seo a leanas fíor:

- Ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaime chun críocha m'iniúchóireachta, nó
- tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon teagmhas ábhartha nuair nár úsáideadh airgead le haghaidh na gcuspóirí a bhí beartaithe dó nó nuair nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis lena ndéantar iad a rialú, nó
- níl an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta ag teacht leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó ní léiríonn an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais géilliúntas na Gníomhaireachta don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- cinnim go bhfuil nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach inar seoladh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na nithe ar a ndéantar tuairisciú ar bhonn eisceachta..



Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
30 Meán Fómhair 2014

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1 BONN CUNTASAÍOCHTA

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi chomhghnás an chostais stairiúil agus ar shlí atá ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le comhthoiliú an Aire Airgeadais de réir Alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe, ach amháin mar a luaitear in 2 thíos, agus de réir cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis go ginearálta. Glactar le caighdeáin tuairiscithe airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar a thagann siad chun bheith infheidhmithe.

2 DEONTAIS OIREACHTAIS

Is iad na deontais iarbhír a fuarthas sa tréimhse cuntasaíochta ná na figiúirí a thaispeántar.

3 TÁILLÍ CEADÚNAIS

Éilítear ar iarratasóirí táille iomlán an iarratais ar cheadúnas a íoc an tráth a ndéantar an t-iarratas. Cionroinntear na suimeanna a fhaightear don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais nuair a thugtar na céimeanna seo a leanas den phróiseas ceadúnaithe chun críche:

CEADÚNAIS UM CHOSC AGUS RIALÚ COMHTHÁITE AR THRUAILLIÚ AGUS CEADÚNAS BAINISTITHE DRAMHAÍOLA:

◢ Iarratas	30%
◢ Cinneadh Beartaithe	50%
◢ Eisiúint Ceadúnais	20%

CEADÚNAIS UM SCARADH DRAMHUISCE:

◢ Iarratas	10%
◢ Admháil an iarratais iomláin	40%
◢ Cinneadh a Eisiúint faoi Cheadúnas	50%

4 AN TAONAD TRÁDÁLA IN ASTÚCHÁIN A MHAOINIÚ

Bunaíodh an tAonad Trádála in Astúcháin (ETU) laistigh den Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil in 2003.

Rinneadh foráil sa treoir a thug an Rialtas don Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil, maidir le scéim an Aontais Eorpaigh um thrádáil in astúcháin, chun cuid de na liúntais iomlána (nach sáróidh 0.5%) a dhíol nó a chur ar ceant. Baintear feidhm as na fáltais ó cheant/dhíolachán chun na costais a bhaineann le riar na scéime um thrádáil in astúcháin a ghlanadh agus íoctar aon suimeanna nach n-úsáidtear leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus ní chaitear leo mar ioncam na Gníomhaireachta. In 2012, gnóthaíodh costais an ETU le fáltais na ndíolachán ó 2009, 2010 agus 2011. Seoladh an cistiúchán a bhí fágtha ó 2009-2011 ar ais chuig an Roinn in 2013.

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2013 ar aghaidh, beidh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil freagrach as a leithéid de liúntais a dhíol, nuair a chuirfear ar ceant iad ar leibhéal AE, agus íocfar an t-airgead ón díolachán go díreach chuig an Roinn. Ó 2013 ar aghaidh, aisíocfaidh an Roinn costais oibriúcháin chuig an GCC ón airgead a fhaightear ó liúntais a dhíol.

5 ÍOCAÍOCHTAÍ UM DHEONTAIS TAIGHDE

Glacann an GCC gealltanais ar láimh maidir le tionscadail taighde dá ndéantar maoiniú a bhronnadh. Gearrtar caiteachas i leith na dtionscadal taighde seo sna ráitis airgeadais ar bhonn na n-íocaíochtaí tosaigh a rinneadh ar shíniú dhámhachtain an deontais, ar bhonn na n-íocaíochtaí eatramhacha a d'fhéadfadh a bheith faoi réir ag feidhmíocht shásúil agus ar bhonn íocaíochtaí breise arna n-eisiúint ar ghlacadh agus ar fhíorú éileamh maidir le hobair a críochnaíodh. Gearrtar costais a thabhaíonn an GCC i bhfeidhmiú na gclár taighde sna ráitis airgeadais de réir mar a thabhaítear iad.

6 SÓCMHAINNÍ SEASTA AGUS DÍMHEAS

Luaitear sócmhainní seasta ag a gcostas lúide dímheas carntha. Soláthraítear dímheas faoi mhodh an mhéid chothroim ag na rátaí atá luaite thíos a mheastar chun na sócmhainní a laghdú chuig a luachanna inréadaithe ag deireadh a saolré oibre ionchais:

◢ Foirgnimh	2%
◢ Troscán agus Feistis	10%
◢ Trealamh Saotharlainne agus Allamuigh	15%
◢ Trealamh	20%
◢ Trealamh TF agus Ríomhaireachta	25%
◢ Mótarfheithiclí	20%

7 CAIPITLIÚ BOGEARRAÍ A FORBRAÍODH GO HINMHEÁNACH

Déantar caipitliú ar chostais sheachtracha na mbogearraí a fhorbraíonn an Ghníomhaireacht áit ar féidir iad a aithint go leithleach mar bhogearraí ar féidir leis an GCC úsáid a bhaint astu agus áit a bhfuil súil go mbeidh buntáistí gnó ag eascairt astu ar feadh roinnt blianta amach anseo. Ní dhéantar na costais foirne inmheánaí a chaipitliú a bhaineann le bogearraí a fhorbairt le húsáid a bhaint astu go hinmheánach.

8 MAOINIÚ CAIPITIL

Comhlíontar sócmhainní seasta an GCC agus céimeanna chun cinn chun obair atá ar siúl, agus ceannachán sócmhainní, a mhaoiniú ó theaglaim de dheontais chaipitil, iasachtaí ceadaithe agus leithroinntí as ioncam reatha. Aistrítear maoiniú a thagann ó dheontais (lena n-áirítear iad sin a úsáidtear le hiasachtaí a aisíoc) chuig cuntas caipitil a amúchtar de réir dímheas na sócmhainní gaolmhara.

9 STOIC

Díscríobhtar gach stoc, lena n-áirítear stoic inchaite, sa bhliain ina gceannaítear iad.

10 FÉICHIÚNAITHE

Déantar foráil d'fhiacha amhrasacha, nuair atá sé sin ag teastáil, sna cuntais. Díscríobhtar drochfhiacha, de réir mar a thagann siad aníos, i gcoinne na forála sin.

11 AOISLIÚNTAS

Feidhmíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil scéimeanna pinsean a bhfuil sochar sainithe acu agus a mhaoinítear go bliantúil de réir mar a théitear ar aghaidh ó airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus ó ranníocaíochta pinsin a bhaintear de thuarastail foirne.

Déantar fiachais na Scéime Pinsean a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid á úsáid.

Braitheann costais phinsean ar na sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad gan ranníocaíochtaí pinsin na foirne a áireamh atá á gcoinneáil ag an nGníomhaireacht. Glactar le méid a chomhfhreagraíonn don táille pinsin mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a aisghabháil, agus go bhfuil sé clúdaithe ag deontais a fhaightear i rith na bliana chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a thagann ó athruithe ar thoimhdí Achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Chaillteanais Aitheanta Iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear ceartú comhfhreagrach sa mhéid is féidir a aisghabháil ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Tá dliteanais phinsin cothrom le luach reatha íocaíochtaí pinsin na todhchaí a thuill an fhoireann go dtí seo. Is éard atá i maoiniú pinsean iarchurtha ná an tsócmhainn chomhfhreagrach a dhéanfar a aisghabháil amach anseo ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

		2013	2012
Ioncam	**Nóta**	**€'000**	**€'000**
Deontais Stáit	**1**	41,496	41,453
Costais Aisghafa maidir le Trádáil ina Astúcháin	**2**	947	1,387
Seirbhísí Eile		35	36
Ioncam ó Shaotharlanna Réigiúnacha		1,104	1,140
Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe	**3**	1,547	835
Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe	**4**	7,486	6,932
Fáltais Ilghnéitheacha	**5**	53	27
Maoiniú iarchurtha glan i gcomhair pinsean	**22(c)**	6,836	5,556
		59,504	**57,366**
Caiteachas			
Tuarastail agus ÁSPC	**6**	19,020	19,403
Costais Phinsean	**22(a)**	8,464	7,818
Speansais Taistil	**7**	1,284	1,354
Costais Saotharlainne agus Allamuigh	**8**	1,432	1,906
Costais Chóiríochta	**9**	1,465	1,768
Costais Riaracháin Eile	**10**	6,463	6,136
Sainchomhairleoirí	**11**	53	206
Conraitheoirí, Deontais agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha	**12**	8,160	7,628
Taighde Comhshaoil	**13**	8,794	9,630
Dímheas	**18**	3,310	2,993
		58,445	**58,842**
Aistriú (ón)/chuig an gCuntas Caipitil	**14**	(408)	(311)
		58,037	**58,531**
(Easnamh)/Barrachas Oibriúcháin		**1,467**	**(1,165)**
(Easnamh)/Barrachas ar Dhiúscairt Sócmhainní		(42)	64
Barrachas/(Easnamh) roimh Ús		**1,425**	**(1,101)**
Ús Faighte	**15**	52	85
Ús Iníoctha agus Muirir Chomhchosúla	**16**	(39)	(47)
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		**1,438**	**(1,063)**
Barrachas amhail an 1 Eanáir		300	1,363
Barrachas amhail an 31 Nollaig		**1,738**	**300**

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha. Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta agus an ráiteas faoi shreabhadh airgid, chomh maith le nótaí 1 go 26.

Laura Burke
Ard-Stiúrthóir
Dáta sínithe: 29/09/2014

Micheál Ó Cinnéide
Stiúrthóir

STATEMENT OF TOTAL RECOGNISED GAINS AND LOSSES FOR YEAR END 31 DECEMBER 2013

	Nóta	2013 €'000	2012 €'000
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		**1,438**	**(1,063)**
Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais na scéime pinsean		6,487	(102)
Athruithe ar an mbonn tuisceana maidir le luach reatha dhliteanais na scéime pinsean		0	(12,881)
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Phinsin	**22(b)**	**6,487**	**(12,983)**
Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsean Iarchurtha		(6,487)	12,983
Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána		**1,438**	**(1,063)**

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta agus an ráiteas faoi shreabhadh airgid, chomh maith le nótaí 1 go 26.

Laura Burke
Ard-Stiúrthóir

Micheál Ó Cinnéide
Stiúrthóir

Dáta sínithe: 29/09/2014

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2013

	Nóta	2013 €'000	2012 €'000
Sócmhainní Seasta	**18**	**35,973**	**36,574**
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	**19**	741	1,324
Airgead ar Láimh agus sa Bhanc	**20**	10,712	10,590
		11,453	**11,914**
Lúide Dliteanais Reatha			
Creidiúnaithe (Suimeanna a thiocfaidh chun bheith dlite laistigh de bhliain amháin)	**21(a)**	(9,796)	(11,601)
Glansócmhainní I (Glandliteanais) Reatha		**1,657**	**313**
Creidiúnaithe (Suimeanna le híoc tar éis breis agus bliain amháin)	**21(b)**	(934)	(1,221)
Sócmhainní Iomlána lúide Fiachais Reatha roimh Phinsin		**36,696**	**35,666**
Dliteanais Phinsin	**22(b)**	123,197	122,848
Maoiniú Pinsean Iarchurtha	**22(c)**	(123,197)	(122,848)
		0	**0**
Glansócmhainní Iomlána		**36,696**	**35,666**
Arb ionann iad agus :			
Cuntas Caipitil	**14**	**34,958**	**35,366**
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		**1,738**	**300**
		36,696	**35,666**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta agus an ráiteas faoi shreabhadh airgid, chomh maith le nótaí go 26.

Laura Burke
Ard-Stiúrthóir

Micheál Ó Cinnéide
Stiúrthóir

Dáta sínithe: 29/09/2014

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID LE HAGHAIDH NA BLIANA DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

	Nóta	2013 €'000	2012 €'000
Réiteach an Bharrachais go hAirgead Glan			
Insreabhadh ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas I (Easnamh) don bhliain		1,438	(1,063)
Ús Faighte	**15**	(52)	(85)
Ús Íoctha	**16**	39	47
Barrachas *In* Easnamh ar Dhiúscairt Sócmhainní		42	(64)
Aistriú ón gCuntas Caipitil	**14**	(408)	(311)
Muirear dímheasa don bhliain	**18**	3,310	2,993
Laghdú I (Méadú) i bhFéichiúnaithe agus i Réamhíocaíochtaí		480	(183)
(Laghdú) i gCreidiúnaithe (ach amháin Creidiúnaithe Iasachta)		(1,796)	(3,205)
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		**3,053**	**(1,871)**
Ráiteas Faoi Shreabhadh Airgid			
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		**3,053**	**(1,871)**
Torthaí ar infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais			
Ús Bainc a Fuarthas	**15**	52	85
Ús Bainc Íoctha	**16**	(39)	(47)
Gníomhaíochtaí infheistithe			
Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní seasta		26	76
Íocaíochtaí le sócmhainní seasta a shealbhú		(2,674)	(2,407)
Glan-Insreabhadh Airgid Roimh Mhaoiniú		**418**	**(4,164)**
Maoiniú			
Aisíocaíochtaí ar Iasachtaí um Shócmhainní Seasta		(296)	(287)
Méadú in Airgead		**122**	**(4,451)**
Réiteach ar ghlansreabhadh airgid chuig gluaiseacht in iarmhéideanna airgid			
Méadú in airgid tirim sa bhliain		122	(4,451)
Cistí amhail an 1 Eanáir		10,590	15,041
Cistí amhail an 31 Nollaig		**10,712**	**10,590**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta, chomh maith le nótaí 1 go 26.

Laura Burke
Ard-Stiúrthóir

Micheál Ó Cinnéide
Stiúrthóir

Dáta sínithe: 29/09/2014

NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

		2013	2012
1 Deontais Stáit		**€'000**	**€'000**
Deontais ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil:			
Deontais ó Vóta na Roinne	CutTent	13,758	16,050
	Caipiteal	3,708	1,100
	Cláir Eile	4,811	302
		22,277	**17,452**
Deontais ón gCiste Comhshaoil	Neamhphá	5,096	2,500
	Taighde	8,800	9,600
	Cláir Eile	5,323	11,901
		19,219	**24,001**
Iomlán na nDeontas ón Stát		**41,496**	**41,453**

Is leithroinnt shonrach é an Ciste Taighde faoi chomhair chostas Taighde Comhshaoil. Caitheadh €8.794M ar na gníomhaíochtaí taighde seo in 2013 (2012 - €9.63M).

2 Gníomhaíochtaí an Aonaid Trádála in Astúcháin (ETU)	**€'000**	**€'000**
(a) Costas an Aonaid Trádála in Astúcháin		
Táillí Cláraithe Oibreoirí Trádála in Astúcháin, srl.	33	38
Costais le haisghabháil ó Chistí Ceantála, srl.	914	1,349
Maoiniú Iomlán Chostais an ETU	**947**	**1,387**

(b) Achoimre ar Chistí an Aonaid Trádála in Astúcháin:	**€'000**	**€'000**
Táillí Oibreoirí ETU a Fuarthas	28	33
Díol Liúntas Ús Bainc	0	0
a Fuarthas Táillí Eitlíochta	11	85
a Fuarthas Iomlán na	5	5
gCistí a Gineadh	44	123
Cistí Tugtha ar Aghaidh	2,987	4,251
Cistí a aisíocadh leis an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil	(2,987)	0
Cistí a fuarthas ón Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil	1,228	0
Costais Iomlána ETU na Bliana Reatha	(947)	(1,387)
Cistí ETU Tugtha ar Aghaidh	**325**	**2,987**

Sna blianta roimhe seo, rinne an GCC liúntais trádála in astúcháin a dhíol ar an margadh. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2013 ar aghaidh, beidh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil freagrach as a leithéid de liúntais a dhíol, nuair a chuirfear ar ceant iad ar leibhéal AE, agus íocfar an t-airgead ón díolachán go díreach chuig an Roinn. Ó 2013 ar aghaidh, aisíocfaidh an Roinn costais oibriúcháin chuig an GCC ón airgead a fhaightear ó liúntais a dhíol.

3 Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe - IPPC. Dramhaíl agus WWD	2013 €'000	2012 €'000
Táillí Ceadúnais réamhíoctha amhail an 1 Eanáiry	5,283	5,827
Táillí a Fuarthas	590	291
Táillí Ceadúnais réamhíoctha amhail an 31 Nollaig (féach Nóta 21 (a))	(4,326)	(5,283)
Méid curtha chun sochair don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais	**1,547**	**835**

Ceadúnú: Rialú Truaillithe Comhtháite (IPPC) agus Dramhaíl

Faoi Alt 83 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 tá an GCC freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar phróisis thionsclaíocha mhóra/chasta nó eile a bhféadfadh truailliú mór tarlú dá mbarr. Faoi Alt 40 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 tá an GCC freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha atá á bhfeidhmiú ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha..

Ceadúnú: Scaradh Dramhuisce (WWD)

Déantar foráil leis na Rialacháin um Scaradh Dramhuisce (Údarú) 2007 chun scaradh dramhuisce na n-údarás áitiúil a cheadúnú. Ní mór ceadúnas a fháil ón GCC i gcás scartha ó cheantair a fhreastalaíonn ar choibhéis áitritheora de breis is 500. Ní mór ceantair a fhreastalaíonn ar choibhéis áitritheora de níos lú ná 500 a bheith deimhnithe ag an GCC.

Is as táillí a ghearrtar maidir le próiseáil iarratas ar cheadúnais den sórt sin a fhaigheann an GCC a chuid ioncaim cheadúnaithe.

4 Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe - IPPC. Dramhaíl agus WWD	€'000	€'000
Muirir Fhorfheidhmithe ar gearradh sonrasc orthu	7,317	6,864
Ioncam Forfheidhmithe ó Ionchúisimh	169	68
Ioncam Iomlán ó Ghníomhaíochtaí Forfheidhmithe	**7,486**	**6,932**

Faoi Alt 96 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 tá an GCC freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar phróisis thionsclaíocha mhóra/chasta nó eile a bhféadfadh truailliú mór tarlú dá mbarr. Faoi Alt 15 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 tá an GCC freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha atá á bhfeidhmiú ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha.

Faoi na Rialacháin um Scaradh Dramhuisce (Údarú) 2007, tá an GCC freagrach as sceití dramhuisce a rialú. Is as táillí a ghearrtar maidir leis an obair mhonatóireachta seo a fhaigheann an GCC a ioncam forfheidhmithe.

5 Fáltais Ilghnéitheacha	€'000	€'000
Díol foilseachán	1	3
Ighnéitheach	52	24
	53	**27**

6 Tuarastail agus ÁSPC na Foirne	€'000	€'000
Tuarastail	17,509	17,867
ÁSPC Fostóirí	1,511	1,536
Costais Iomlána Tuarastal	**19,020**	**19,403**

Seo a leanas líon na bhfostaithe amhail an 31 Nollaig:

	Ceanncheathrú	137	138
Cigireachtaí Réigiúnacha:	Caisleán an Bharraigh	28	28
	Corcaigh	43	40
	Baile Átha Cliath	73	76
	Cill Chainnigh	19	19
	Muineachán	12	12
	Oifigí Réigiúnacha	4	5
		316	**318**

Pacáiste Luach Saothair an Ard-Stiúrthóra agus Táillí an Stiúrthóra

Fuair an tArd-Stiúrthóir tuarastal comhionann le €158,813 in 2013 (2012 - €164,464) agus tá sé i dteideal pinsean a fháil freisin ag teacht le gnáth-theidlíochtaí Scéim Aoisliúntais Foirne na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (Ard-Stiúrthóir agus Stiúrthóir), 1996. D'fhaomh an tAire an scéim seo, scéim atá i ndáil le gnáth-theidlíochtaí na scéimeanna sochar sainithe comhchosúla san Earnáil Phoiblí.

Is Stiúrthóirí feidhmiúcháin lánaimseartha iad Stiúrthóirí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Íoctar tuarastal uilechuimsitheach leo agus dá bharr sin ní íoctar aon táillí Stiúrthóirí leo.

Níl aon scéim íocaíochta bunaithe ar fheidhmíocht do phoist Ard-Stiúrthóir nó Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus mar sin ní dhearnadh aon íocaíochtaí bunaithe ar fheidhmíocht.

Asbhaintí a Bhaineann le Pinsean

In 2013 asbhaineadh €1.197M (2012 - €1.215M) d'asbhaintí a bhaineann le pinsean agus íocadh leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil iad..

7 Speansais Taistil	**2013 €'000**	**2012 €'000**
Taisteal agus Cothú	1,119	1,201
Speansais Mhótarfheithiclí	178	172
Aisíocaíochtaí Taistil	(13)	(19)
	1,284	**1,354**

Speansais Bhaill an Bhoird

Is Stiúrthóirí feidhmiúcháin lánaimseartha iad Stiúrthóirí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Tá siad lonnaithe ag an gceanncheathrú i Loch Garman.

Bíonn formhór de chruinnithe an Bhoird i Loch Garman agus ní bhíonn aon speansais i gceist leis sin. I gcás ina mbíonn cruinnithe an Bhoird ar siúl in áit éigin eile, ar chúiseanna gnó, aisíoctar speansais Taistil agus Chothaithe ag na rátaí is infheidhme don Státseirbhís.

B'ionann na speansais a íocadh le Stiúrthóirí as a bheith i láthair ag cruinnithe an Bhoird in 2013 agus €2,574, miondealaithe mar €1,564 míleáiste, €910 cothú agus €100 costais eile. Ba é an t-iomlán in 2012 ná €1,392 (€912 míleáiste, €389 cothú agus €91 speansais eile).

Staff Development & Training Costs

A sum of €102,418 (2012- €118,996) in respect of travelling expenses is included under staff development and training costs at Note 10.

8 Costais Saotharlainne agus Allamuigh	**€'000**	**€'000**
Speansais Saotharlainne agus Allamuigh	1,145	1,621
Deisiúcháin ar Threalamh agus Cothabháil	276	272
Éadaí Cosanta	11	13
	1,432	**1,906**

9 Costais Chóiríochta	**€'000**	**€'000**
Cíos agus Rátaí	260	257
Cumhacht, Solas agus Téamh, Glantóireacht	569	596
Deisiúcháin, Cothabháil, Slándáil	636	915
	1,465	**1,768**

10 Costais Riaracháin Eile	2013 €'000	2012 €'000
Teileafón agus Postas	289	304
Cló Foilseachán agus Soláthairtí Stáiseanóireachta	235	287
Árachas	150	156
Muirir Ríomhairí agus Próiseála Sonraí	3,666	3,476
Táillí Iniúchóireachta	15	16
Rialachas Corparáideach agus Costais Iniúchóireachta Inmheánaí	49	61
Táillí Dlí	983	652
Ceapachán Foirne agus costais ghaolmhara eile	49	38
Ús agus Muirir Bhainc	6	4
Leabhair, Tréimhseacháin, agus Leabharlann	43	51
Costais Forbartha agus Oiliúna Foirne	486	527
Fógraíocht	136	218
Cumarsáid	276	271
Ilghnéithigh	80	75
	6,463	**6,136**

11 Costais Sainchomhairliúcháin	€'000	€'000
Sainchomhairleoirí	53	206
	53	**206**

Seo a leanas gníomhaíochtaí an chláir oibre inar baineadh úsáid as na comhairleachtaí seo:	€'000	€'000
An Clár um Monatóireacht agus Measúnú ar Chaighdeán an Uisce (WFD)	0	6
Measúnú Comhshaoill	0	3
Forfheidhmiú i Leith Cúrsaí Comhshaoil	38	146
An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaí	0	7
Cumarsáid agus Seirbhísí Corparáideacha	14	44
Aeráid, Ceadúnú agus Úsáid Acmhainníe	1	0
	53	**206**

12 Conraitheoirí, Deontais agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha	€'000	€'000
Conraitheoirí	4,007	3,814
Deontais	2,973	1,226
Soláthraithe Seirbhísí Corparáideacha	1,180	2,588
	8,160	**7,628**

Seo a leanas na príomhréimsí oibre inar tabhaíodh costais faoin gceannteideal seo:	€	€
Cumarsáid agus Seirbhísí Corparáideacha	322	294
An Clár um Monatóireacht agus Measúnú ar Chaighdeán an Uisce (WFD)	1,691	1,853
Forfheidhmiú i Leith Cúrsaí Comhshaoil	2,626	1,794
An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl	2,996	3,208
Measúnú Comhshaoil	334	384
An tAonad Trádála in Astúcháin	46	70
Aeráid, Ceadúnú agus Úsáid Acmhainní	145	25
	8,160	**7,628**

In 2013, thug an GCC agus Comhairle Contae na Gaillimhe faoi bhainistíocht Líonadh Talún na Gaillimhe Thoir, láithreán a bhí á fheidhmiú roimhe sin ag Green Star Group. Áirítear sna figiúirí thuas maidir le Forfheidhmiú Comhshaoil deontais de €838K a íocadh le Comhairle Contae na Gaillimhe chun an ghníomhaíocht seo a mhaoiniú

13 Taighde Comhshaoil	**2013 €'000**	**2012 €'000**
Clár Taighde an EPA	8,901	9,630
Ioncam Taighde Cómhaoinithe	(107)	0
Íocaíochtaí maidir leis an gClár Taighde	**8,794**	**9,630**

Seoladh clár reatha an GCC maidir le taighde comhshaoil i 2007. Tá sé á mhaoiniú tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta (NDP) 2007 - 2013 agus Straitéis an Rialtais don Eolaíocht, don Teicneolaíocht agus don Nuálaíocht (SSTI). Tá sé d'aidhm ag an gclár taighde an taighde a mhaoiniú ina ndíreofar ar na príomhcheisteanna bainistíochta comhshaoil, a chosnóidh agus a fheabhsóidh an comhshaol nádúrtha faoi dheireadh.

In 2013 áiríonn an caiteachas de €8.794M ar Chlár Taighde an GCC Íocaíochtaí Deontais de €8.24M agus costais feidhmithe agus gníomhaíochta de €731,722.

Amhail an 31 Nollaig 2013 b'ionann gealltanais a rinneadh ach nár gearradh ar na ráitis airgeadais go fóill i dtaca le tionscadail Taighde agus €16.063M (2012 - €9.491M) agus an miondealú seo a leanas déanta:

	€'000	**€'000**
Gealltanais Deontais le híoc amhail an 1 Eanáir	19,491	22,277
Deontais a Ceadaíodh le linn na bliana	5,583	7,169
Deontais Dhídhílsithe le linn na bliana	(830)	(1,141)
Íocaíochtaí Deontais a rinneadh le linn na bliana	(8,181)	(8,814)
Gealltanais le híoc amhail an 31 Nollaig	**16,063**	**19,491**

Níl costais feidhmiúcháin an GCC maidir leis na Cláir thaighde san áireamh sna figiúirí seo.

14 Cuntas Caipitil		**€'000**	**€'000**
Amhail an 1 Eanáir 2013			35,366
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais			
Ioncam Leithdháilte chun críche Caipitil			
Seasta	- Breiseanna Sócmhainní	2,547	
	- Chun Breiseanna Amach Anseo a Mhaoiniú	127	
	- Iasachtaí a Aisíoc	296	
		2,970	
Lúide			
Diúscairtí		2,246	
Lúide dímheas roimhe sin ar dhiúscairtí		(2,178)	
		68	
Muirear dímheasa don bhliain		3,310	
Aistriú glan ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais			(408)
Amhail an 31 Nollaig 2013			**34,958**

Amhail an 31 Nollaig 2013, áirítear ar iarmhéid an Chuntais Chaipitil €243,688 (2012 - €346,773) i ndáil le sócmhainní seasta a réamhíoc (féach Nóta 19 - Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí).

15 Ús Faighte	2013 €'000	2012 €'000
Ús Iomlán ar Thaiscí Bainc a Fuarthas	63	170
Lúide Ús ar Thaiscí Saothraithe ar Chistí ETU san áireamh i gCistí Iomlána Ginte an ETU ag Nóta 2(b) thuas	(11)	(85)
Ús Bainc ar Thaiscí Saothraithe ar Chistí an EPA	**52**	**85**

16 Ús Iníoctha agus Muirir Chomhchosúla	€'000	€'000
asachtaí Bainc iníoctha le Tráthchodanna - Morgáiste ar fhoirgneamh na Ceanncheathrún	**39**	**47**

17 Cánachas

Tá an GCC díolmhaithe go sonrach faoi fhorálacha Alt 32, agus Sceideal 2, den Acht Airgeadais, 1994. Dá réir sin, níl aon mhuirir chánachais curtha san áireamh sna cuntais.

18 Sócmhainní Seasta	Iomlán	Foirgnimh	Troscán & Feistis	Trealamh TF & CF	Saoth & Allamuigh	Mótar-Fheithiclí
Costas	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Amhail an 1 Eanáir 2013	58,344	37,984	3,109	7,486	8,670	1,095
Aistriú	230	226	4	0	0	0
Breiseanna	2,547	330	120	1,787	133	177
Diúscairtí	(2,246)	0	(223)	(881)	(982)	(160)
Amhail an 31 Nollaig 2013	**58,875**	**38,540**	**3,010**	**8,392**	**7,821**	**1,112**
Dímheas						
Amhail an 1 Eanáir 2013	21,770	6,861	2,444	4,450	7,094	921
Muirear don Bhliain	3,310	772	200	1,582	626	130
Ar Dhiúscairtí	(2,178)	0	(213)	(879)	(925)	(161)
Amhail an 31 Nollaig 2013	**22,902**	**7,633**	**2,431**	**5,153**	**6,795**	**890**
Glanluach de Réir na Leabhar						
Amhail an 31 Nollaig 2013	**35,973**	**30,907**	**579**	**3,239**	**1,026**	**222**
At 31 Nollaig2012	**36,574**	**31,123**	**665**	**3,036**	**1,576**	**174**

Tógadh ceanncheathrú don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) san áit a bhfuil Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman, ar shuíomh a bhfuil a theideal dílsithe i dTeagasc. In 2013, tugadh chun críche ag an GCC léas fadtéarmach an láithreáin seo ó Teagasc.

Thóg Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) foirgneamh na ceanncheathrún agus mhaoinigh sí an tógáil le hiasacht tráchtála. Maoiníonn an GCC na haisíocaíochtaí bliantúla a dhéanann an OPW. Cuirtear an ghné úis de na haisíocaíochtaí a chlúdaíonn an GCC san áireamh don bhliain ina dtagann sí chun cinn.

Tá an tsócmhainn agus na socruithe maoinithe lena mbaineann taifeadta i leabhair an GCC le substaint na n-idirbheart bunúsach a léiriú.

De réir socraithe le Comhairle Contae Chorcaí, roinn an GCC foirgneamh ag Inis Cara, Contae Chorcaí ar feadh roinnt blianta, agus ghlac an GCC seilbh ar an bhfoirgneamh iomlán i 2008 trí chomhaontú. Aistríodh an t-áitreabh go dlíthiúil ó Chomhairle Contae Chorcaí go dtí an GCC.

Tógadh foirgneamh do chigireacht réigiúnach an GCC ag Lóiste Sevilla, Cill Chainnigh ag Oifig na nOibreacha Poiblí, ar láithreán a fuarthas don GCC. Tá aistriú dlíthiúil an láithreáin chuig an GCC á phróiseáil ag OPW trí Oifig Aturnaetha an Stáit.

In 2013 rinne an GCC €1.285M (2012 - €1.465M) a chaipitliú i leith an chostais sheachtraigh a bhain le bogearraí a fhorbairt chun úsáide inmheánaí. Tá sé seo ag teacht lenár mBeartas nua Cuntasaíochta maidir le *Caipitliú Bogearraí a Forbraíodh go hInmheánach*.

19 Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	2013 €'000	2012 €'000
Féichiúnaithe	497	977
Réamhíocaíochtaí i leith Sócmhainní Seasta	244	347
	741	**1,324**

Réamhíocaíochtaí i leith Sócmhainní Seasta::

Amhail an 31 Nollaig 2013 bhí réamhíocaíochtaí dar luach €243,686 (2012 -€346,773) ar an iomlán déanta mar atá leagtha amach anseo thíos. Tá na réamhíocaíochtaí seo curtha san áireamh sna suimeanna a aistríodh ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais chuig an gCuntas Caipitil.

Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW)

Ag deireadh 2012 bhí réamhíocaíochtaí €21,130 i seilbh ag an OPW i leith mionoibreacha caipitiúla agus troscáin. In 2013, íocadh €4,170 den tsuim seo le líon beag soláthraithe le haghaidh troscáin agus aistríodh an tsuim seo chuig Sócmhainní Seasta.

An 31 Nollaig 2013, rinneadh réamhíocaíocht €40,000 leis an OPW le haghaidh troscáin..

Réamhíocaíochtaí i leith Sócmhainní Seasta eile

In 2013, d'íoc an GCC €86,727 leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil mar ranníocaíocht do chostais cheadúnaithe & fhorfheidhmithe an Phríomhchóras AD um Párolla & Aoisliúntas. Íocadh an tsuim seo de bhreis ar €100,000 a íocadh in 2012. Nuair a bheidh an córas suiteáilte, aistreofar na híocaíochtaí seo chuig Sócmhainní Seasta.

Tagann an t-airgead go léir ó fhéichiúnaithe chun bheith dlite laistigh de bhliain amháin.

20 Airgead ar Láimh agus sa Bhanc.	€'000	€'000
Airgead Tirim agus Iarmhéideanna Bainc	**10,712**	**10,590**

Is ionann an t-ioncam ó Cheadúnú Réamhíoctha (féach Nóta 3) agus €4.326M (2012- €5.283M) de na hiarmhéideanna sa Bhanc ag dáta an Chláir Chomhardaithe.

21 Creidiúnaithe agus Fabhruithe	€'000	€'000
(a) Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin:		
Táillí Ceadúnais (féach Nóta 3)	4,326	5,283
Fáltais Cheant an ETU (féach Nóta 2 (b))	325	2,987
Trádáil agus Speansais Eile	4,819	2,996
Tráthchodanna dlite ar cheannach Sócmhainní Seasta	326	335
	9,796	**11,601**
Tá na suimeanna seo a leanas atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh i dTrádáil agus Speansais Eile thuas		
Cáin Shiarchoinneálach i leith Seirbhísí Gairmiúla	404	328
ÍMAT/ÁSPC/MSU	530	536
CBL	122	181
Cáin Chonarthaí Iomchuí	0	29
	1,056	**1,074**
(b) Méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin:		
Tráthchodanna dlite ar cheannach Sócmhainní Seasta	**934**	**1,221**

22 Costais Phinsin

(a) Anailís ar iomlán na gcostas pinsin gearrtha ar Chaiteachas	2013 €'000	2012 €'000
Costas Seirbhíse Reatha	4,636	3,443
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin	4,729	5,313
Ranníocaíochtaí Fostaithe Faighte	(901)	(938)
	8,464	**7,818**

(b) Gluaiseacht i nGlandliteanas Pinsin le linn na bliana airgeadais	€'000	€'000
Glandliteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir	122,848	104,309
Costas Seirbhíse Reatha	4,636	3,443
Costais Úis	4,729	5,313
(Gnóthachan)/Caillteanas Achtúireach	(6,487)	12,983
Pinsin a íocadh sa bhliain	(2,529)	(3,200)
Glandliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig	**123,197**	**122,848**

(c) Cistiú Iarchurtha do Phinsin

Aithníonn an GCC gur sócmhainní a fhreagraíonn do dhliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean atá sna suimeanna sin ar bhonn na mbonn tuisceana a ndéantar cur síos orthu thíos agus roinnt imeachtaí san am atá thart. Ar na himeachtaí seo tá an bonn reachtúil um bunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le maoiniú pinsean na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Níl aon fhianaise ag an GCC nach leanfaidh leis an mbeartas maoinithe sin suimeanna den chineál sin a chlúdach i gcomhréir le cleachtas reatha.

Ba é seo a leanas an Glanmhaoiniú Iarchurtha i gcomhair Pinsean a aithníodh sna Cuntais Ioncaim agus Caiteachais:

	€'000	€'000
Maoiniú In-aisghabhála maidir le costais phinsin na bliana reatha	9,365	8,756
Deontas Stáit ar baineadh leas astu chun pinsinéirí a íoc	(2,529)	(3,200)
	6,836	**5,556**

Ba í an tsócmhainn maoinithe iarchurtha i gcomhair pinsean amhail an 31 Nollaig 2013 ná €123.197M (2012 - €122.848M).

(d) Stair na n-oibleagáidí sochar sainithe	2013	2012	2011	2010	2009
	€ M	€ M	€ M	€ M	€ M
Oibleagáidí sochar sainithe	123	123	104	95	91
Gnóthacháin I (Caillteanais) ó Thaithí ar Dhliteanais:					
Scéime: Méid (€ '000)	6.5	-0.1	-1	10	6
Céatadán na nDliteanas Scéime	5.3%	-0.1%	-1.4%	11.0%	6.9%

Is é €12.159M san iomlán an caillteanas achtúireach a aithnítear sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas.

(e) Cur Síos Ginearálta ar na Scéimeanna

Is socruithe pinsin bunaithe ar an tuarastal deiridh iad na scéimeanna sochar sainithe le sochair agus ranníocaíochtaí arna sainiú trí thagairt do "samhail" rialacháin scéime na hearnála poiblí i láthair na huaire. Soláthraíonn na scéimeanna pinsean do bhaill foirne (1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce chnapshuime (3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Is é an Gnáthaois Scoir nuair a shroicheann an ball cúig bliana seasca d'aois, agus tá teidlíocht ag baill roimh 2004 dul ar scor ó aois 60 bliain gan laghdú achtúireach ar bith. Soláthraíonn na scéimeanna pinsean do bhaill an Bhoird (1/48 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce chnapshuime (1/32 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí.

Tá baill an Bhoird i dteideal dul ar scor nuair a thagann deireadh lena gconradh. De ghnáth méadaíonn pinsin de réir bhoilsciú tuarastail, ar bhonn lánroghnach, pinsin atá á n-íoc agus iad siúd atá curtha siar araon.

Tá an luacháil a úsáidtear do FRS 17 (Athbhreithnithe) bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire cáilithe neamhspleách an 26 Márta 2014 ag glacadh ceanglas an FRS san áireamh d'fhonn dliteanais na scéime a mheas an 31 Nollaig 2013.

Seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha:	**2013**	**2012**
Ráta méadaithe tuarastal	3.00%	3.00%
Ráta méadaithe maidir le híocaíocht pinsean	2.50%	2.50%
Ráta lascaine	3.75%	3.75%
Ráta boilscithe	2.00%	2.00%

Tugann an bunús mortlaíochta atá glactha cead go sainráite feabhsúcháin a dhéanamh in ionchas saoil thar am, ionas go mbeidh ionchas saoil nuair a théann duine ar scor ag brath ar an mbliain ina slánaíonn an ball aois scoir (65 bliain d'aois). Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil a bheidh ag baill a bhainfidh 65 bliain d'aois amach in 2013 agus 2033.

An bhliain ina slánóidh an duine 65 bliain d'aois	**2013**	**2033**
Ionchas saoil - fir	87.5	90.0
Ionchas saoil - mná	88.9	91.0

23 Práinnfhreagairt Bhaile Chairdif

I rith 2011, bhí an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun tosaigh i gcomhordú na práinnfhreagartha maidir leis an tine a tharla i láithreán líonadh talún faoi thalamh ag Baile Chairdif, an Nás agus ghlac sí ceannas ar bhainistíocht an láithreáin ina dhiaidh sin. Bhain costas de €1,301,885 (2012 - €2,181,884) san iomlán leis an obair seo in 2013 agus tá an costas seo le brath faoi na ceannteidil chostais seo a leanas sna ráitis airgeadais seo:

	2013	**2012**
	€'000	**€'000**
Nóta 8 Costais Saotharlainne agus Allamuigh - Oibríochtaí Láithreáin, Diúscairt Dramhaíola, srl.	392	912
Nóta 9 Costais Chóiríochta - Costais Slándála an láithreáin den chuid is mó.	400	598
Nóta 10 Costais Riaracháin eile - Cumarsáid, Sláinte agus Sábháilteacht agus Costais Árachais den chuid is mó.	58	134
Nóta 12 Costais Chonraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha - Pearsanra d'obair oibriúcháin láithreáin srl. den chuid is mó.	436	502
Nóta 18 Caiteachas Caipitil - Trealamh bainistithe soghluaiste um ghás líonadh talún agus oifigí láithreáin den chuid is mó.	3	17
Nóta 7 Speansais Taistil - Costais Taistil agus Chothaithe fhoireann an GCC.	13	19
Costais Iomlána a Tabhaíodh	**1,302**	**2,182**

Tá bainistíocht á déanamh go fóill ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar láithreán Bhaile Chairdif i 2014. Tá an GCC ag tabhairt faoi imeachtaí dlí maidir leis seo agus tá sí ag iarraidh na costais feabhsúcháin a aisghabháil.

24 Leasanna Bhaill an Bhoird

Tá modhanna oibre maidir le teacht ar chinneadh glactha ag an GCC de réir an Achta fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, agus de réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus na rialacháin a ritheadh faoi. Lean an GCC na nósanna imeachta sin i gcaitheamh na bliana.

25 Imeacht Iar-Chláir Chomhardaithe - Cumasc

Achtaíodh an tAcht um Chosaint Raideolaíoch (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014 i mí Lúnasa 2014. Déantar foráil san acht don Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch a scaoileadh agus d'fheidhmeanna, sócmhainní, dliteanais agus baill foirne na hinstitiúide a aistriú chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Léireofar tionchair an aistrithe i gcuntais na Gníomhaireachta don bhliain 2014.

26 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord Stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais an 29ú Meán Fómhair 2014.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Is í an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) comhlachta reachtúil a chosnaíonn an comhshaol do mhuintir na tíre go léir. Rialaímid agus déanaimid maoirsiú ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh truailliú a chruthú murach sin. Cinntímid go bhfuil eolas cruinn ann ar threochtaí comhshaoil ionas go nglactar aon chéim is gá. Is iad na príomh-nithe a bhfuilimid gníomhach leo ná comhshaol na hÉireann a chosaint agus cinntiú go bhfuil forbairt inbhuanaithe. Is comhlacht poiblí neamhspleách í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) a bunaíodh i mí Iúil 1993 faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992. Ó thaobh an Rialtais, is í an Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil.

ÁR bhFREAGRACHTAÍ

CEADÚNÚ

- Bíonn ceadúnais á n-eisiúint againn i gcomhair na nithe seo a leanas chun a chinntiú nach mbíonn astuithe uathu ag cur sláinte an phobail ná an comhshaol i mbaol:
- áiseanna dramhaíola (m.sh., líonadh talún, loisceoirí, stáisiúin aistrithe dramhaíola);
- gníomhaíochtaí tionsclaíocha ar scála mór (m.sh., déantúsaíocht cógaisíochta, déantúsaíocht stroighne, stáisiúin chumhachta);
- diantalmhaíocht;
- úsáid faoi shrian agus scaoileadh smachtaithe Orgánach Géinathraithe (GMO);
- mór-áiseanna stórais peitreail;
- scardadh dramhuisce;
- dumpáil mara.

FEIDHMIÚ COMHSHAOIL NÁISIÚNTA

Stiúradh os cionn 2,000 iniúchadh agus cigireacht de áiseanna a fuair ceadúnas ón nGníomhaireacht gach bliain.

- Maoirsiú freagrachtaí cosanta comhshaoil údarás áitiúla thar sé earnáil aer, fuaim, dramhaíl, dramhuisce agus caighdeán uisce.
- Obair le húdaráis áitiúla agus leis na Gardaí chun stop a chur le gníomhaíocht mhídhleathach dramhaíola trí comhordú a dhéanamh ar líonra forfheidhmithe náisiúnta, díriú isteach ar chiontóirí, stiúradh fiosrúcháin agus maoirsiú leigheas na bhfadhbanna.
- An dlí a chur orthu siúd a bhriseann dlí comhshaoil agus a dhéanann dochar don chomhshaol mar thoradh ar a ngníomhaíochtaí.

MONATÓIREACHT, ANAILÍS AGUS TUAIRISCIÚ AR AN GCOMHSHAOL

- Monatóireacht ar chaighdeán aeir agus caighdeáin aibhneacha, locha, uiscí taoide agus uiscí talaimh; leibhéil agus sruth aibhneacha a thomhas.
- Tuairisciú neamhspleách chun cabhrú le rialtais náisiúnta agus áitiúla cinntí a dhéanamh.

RIALÚ ASTUITHE GÁIS CEAPTHA TEASA NA HÉIREANN

- Cainníochtú astuithe gáis ceaptha teasa na hÉireann i gcomhthéacs ár dtiomantas Kyoto.
- Cur i bhfeidhm na Treorach um Thrádáil Astuithe, a bhfuil baint aige le hos cionn 100 cuideachta atá ina mór-ghineadóirí dé-ocsaíd charbóin in Éirinn.

TAIGHDE AGUS FORBAIRT COMHSHAOIL

- Taighde ar shaincheisteanna comhshaoil a chomhordú (cosúil le caighdéan aeir agus uisce, athrú aeráide, bithéagsúlacht, teicneolaíochtaí comhshaoil).

MEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL

- Ag déanamh measúnú ar thionchar phleananna agus chláracha ar chomhshaol na hÉireann (cosúil le pleananna bainistíochta dramhaíola agus forbartha).

PLEANÁIL, OIDEACHAS AGUS TREOIR CHOMHSHAOIL

- Treoir a thabhairt don phobal agus do thionscal ar cheisteanna comhshaoil éagsúla (m.sh., iarratais ar cheadúnais, seachaint dramhaíola agus rialacháin chomhshaoil).
- Eolas níos fearr ar an gcomhshaol a scaipeadh (trí cláracha teilifíse comhshaoil agus pacáistí acmhainne do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna).

BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA FHORGHNÍOMHACH

- Cur chun cinn seachaint agus laghdú dramhaíola trí chomhordú An Chláir Náisiúnta um Chosc Dramhaíola, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na dTionscnamh Freagrachta Táirgeoirí.
- Cur i bhfeidhm Rialachán ar nós na treoracha maidir le Trealamh Leictreach agus Leictreonach Caite agus le Srianadh Substaintí Guaiseacha agus substaintí a dhéanann ídiú ar an gcrios ózóin.
- Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dramhaíl Ghuaiseach a fhorbairt chun dramhaíl ghuaiseach a sheachaint agus a bhainistiú.

STRUCHTÚR NA GNÍOMHAIREACHTA

Bunaíodh an Ghníomhaireacht i 1993 chun comhshaol na hÉireann a chosaint. Tá an eagraíocht á bhainistiú ag Bord lánaimseartha, ar a bhfuil Príomhstiúrthóir agus ceithre Stiúrthóir. Tá obair na Gníomhaireachta ar siúl trí ceithre Oifig:

- An Oifig Aeráide, Ceadúnaithe agus Úsáide Acmhainní
- An Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil
- An Oifig um Measúnacht Comhshaoil
- An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáide

Tá Coiste Comhairleach ag an nGníomhaireacht le cabhrú léi. Tá dáréag ball air agus tagann siad le chéile cúpla uair in aghaidh na bliana le plé a dhéanamh ar cheisteanna ar ábhar imní iad agus le comhairle a thabhairt don Bhord.

Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Headquarters
PO Box 3000,
Johnstown Castle Estate
County Wexford, Ireland

T: +353 53 916 0600
F: +353 53 916 0699
E: info@epa.ie
W: www.epa.ie
LoCall: 1890 33 55 99

Regional Inspectorate
McCumiskey House,
Richview, Clonskeagh Road,
Dublin 14, Ireland

T: +353 1 268 0100
F: +353 1 268 0199

Regional Inspectorate
Inniscarra, County Cork,
Ireland

T: +353 21 487 5540
F: +353 21 487 5545

Regional Inspectorate
Seville Lodge, Callan Road,
Kilkenny, Ireland

T +353 56 779 6700
F +353 56 779 6798

Regional Inspectorate
John Moore Road, Castlebar
County Mayo, Ireland

T +353 94 904 8400
F +353 94 902 1934

Regional Inspectorate
The Glen, Monaghan, Ireland

T +353 47 77600
F +353 47 84987

Regional Offices
The Civic Centre
Church St., Athlone
Co. Westmeath, Ireland
T +353 906 475722

Room 3, Raheen Conference Centre,
Pearse House, Pearse Road
Raheen Business Park, Limerick,
Ireland
T +353 61 224764

Printed on environmentally friendly paper stock